Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13674/22**
**ADD 1**

**AVIATION 252**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 529 final - IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE An Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 529 final - IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: COM(2022) 529 final - IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.10.2022
COM(2022) 529 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

***a ghabhann leis an***

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**An Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta**

# Clár Ábhar

1. BEARTAIS SÁBHÁILTEACHTA, CUSPÓIRÍ AGUS ACMHAINNÍ EORPACHA ........ 6
1.1. Córas Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa ........ 6
1.2. Córas Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa agus ICAO ........ 7
1.3. Creat reachtach an Aontais maidir leis an tsábháilteacht eitlíochta agus cosaint an chomhshaoil ........ 8
1.3.1. Struchtúr chreat reachtach an Aontais maidir leis an tsábháilteacht ........ 8
1.3.2. Rialachán (AE) 2018/1139 agus na rialacha a ghabhann leis ........ 14
1.3.3. Timpistí agus teagmhais eitlíochta sibhialta a imscrúdú ........ 23
1.3.4. Tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, an anailís a dhéantar orthu agus na bearta leantacha a dhéantar ina leith ........ 23
1.3.5. Liosta an Aontais Eorpaigh d'aeriompróirí atá faoi réir cosc ar a n-oibriú laistigh den Aontas Eorpach ........ 24
1.4. Freagrachtaí agus cuntasachtaí sábháilteachta san Aontas Eorpach ........ 25
1.4.1. Próiseas cinnteoireachta san Aontas Eorpach ........ 25
1.4.2. Inniúlachtaí agus freagrachtaí maidir leis an tsábháilteacht eitlíochta laistigh de chóras sábháilteachta na hEorpa ........ 26
1.5. Imscrúdú timpistí agus teagmhas ........ 35
1.5.1. Na rialacha is infheidhme ........ 35
1.5.2. Moltaí sábháilteachta ........ 36
1.5.3. Comhar le heintitis eile ........ 36
1.6. Forfheidhmiú ........ 37
1.6.1. Cur i bhfeidhm ag na Ballstáit ........ 37
1.6.2. Cur i bhfeidhm ag eagraíochtaí tionscail rialáilte ........ 38
2. BAINISTÍOCHT RIOSCA SÁBHÁILTEACHTA EORPACH ........ 40
2.1. Bailiú, Anailís agus Malartú Sonraí Sábháilteachta ........ 42
2.2. Bainistíocht Riosca Sábháilteachta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh: an próiseas chun an Plean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta ........ 43
2.2.1 An Plean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta: an éirim idirnáisiúnta ........ 47
2.3. Faireachán ar fheidhmíocht sábháilteachta ........ 49
2.3.1 Comhaontú maidir le feidhmíocht sábháilteachta eagraíochtaí ........ 49
2.3.2 Feidhmíocht sábháilteachta na mBallstát ........ 50
2.3.3 Athbhreithniú Bliantúil EASA ar an tSábháilteacht ........ 50
2.4. Ceanglais Bainistíochta Sábháilteachta le haghaidh Údarás agus Eagraíochtaí ........ 51
3. ÁIRITHIÚ NA SÁBHÁILTEACHTA EORPAÍ ........ 52
3.1 Maoirseacht Aershábháilteachta ........ 52

3.1.1 Faireachán ar chur i bhfeidhm na rialacha sna Ballstáit .......................................... 53
3.1.2 Maoirseacht ar eagraíochtaí deimhnithe ................................................................ 53
3.2 Maoirseacht bunaithe ar shonraí sábháilteachta a dhíriú ar réimsí a bhfuil imní nó gá níos mó ag baint leo .......................................................................................... 53
3.2.1 Maoirseacht bunaithe ar shonraí sábháilteachta a dhíriú ar na Ballstáit ................... 53
3.2.2 Maoirseacht bunaithe ar shonraí sábháilteachta a dhíriú ar an tionscal ..................... 54
4. CUR CHUN CINN NA SÁBHÁILTEACHTA EORPAÍ ....................................... 56
4.1 Gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh .................................................... 57
4.1.1 Cumarsáid maidir leis an tsábháilteacht................................................................. 57
4.2 Oiliúint ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.................................................................. 58
Liosta Acrainmneacha ................................................................................................... 60

Table 1. Reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir leis an tsábháilteacht eitlíochta agus cosaint an chomhshaoil…………………..……………………………………………………9

Tábla 2. Údaráis Inniúla faoi rialacha an Aontais…………………………………………......25

Fíor 1. Idirghaolmhaireachtaí idir na páirtithe leasmhara i gcóras sábháilteachta na hEorpa….30

Fíor 2. An próiseas SRM Eorpach……………………………………………..………………..45

Fíor 3. Caidreamh idir EASP, EASp agus cláir agus pleananna eile………………….……48

## RÉAMHRÁ

Tugtar tuairisc sa doiciméad seo ar an gClár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta trí thuairisc a thabhairt ar an tsraith rialacha eitlíochta is infheidhme ar leibhéal an Aontais, in éineacht leis na gníomhaíochtaí agus na próisis a úsáidtear chun sábháilteacht na heitlíochta sibhialta a bhainistiú i gcomhpháirt ar leibhéal an Aontais.

Ar leibhéal an Aontais, comhfhreagraíonn an Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta don Chlár Sábháilteachta Stáit a bhfuil tuairisc air in Iarscríbhinn 19 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Le Rialachán (AE) 2018/1139, tugadh isteach Caibidil shainordaitheach nua ar Bhainistíocht na Sábháilteachta Eitlíochta i gcreat dlíthiúil an Aontais maidir le heitlíocht. Leagtar amach ann, i measc gnéithe eile, go ndéanfaidh an Coimisiún doiciméad (an 'Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta') a ghlacadh, a fhoilsiú, agus a thabhairt cothrom le dáta, doiciméad ina dtabharfar tuairisc ar fheidhmiú chóras sábháilteachta eitlíochta na hEorpa, ina mbeidh na rialacha, na gníomhaíochtaí agus na próisis a úsáidtear chun sábháilteacht na heitlíochta sibhialta a bhainistiú san Aontas i gcomhréir lena chreat dlíthiúil.

Mínítear sa Chlár conas a bhainistítear an tsábháilteacht eitlíochta ó pheirspictíocht Eorpach. Ó tharla gur ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a dhéantar cuid mhór rialacha agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tsábháilteacht eitlíochta a ghlacadh agus a chomhordú inniu, ba cheart do na Ballstáit tagairt a dhéanamh don Chlár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta ina gCláir Sábháilteachta Stáit féin. Is é sin an fáth a mbeidh sa Chlár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta ar a laghad na gnéithe a bhaineann le freagrachtaí an Stáit i dtaca le bainistíocht sábháilteachta a dtugtar tuairisc orthu sna caighdeáin idirnáisiúnta agus sna cleachtais mholta. Go deimhin, rith an tAontas reachtaíocht in go leor réimsí den tsábháilteacht eitlíochta, agus ní féidir leis na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a mbíonn an tsábháilteacht á bainistiú ina Stát féin gan tagairt do ghné an Aontais. Thairis sin, i bhformhór na réimsí a chumhdaítear le Coinbhinsiún Chicago, d'aistrigh Stáit a n-inniúlacht chuig an Aontas. Mínítear freisin sa Chlár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta conas a thugann an tAontas aghaidh ar na hoibleagáidí idirnáisiúnta a eascraíonn as an tarmligean freagrachtaí sin.

Tá an Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta ailínithe le formáid agus le struchtúr na tuairisce ar Chlár Sábháilteachta Stáit mar a shonraítear in Iarscríbhinn 19 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

Tugtar tuairisc freisin sa Chlár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta ar an bpróiseas lena ndéanfar an Plean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta a fhorbairt, a ghlacadh, a thabhairt cothrom le dáta agus a chur chun feidhme.

Is é is aidhm don Chlár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta a áirithiú go soláthraítear leis an gcóras le haghaidh bhainistíocht na sábháilteachta eitlíochta san Aontas Eorpach an leibhéal is airde feidhmíochta sábháilteachta, go haonfhoirmeach ar fud an Aontais ina iomláine, agus go leantar d'fheabhsú le himeacht ama, agus cuspóirí ábhartha eile amhail cosaint an chomhshaoil á gcur san áireamh.

Ach tuairisc a thabhairt ar na próisis a úsáidtear chun an tsábháilteacht a bhainistiú i gcomhpháirt ar an leibhéal Eorpach agus, go háirithe, ar an gcomhar idir an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún' anseo thíos), na Ballstáit agus Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh chun guaiseacha a shainaithint agus bearta a dhéanamh de réir mar is iomchuí chun rioscaí sábháilteachta a mhaolú, rannchuidíonn an Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta le baint amach cuspóirí sábháilteachta ardleibhéil ar fud an Aontais Eorpaigh a shainítear ar leibhéal an Aontais. Áirithítear leis dá bhrí sin go bhfuil na páirtithe uile lena mbaineann feasach ar a bhfreagrachtaí agus go bhfuil gach riail agus próiseas i

bhfeidhm chun an tsábháilteacht eitlíochta a fheabhsú agus chun rannchuidiú ar an gcaoi sin le cosc a chur ar thionóiscí sa réigiún Eorpach agus níos faide i gcéin.

## TÉARMAÍOCHT

Sa doiciméad seo:

- i gcás ina dtagraítear do 'na Ballstáit', ciallóidh sé sin na 27 mBallstát den Aontas Eorpach;
- i gcás ina dtagraítear do 'Ballstáit EASA', ciallóidh sé sin na 27 mBallstát den Aontas Eorpach, mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis;
- i gcás ina dtagraítear do 'Stáit ICAO EUR', ciallóidh sé sin na 55 Stát de Réigiún EUROPE ICAO, lena gcuimsítear Ballstáit uile an Aontais Eorpaigh;
- ciallóidh aon tagairt do 'Bunrialachán' Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa[1]; agus
- ciallóidh aon tagairt do 'Líonra na nAnailísithe' nó 'NoAnna' Líonra na nAnailísithe Sábháilteachta Eitlíochta dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith[2].

---

1 Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE); IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

2 Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún (Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE); IO L 122, 24.4.2014, lch. 18.

# 1. BEARTAIS SÁBHÁILTEACHTA, CUSPÓIRÍ AGUS ACMHAINNÍ EORPACHA

## 1.1. Córas Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa

Tá i gCóras Sábháilteachta na hEorpa rialacha agus próisis a úsáidtear chun sábháilteacht na heitlíochta sibhialta a bhainistiú san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1139. Áirithítear leis na rialacha agus na próisis sin ardleibhéal sábháilteachta san eitlíocht shibhialta, déantar gnéithe sábháilteachta a chomhchuibhiú agus éascaítear saorghluaiseacht táirgí, seirbhísí, daoine agus caipitil a bhaineann leis an eitlíocht shibhialta.

An tráth céanna:

- cuireann an córas le hiomaíochas thionscal eitlíochta an Aontais,
- déanann an córas an chostéifeachtúlacht a chur chun cinn, *inter alia* tríd an dúbailt a sheachaint agus tríd an éifeachtacht a chur chun cinn sna próisis rialála, deimhniúcháin agus mhaoirseachta agus leas éifeachtúil a bhaint as acmhainní gaolmhara ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta,
- tugann an córas cúnamh do na Ballstáit i bhfeidhmiú a gceart agus i gcomhlíonadh a n-oibleagáidí faoi Choinbhinsiún Chicago, trí léiriú comhchoiteann agus trí chur chun feidhme aonfhoirmeach tráthúil a fhorálacha a áirithiú,
- déanann an córas dearcthaí an Aontais i dtaca le caighdeáin na heitlíochta sibhialta agus rialacha na heitlíochta sibhialta a chur chun cinn ar fud an domhain trí chomhar iomchuí a bhunú le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, agus
- déanann an córas idir- inoibritheacht theicniúil agus oibríochtúil, agus comhroinnt na gcleachtas riaracháin is fearr a chur chun cinn.

Bunaítear an córas bainistíochta sábháilteachta eitlíochta ar dhlúthchomhar idir an Coimisiún, Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ('EASA' nó 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta), agus na Ballstáit, chomh maith leis an tionscal eitlíochta.

An leibhéal ard aonfhoirmeach cosanta ar shaoránaigh Eorpacha agus ar phaisinéirí, braitheann sé den chuid is mó ar ghlacadh rialacha comhchoiteanna sábháilteachta, ar bhearta lena n-áirítear go gcomhlíonann táirgí, daoine agus eagraíochtaí[3] laistigh den Aontas Eorpach na rialacha sin, chomh maith le próisis éifeachtúla maidir le Bainistíocht Riosca Sábháilteachta ar leibhéal réigiúnach, Stáit agus tionscail. In Airteagal 85 de Rialachán (AE) 2018/1139 déantar foráil maidir le córas forfheidhmiúcháin faoina dtugann an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanfaidh na Ballstáit an Rialachán seo agus a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a chur i bhfeidhm.

Comhlánaítear an córas seo le himscrúduithe iontaofa ar thimpistí agus ar theagmhais lenar féidir bearnaí sábháilteachta a shainaithint agus beart a dhéanamh chun na bearnaí a laghdú. Áirítear freisin leis an gClár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta úsáid gnéithe níos réamhghníomhaí agus níos bunaithe ar fhianaise a bhfuil sé d'aidhm acu na rioscaí is mó bagairt don tsábháilteacht a shainaithint agus bearta a dhéanamh chun na rioscaí sin a mhaolú. Go háirithe, tairbhíonn an córas de rioscaí arna sainaithint agus arna measúnú bunaithe ar shonraí arna ndéanamh ag an gclár Data4Safety (mórshonraí) a dtacaíonn an Coimisiún leis

3 Chun críocha an doiciméid seo, tuigtear le heagraíochtaí eagraíocht tionscail a sholáthraíonn táirgí nó seirbhísí eitlíochta.

agus a ndéanann EASA comhordú air, le rannpháirtíocht comhpháirtithe ábhartha ón bpobal eitlíochta Eorpach.

## 1.2. Córas Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa agus ICAO

Déantar Córas Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa a chomhordú go dlúth le forbairt agus cur chun feidhme Chaighdeáin agus Chleachtais Mholta (SARPanna) na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).

Leanann an Coimisiún agus EASA a bpróiseas forbartha agus déanann siad gníomhaíochtaí déanta rialacha a sceidealú a luaithe is féidir a dheimhniú gur gá athrú a dhéanamh ar an gcreat rialála Eorpach. Áirítear leis sin an measúnú ar thograí maidir le Leasú ar Iarscríbhinní ICAO (Litir Stáit ICAO, cineál I) chomh maith le sainaithint difríochtaí idir creat rialála an Aontais agus Iarscríbhinní ICAO (Litir Stáit ICAO, cineál II agus Seicliostaí Comhlíontachta). Sa mheasúnú ar dhifríochtaí, tacaíonn EASA agus an Coimisiún leis na Ballstáit ar gá dóibh fógra a thabhairt do ICAO maidir le difríochtaí. Tar éis mheasúnú EASA, molann an Coimisiún cinneadh do Chomhairle an Aontais Eorpaigh faoi fhógra a thabhairt maidir le difríochtaí.

Ina theannta sin, oibríonn an Coimisiún agus EASA i gcomhpháirtíocht le hOifig Réigiúnach ICAO le haghaidh réigiún na hEorpa/an Atlantaigh Thuaidh (EUR/NAT) chun cur chuige réigiúnach a chur chun cinn maidir leis an tsábháilteacht eitlíochta a bhainistiú, bainistíocht riosca comhoibríoch a spreagadh, agus sineirgí a chruthú laistigh de na tionscnaimh feabhsaithe sábháilteachta éagsúla san Aontas. Tá Plean Sábháilteachta Eitlíochta Réigiún na hEorpa (EUR RASP) ríthábhachtach sa chomhthéacs sin: tá Oifig Réigiúnach ICAO, an Coimisiún agus EASA ag obair le chéile ó 2017 chun RASP den sórt sin a fhorbairt ina mbaintear leas as na gníomhaíochtaí a shainítear sa Phlean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASp), rud a chuireann ar a gcumas do Stáit ICAO EUR go léir tairbhiú den phróiseas pleanála sábháilteachta bunaithe agus a n-ionchuir éagsúla, cibé acu i dtéarmaí ábhar rialála, táirgí insoláthartha maidir le cur chun cinn na sábháilteachta, treoirlínte, uirlisí agus dea- chleachtais. Eisíodh an chéad EUR RASP in Eanáir 2019.

Tá ionadaíocht ag an gCoimisiún agus ag EASA freisin ar Ghrúpa Pleanála Chóras Eitlíochta na hEorpa (EASPG) agus ar an nGrúpa Comhordaithe Cláir (PCG) a bhaineann leis. Is iad príomhaidhmeanna an Ghrúpa Pleanála a áirithiú go mbeidh pleananna forbartha an chórais aerloingseoireachta agus na pleananna sábháilteachta eitlíochta laistigh de Réigiún EUR comhleanúnach agus comhoiriúnach leo siúd sna réigiúin in aice láimhe chomh maith le pleananna domhanda ICAO, agus a gcur chun feidhme a bhainistiú agus a chomhordú. Thairis sin, maidir leis na cláir náisiúnta agus fhoréigiúnacha EUR a bhaineann leis an aerloingseoireacht agus leis an tsábháilteacht, tá ról tábhachtach ag an nGrúpa Pleanála chun comhchuibhiú agus comhordú na gclár sin a chur chun cinn agus a éascú.

Ar deireadh, tá ionadaíocht ag an gCoimisiún agus ag EASA ar an nGrúpa Staidéir maidir leis an bPlean Sábháilteachta Aerloingseoireachta Domhanda (GASP), agus dá bhrí sin cuireann siad le cothabháil an Phlean, na treoraíochta agus na n-uirlisí a bhaineann leis. Is é is príomhchuspóir do GASP laghdú leanúnach a dhéanamh ar bhásanna agus ar an riosca báis ach forbairt straitéise comhchuibhithe maidir le sábháilteacht eitlíochta a threorú ar bhonn sé chuspóir GASP a bhfuil spriocanna ag gabháil leo, agus forbairt agus cur chun feidhme pleananna sábháilteachta eitlíochta réigiúnacha agus náisiúnta.

Ina theannta sin, déanann EASA an Clár Sábháilteachta Stáit (SSP) agus cur chun feidhme na bainistíochta sábháilteachta a chur chun cinn ar bhonn uilíoch trí thionscadail cúnaimh theicniúil AE agus trí bheith ag obair le hOifigí Réigiúnacha ICAO chun tacú le Stáit agus le

hEagraíochtaí Réigiúnacha um Maoirseacht Aershábháilteachta (RSOOnna). Is iad príomhchuspóirí na dtionscadal sin an leibhéal sábháilteachta ar fud an domhain a fheabhsú trí chabhrú le Stáit a SSP a bhunú, cabhrú le Stáit agus RSOOnna chun sásraí comhair réigiúnaigh a bhunú, rud a áiritheoidh comhlíontacht le SARPanna ICAO. Is féidir beartais agus cuspóirí sábháilteachta Eorpacha a chur chun cinn go héifeachtach ar leibhéal réigiúnach agus domhanda ar fud na ngníomhaíochtaí sin.

## 1.3. Creat reachtach an Aontais maidir leis an tsábháilteacht eitlíochta agus cosaint an chomhshaoil

### *1.3.1. Struchtúr chreat reachtach an Aontais maidir leis an tsábháilteacht*

Leagtar síos in Airteagal 4(2)(g) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go bhfuil iompar ina inniúlacht roinnte idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit. Thairis sin, le hAirteagal 100(2) de CFAE, cuirtear ar a gcumas do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle forálacha iomchuí don mhuiriompar agus don aeriompar a leagan síos, tar éis togra ón gCoimisiún. Leagtar amach in Airteagal 2(2) de CFAE nuair a dhéanfar inniúlacht arna roinnt leis na Ballstáit i réimse sonrach a thabhairt don Aontas leis na Conarthaí, go bhféadfaidh an tAontas agus na Ballstáit reachtú agus gníomhartha a ghlacadh a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí sa réimse sin agus go bhfeidhmeoidh na Ballstáit a n-inniúlacht a mhéid nach bhfuil inniúlacht an Aontais feidhmithe aige.

Dá bhrí sin, féadfar na ceanglais dlí i réimse na sábháilteachta eitlíochta a shainiú ar leibhéal an Aontais trí reachtaíocht an Aontais a ghlacadh.

Comhdhéantar creat reachtach an Aontais maidir leis an tsábháilteacht eitlíochta sibhialta de Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle arna gcomhlánú, i gcás inarb ábhartha, le rialacháin tharmligthe agus cur chun feidhme ón gCoimisiún. Sásraí chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar éifeachtacht na reachtaíochta, a bhféadfadh a hathbhreithniú a bheith ina toradh orthu, áirítear iad sna gníomhartha dlí ábhartha agus déantar measúnú orthu freisin trí na himscrúduithe ar chaighdeánú, mar a thugtar orthu, a dhéanann EASA ar na Ballstáit.

Tá achoimre sa tábla thíos ar an reachtaíocht ábhartha maidir leis an tsábháilteacht eitlíochta a glacadh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

***Tábla 1. Reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir leis an tsábháilteacht eitlíochta agus cosaint an chomhshaoil***

| *Bunrialachán EASA agus Rialacháin Cur Chun Feidhme agus Tharmligthe a bhaineann leis* | | |
|---|---|---|
| **Bunrialachán** | (AE) 2018/1139 | Iarscríbhinn I: Tagraítear d'aerárthaí i bpointe (d) d'Airteagal 2(3)<br>Iarscríbhinn II: Ceanglais fhíor- riachtanacha maidir le haeracmhainneacht<br>Iarscríbhinn III: Ceanglais fhíor- riachtanacha maidir le comhoiriúnacht chomhshaoil táirgí<br>Iarscríbhinn IV: Ceanglais fhíor- riachtanacha maidir le foireann eitilte<br>Iarscríbhinn V: Ceanglais fhíor- riachtanacha maidir le hoibríochtaí aeir<br>Iarscríbhinn VI: Ceanglais fhíor- riachtanacha maidir le heintitis cháilithe<br>Iarscríbhinn VII: Ceanglais fhíor- riachtanacha maidir le haeradróim<br>Iarscríbhinn VIII: Ceanglais fhíor- riachtanacha maidir le BAT/SAL agus rialtóirí aerthráchta<br>Iarscríbhinn IX: Ceanglais fhíor- riachtanacha maidir le haerárthaí gan foireann<br>Iarscríbhinn X: Tábla Comhghaoil |
| **Aeracmhainneacht Tosaigh** | Rialachán cur chun feidhme: (AE) Uimh. 748/2012 | Iarscríbhinn I: Cuid 21<br>Iarscríbhinn II: Rialachán Aisghairthe – liosta leasuithe<br>Iarscríbhinn III: Tábla Comhghaoil |
| **Sonraíochtaí breise maidir le haeracmhainneacht le haghaidh oibríochtaí** | Rialachán cur chun feidhme: (AE) 2015/640 | Iarscríbhinn I: Cuid-26 |
| **Aeracmhainneacht leanúnach** | Rialachán cur chun feidhme: (AE) Uimh. 1321/2014 | Iarscríbhinn I: Cuid-M<br>Iarscríbhinn II: Cuid-145<br>Iarscríbhinn III: Cuid-66<br>Iarscríbhinn IV: Cuid-147<br>Iarscríbhinn Va: Cuid-T<br>Iarscríbhinn Vb: Cuid-ML<br>Iarscríbhinn Vc: Cuid-CAMO<br>Iarscríbhinn Vd: Cuid-CAO |
| **Foireann eitilte** | Rialachán cur chun feidhme: (AE) Uimh. 1178/2011 | Iarscríbhinn I: Cuid-FCL<br>Iarscríbhinn II: Tiontú ceadúnas ó lasmuigh den Aontas Eorpach<br>Iarscríbhinn III: Ceadúnais ó Stáit lasmuigh den Aontas Eorpach<br>Iarscríbhinn IV: Cuid-MED<br>Iarscríbhinn V: Cuid-CC<br>Iarscríbhinn VI: Cuid-ARA<br>Iarscríbhinn VII: Cuid-ORA<br>Iarscríbhinn VIII: Cuid-DTO |
| **Oibríochtaí aeir** | Rialachán cur chun feidhme: (AE) Uimh. 965/2012 | Iarscríbhinn I: Sainmhínithe<br>Iarscríbhinn II: Cuid-ARO<br>Iarscríbhinn III: Cuid-ORO<br>Iarscríbhinn IV: Cuid-CAT<br>Iarscríbhinn V: Cuid-SPA<br>Iarscríbhinn VI: Cuid-NCC<br>Iarscríbhinn VII: Cuid-NCO<br>Iarscríbhinn VIII: Cuid-SPO |

| | | |
|---|---|---|
| Balúin – Oibríochtaí aeir | Rialachán cur chun feidhme: (AE) 2018/395 | Iarscríbhinn I: Cuid-DEF<br>Iarscríbhinn II: Cuid-BOP<br>Iarscríbhinn III: Cuid-BFCL |
| Seoleitleáin – Oibríochtaí aeir | Rialachán cur chun feidhme: (AE) 2018/1976 | Iarscríbhinn I: Cuid-DEF<br>Iarscríbhinn II: Cuid-SAO<br>Iarscríbhinn III: Cuid-SFCL |

| *Bunrialachán EASA agus Rialacháin Cur Chun Feidhme agus Tharmligthe a bhaineann leis (ar lean)* | | |
|---|---|---|
| Oibreoirí tríú tír | Rialachán cur chun feidhme: (AE) Uimh. 452/2014 | Iarscríbhinn I: Cuid-TCO<br>Iarscríbhinn II: Cuid-ART |
| BAT/SAL soláthar seirbhísí – Bainistíocht Aerthráchta/Seirbhísí Aerloingseoireachta | Rialachán cur chun feidhme: (AE) 2017/373 | Iarscríbhinn I: Sainmhínithe<br>Iarscríbhinn II: Cuid-ATM/ANS.AR<br>Iarscríbhinn III: Cuid-ATM/ANS.OR<br>Iarscríbhinn IV: Cuid-ATS<br>Iarscríbhinn V: Cuid-MET<br>Iarscríbhinn VI: Cuid-AIS<br>Iarscríbhinn VII: Cuid-DAT<br>Iarscríbhinn VIII: Cuid-CNS<br>Iarscríbhinn IX: Cuid-ATFM<br>Iarscríbhinn X: Cuid-ASM<br>Iarscríbhinn XI: Cuid-FPD<br>Iarscríbhinn XII: Cuid-NM<br>Iarscríbhinn XIII: Cuid-PERS |
| Idir- inoibritheacht an ghréasáin Eorpaigh um bainistíocht aerthráchta (BAT) | Rialachán cur chun feidhme: (AE) Uimh. 1079/2012<br>Rialachán cur chun feidhme: (AE) Uimh. 1207/2011<br>Rialachán cur chun feidhme: (AE) Uimh. 1206/2011<br><br>Rialachán cur chun feidhme: (AE) Uimh. 29/2009<br>Rialachán cur chun feidhme: (CE) Uimh. 262/2009<br>Rialachán cur chun feidhme: (CE) Uimh. 633/2007<br>Rialachán cur chun feidhme: (CE) Uimh. 1033/2006<br>Rialachán cur chun feidhme: (CE) Uimh. 1032/2006 | |
| Rialtóirí aerthráchta | Rialachán cur chun feidhme: (AE) 2015/340 | Iarscríbhinn I: Cuid ATCO<br>Iarscríbhinn II: Cuid ATCO.AR<br>Iarscríbhinn III: Cuid ATCO.OR |

| | | |
|---|---|---|
| | | Iarscríbhinn IV: Cuid ATCO.MED |
| Ceanglais úsáide aerspáis (ACAS II) | Rialachán cur chun feidhme: (AE) Uimh. 1332/2011 | Iarscríbhinn: ACAS |
| Ceanglais úsáide aerspáis (PBN) | Rialachán cur chun feidhme: (AE) 2018/1048 | Iarscríbhinn: Fochuid PBN |
| SERA | Rialachán cur chun feidhme: (AE) Uimh. 923/2012 | Iarscríbhinn: Rialacha caighdeánaithe Eorpacha aeir |
| Aeradróim | Rialachán cur chun feidhme: (AE) Uimh. 139/2014 | Iarscríbhinn I: Sainmhínithe<br>Iarscríbhinn II: Cuid-ADR.AR<br>Iarscríbhinn III: Cuid-ADR.OR<br>Iarscríbhinn IV: Cuid-ADR.OPS |
| Córais aerárthaí gan foireann (UAS)<br>(Rialacha agus nósanna imeachta a bhaineann le hoibriú aerárthaí gan foireann) | Rialachán cur chun feidhme: (AE) 2019/947 | Iarscríbhinn: Oibríochtaí UAS sna catagóirí 'Oscailte' agus 'Sonrach' |
| UAS agus oibreoirí tríú tíortha de chóras aerárthaí gan foireann) | Rialachán tarmligthe: (AE) 2019/945 | Iarscríbhinn |
| Creat rialála do U- space | Rialachán cur chun feidhme: (AE) 2021/664 | Iarscríbhinn I: Critéir chun cumais, ceanglais feidhmíochta, dálaí oibríochta agus<br>srianta ar aerspás dá dtagraítear in Airteagal 3(4) a shainiú<br>Iarscríbhinn II: Foilsiú na faisnéise coitinne dá dtagraítear in Airteagal 5(4)(a)<br>Iarscríbhinn III: Ceanglais maidir le cáilíocht, aga folaigh agus cosaint sonraí dá dtagraítear in Airteagal 5(4)(b) agus Airteagal<br>7(5)(c)<br>Iarscríbhinn IV: Iarraidh ar údarú eitilte UAS dá dtagraítear in Airteagal 6(4)<br>Iarscríbhinn V: Malartú sonraí agus faisnéise oibríochtúla ábhartha idir soláthraithe sheirbhísí U- space agus soláthraithe seirbhísí aerthráchta<br>i gcomhréir le hAirteagal 7(3)<br>Iarscríbhinn VI: Deimhniú sholáthraí seirbhísí U- space dá dtagraítear in Airteagal 14(3)<br>Iarscríbhinn VII: Deimhniú an tsoláthraí aonair seirbhísí faisnéise coitinne dá dtagraítear in Airteagal 14(3) |

| *Rialacháin eile maidir le feidhmiú Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh* | | |
|---|---|---|
| Táillí agus muirir | Rialachán cur chun feidhme: (AE) 2019/2153 | Iarscríbhinn |
| Fíneálacha agus Pionóis | Rialachán cur chun feidhme: (AE) Uimh. 646/2012 | |
| Imscrúduithe ar an gcaighdeánú | Rialachán cur chun feidhme: (AE) Uimh. 628/2013 | |

| *Rialacháin i réimse na sábháilteachta eitlíochta nach n-eascraíonn as Bunrialachán EASA* | | |
|---|---|---|
| Tuairisciú Tarluithe | Rialachán cur chun feidhme: (AE) Uimh. 376/2014 | Iarscríbhinn I: Liosta na gceanglas is infheidhme maidir leis na scéimeanna um thuairisciú éigeantach agus deonach ar tharluithe<br>Iarscríbhinn II: Páirtithe leasmhara<br>Iarscríbhinn III: Iarraidh ar fhaisnéis ón stór lárnach Eorpach |
| An chomhscéim Eorpach um aicmiú riosca | Rialachán tarmligthe: (AE) 2020/2034<br>lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 | Iarscríbhinn: An chomhscéim Eorpach um aicmiú riosca |
| Liosta lena n-aicmítear tarluithe san eitlíocht shibhialta atá le tuairisciú ar bhonn éigeantach de réir Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 | Rialachán cur chun feidhme: (AE) 2015/1018 | Iarscríbhinn I: Tarluithe a bhaineann le hoibriú an aerárthaigh<br>Iarscríbhinn II: Tarluithe a bhaineann le dálaí teicniúla, cothabháil agus deisiúchán an aerárthaigh<br>Iarscríbhinn III: Tarluithe a bhaineann le seirbhísí agus saoráidí aerloingseoireachta<br>Iarscríbhinn IV: Tarluithe a bhaineann le haeradróim agus seirbhísí talún<br>Iarscríbhinn V: Tarluithe a bhaineann le haerárthaí seachas aerárthaí atá á gcumhachtú le mótair choimpléascacha, lena n-áirítear seoleitleáin agus feithiclí atá níos éadroime ná an t-aer |
| Tionóiscí agus teagmhais eitlíochta sibhialta a imscrúdú agus a chosc | (AE) Uimh. 996/2010 | Iarscríbhinn: Liosta samplaí de theagmhais thromchúiseacha |
| Comhchuibhiú ceanglas teicniúil agus nósanna imeachta riaracháin i réimse na heitlíochta sibhialta | Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle | |
| Liosta Comhphobail d'aeriompróirí a bhunú atá faoi réir cosc ar a n-oibriú laistigh den<br>Chomhphobal | (CE) Uimh. 2111/2005 | Iarscríbhinn: Critéir chomhchoiteanna maidir le cosc oibríochta ar chúiseanna sábháilteachta ar leibhéal an Chomhphobail a bhreithniú |
| Rialacha cur chun feidhme maidir leis an liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir cosc ar a n-oibriú<br>laistigh den Chomhphobal | (CE) Uimh. 473/2006 | Iarscríbhinn A: Faisnéis atá le soláthar ag Ballstát ag a bhfuil iarraidh á déanamh faoi Airteagal 4(2) den Bhunrialachán<br>Iarscríbhinn B: Fógra ó Bhallstát maidir le bearta eisceachtúla arna nglacadh faoi Airteagal 6(1) den Bhunrialachán chun cosc oibríochta a fhorchur ina chríoch<br>Iarscríbhinn C: Fógra ó Bhallstát maidir le bearta eisceachtúla arna nglacadh mar a cheadaítear le hAirteagal 6(2) den Bhun- Rialachán<br>chun cosc oibríochta a choinneáil ar bun nó a fhorchur ina chríoch |

| | | |
|---|---|---|
| | | nuair a chinneann an Coimisiún<br>gan bearta comhchosúla a chur ar áireamh sa liosta Comhphobail |
| **Liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir cosc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal** | (AE) Uimh. 474/2006 | Iarscríbhinn A: Liosta d'aeriompróirí a bhfuil cosc ar a n-oibríochtaí go léir laistigh den Chomhphobal |
| | | Iarscríbhinn B: Liosta d'aeriompróirí a bhfuil srianta oibríochtúla ar a n-oibríochtaí laistigh den Chomhphobal |
| **Creat an Aerspáis Eorpaigh Aonair** | (CE) Uimh. 549/2004 | |
| **Soláthar Seirbhísí Aerloingseoireachta an Aerspáis Eorpaigh Aonair** | (CE) Uimh. 550/2004 | Iarscríbhinn I: Ceanglas maidir le hEagraíochtaí Aitheanta<br>Iarscríbhinn II: Coinníollacha a cheanglófar le deimhnithe |
| **Aerspás Eorpach Aonair – eagrú agus úsáid an aerspáis** | (CE) Uimh. 551/2004 | |
| **Aerspás Eorpach Aonair – Comhthionscadail** | Rialachán cur chun feidhme: (AE) Uimh. 409/2013 | |
| **Scéim feidhmíochta agus muirearaithe san Aerspás Eorpach Aonair – Príomhtháscairí Feidhmíochta maidir leis an tSábháilteacht** | Rialachán cur chun feidhme: (AE) 2019/317 | Iarscríbhinn I: Príomhtháscairí Feidhmíochta maidir le Spriocanna a Leagan Amach agus Táscairí le haghaidh Faireacháin<br>Iarscríbhinn II: Teimpléad le haghaidh Pleananna Feidhmíochta ar Leibhéal Náisiúnta nó ar Leibhéal Bloc Feidhme Aerspáis dá dtagraítear in Airteagal 10(1)<br>Iarscríbhinn III: Teimpléad le haghaidh an Phlean Feidhmíochta Líonra dá dtagraítear in Airteagal 10(5)<br>Iarscríbhinn IV: Critéir chun measúnú a dhéanamh ar Phleananna Feidhmíochta agus Spriocanna ar Leibhéal Náisiúnta nó ar Leibhéal Bloc Feidhme Aerspáis<br>Iarscríbhinn V: Critéir chun measúnú a dhéanamh ar an dréacht- Phlean Feidhmíochta Líonra<br>Iarscríbhinn VI: Liosta sonraí a bhaineann le feidhmíocht atá le soláthar don Choimisiún chun faireachán a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht i gcomhréir le hAirteagail 36(1) agus 37<br>Iarscríbhinn VII: Costais arna gCinneadh agus Costais Iarbhír<br>Iarscríbhinn VIII: Ceanglais maidir le Ríomh na nAonad Seirbhísí Faoi Bhealach agus Críochfoirt dá dtagraítear in Airteagal 25<br>Iarscríbhinn IX: Rátaí Aonaid<br>Iarscríbhinn X: Critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil soláthar na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 35(1) faoi réir Dhálaí an Mhargaidh<br>Iarscríbhinn XI: Táblaí tuairiscithe chun tacú leis an mBonn Costais agus na Rátaí Aonaid atá le soláthar don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 35(6)<br>Iarscríbhinn XII: Eilimintí riachtanacha le haghaidh na gcomhairliúchán dá dtagraítear in Airteagail 24(3) agus 30(1)<br>Iarscríbhinn XIII: Ceanglais shonracha ar scéimeanna dreasachta dá dtagraítear in Airteagal 11(3) |

*Rialacháin eile i réimse na heitlíochta sibhialta a bhaineann le cosaint an chomhshaoil*

Tá reachtaíocht infheidhme an Aontais maidir leis an tsábháilteacht eitlíochta le fáil ar shuíomh gréasáin EUR-Lex, sa roinn Eolaire ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, Caibidil 07.40.30[5]. Foilsíonn an Ghníomhaireacht forbhreathnú ar an gcreat rialála freisin[6].

Chun tacú le cur chun feidhme dhlí an Aontais maidir leis an tsábháilteacht eitlíochta agus chun é a chur chun cinn ar bhonn domhanda, cuireann EASA leaganacha comhdhlúite de na rialacha eitlíochta ar fáil tríd an tionscadal ríomh-Rialacha dá chuid, arb é digitiú rialacha eitlíochta is aidhm leis. Sna **Rialacha Sothuigthe**, cuirtear dlí na heitlíochta i láthair ar bhealach comhdhlúite soiléir (léirítear na rialacha cur chun feidhme agus na leasuithe orthu in aice leis an modh inghlactha comhlíonta a bhaineann leo, ábhar treoraíochta, sonraíochtaí deimhniúcháin agus sonraíochtaí mionsonraithe).

Tá Rialacha Sothuigthe le fáil le haghaidh gach réimse den eitlíocht agus comhroinntear iad i bhformáid pdf agus mar fhoilseachán dinimiciúil ar líne. Is féidir iad a fháil ag an nasc seo a leanas: https://www.easa.europa.eu/document-library/easy-access-rules

### *1.3.2. Rialachán (AE) 2018/1139 agus na rialacha a ghabhann leis*

#### 1.3.2.1. Ceanglais dhlíthiúla

Tá Rialachán (AE) 2018/1139[7] ag croí- lár an chórais sábháilteachta eitlíochta san Aontas Eorpach. Tá sé d'aidhm aige leibhéal ard aonfhoirmeach sábháilteachta san eitlíocht shibhialta a bhunú agus a choinneáil ar bun san Eoraip trí rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta a bhunú. Ina theannta sin, cumasaítear leis aitheantas frithpháirteach deimhnithe, tugtar isteach próiseas imscrúdaithe ar an gcaighdeánú chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na rialacha ag na Ballstáit, agus bunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh.

Sainmhínítear i Rialachán (AE) 2018/1139 'ceanglais fhíor- riachtanacha' lena leagtar síos cuspóirí agus oibleagáidí ardleibhéil ar údaráis, ar dhaoine agus ar eagraíochtaí chun cuspóir an Rialacháin a bhaint amach. Cuirtear chun feidhme leis na ceanglais fhíor- riachtanacha na caighdeáin agus na cleachtais mholta a leagtar síos leis na hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Baineann siad le táirgí, páirteanna agus fearais aerloingseoireachta, oibreoirí atá rannpháirteach san aeriompar, chomh maith le píolótaí agus daoine, táirgí agus

4 EUR-Lex - 32014R0598 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

5 http://eur-lex.europa.eu/browse/directories/legislation.html

6 https://www.easa.europa.eu/regulations

7 Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE); IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

eagraíochtaí atá bainteach lena n-oiliúint agus lena gcur faoi scrúdú leighis, aeradróim, bainistíocht aerthráchta agus seirbhísí aerloingseoireachta (BAT/SAL) arna soláthar in aerspás na críche lena mbaineann Conradh AE, rialtóirí aerthráchta, agus aerárthaí gan foireann.

Ghlac an Coimisiún Rialacháin tharmligthe agus cur chun feidhme, lena n-áirítear iad sin a shonraítear sa tábla a chuirtear san áireamh i roinn 1.3.1, i gcur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/1139.

Tá na rialacha sin go léir infheidhme go díreach sna Ballstáit agus ní gá iad a thrasuí sa reachtaíocht náisiúnta.

San Aontas Eorpach, is ar na Ballstáit go príomha atá an fhreagracht maidir le dlí an Aontais a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, formhór na dtascanna deimhniúcháin agus formhaoirseachta a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 agus lena rialacha cur chun feidhme, is iad na húdaráis náisiúnta inniúla a dhéanann iad a fhorghníomhú ar an leibhéal náisiúnta. Mar sin féin, i gcásanna áirithe a shainítear go soiléir, mar shampla formheasanna eagraíochtaí deartha, is é EASA an t-údarás inniúil agus an chumhacht aige deimhnithe a eisiúint agus na bearta forfheidhmiúcháin gaolmhara a ghlacadh.

Is iad seo a leanas na réimsí den tsábháilteacht eitlíochta ina bhfeidhmítear inniúlacht an Aontais faoi láthair:

### *1) Aeracmhainneacht agus deimhniúchán comhshaoil*

Baineann rialacha an Aontais leis na haerárthaí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) d’Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2018/1139, seachas aerárthaí gan foireann, mar aon lena n-innill, lena liáin, lena bpáirteanna agus lena dtrealamh neamhshuiteáilte a chomhlíonfaidh na ceanglais fhíor- riachtanacha maidir le haeracmhainneacht a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

A mhéid a bhaineann le torann agus le hastaíochtaí, comhlíonfaidh na haerárthaí agus a n-innill, a liáin, a bpáirteanna agus a dtrealamh neamhshuiteáilte na ceanglais maidir le caomhnú an chomhshaoil atá sna leasuithe is déanaí ar Iarscríbhinn 16 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, a ndéantar í a oiriúnú go tráthrialta. Beidh feidhm ag na ceanglais fhíor- riachtanacha don chomhoiriúnacht chomhshaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139 maidir le táirgí, páirteanna agus trealamh neamhshuiteáilte a mhéid nach bhfuil ceanglais maidir le caomhnú an chomhshaoil i bhforálacha Choinbhinsiún Chicago dá dtagraítear sa chéad fhomhír d’Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2018/1139.

Tá sraith rialacha a bhaineann le haeracmhainneacht tosaigh agus leanúnach infheidhme maidir le dearadh táirgí, dearadh páirteanna, dearadh trealaimh neamhshuiteáilte, aerárthaí aonair, eagraíochtaí atá freagrach as dearadh, táirgeadh, bainistíocht aeracmhainneachta leanúnaí agus cothabháil de réir mar is infheidhme, táirgí, páirteanna agus trealaimh neamhshuiteáilte, agus maidir le baill foirne fhreagracha atá rannpháirteach sna gníomhaíochtaí sin.

### *2) Cosaint an chomhshaoil*

Cuireann EASA bearta i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí agus torann, chun críocha deimhniúchán a dhéanamh ar dhearadh táirgí i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2018/1139, arb é is aidhm leo cosc a chur ar éifeachtaí díobhálacha suntasacha ar an aeráid, ar an gcomhshaol, nó ar shláinte daoine a eascraíonn as táirgí lena mbaineann de chuid na heitlíochta sibhialta. Agus na bearta sin á nglacadh, tugann EASA aird chuí ar na caighdeáin idirnáisiúnta agus na cleachtais mholta, ar thairbhí comhshaoil, ar an indéantacht theicniúil agus ar an tionchar eacnamaíoch. Áirítear leis na bearta infhaighteacht caighdeán comhshaoil a áirithiú, agus baintear é sin amach trí rannpháirtíocht éifeachtach

réamhtheachtach an Aontais sa phróiseas de Choiste ICAO um Chosaint an Chomhshaoil Eitlíochta (CAEP). Thairis sin, cumhachtaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 an tAontas chun caighdeáin chomhshaoil a chruthú sna réimsí sin nach bhfuil aon chaighdeán de chuid ICAO ar fáil, lena n-áirítear aerárthaí hibrideacha, leictreacha agus faoi thiomáint hidrigine ach gan a bheith teoranta dóibh.

Go ginearálta, déanann an Coimisiún agus EASA beartais agus gníomhaíochtaí cosanta comhshaoil na heitlíochta sibhialta ar leibhéal an Aontais a shainiú agus a chomhordú. Sa chomhthéacs sin, iarrtar ar an gCoimisiún, EASA, agus institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais chomh maith leis na Ballstáit comhoibriú ar chúrsaí comhshaoil. Áirítear leis an gcomhar gníomhaíochtaí a bhaineann le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS), an Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán (REACH)[8]. Sa chomhthéacs céanna, tá EASA ag rannchuidiú freisin le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí an Aontais maidir leis an straitéis chomhshaoil, amhail forbairt cláir lipéadaithe comhshaoil le haghaidh na heitlíochta mar chuid den Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste[9] chomh maith leis an tacaíocht a sholáthraítear a mhéid a bhaineann le forbairt an phacáiste 'Oiriúnach do 55', lena n-áirítear togra an Choimisiúin maidir le creat reachtach na heitlíochta Eorpaí 'RefuelEU'[10] le tasc faireacháin agus tuairisciúcháin maidir le glacadh Breoslaí Eitlíochta Inbhuanaithe le haghaidh EASA.

Chomh maith leis sin, le hathbhreithniú comhshaoil arna fhorbairt i gcomhpháirt ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) agus EASA, le tacaíocht ó Bhainisteoir Líonra an Aerspáis Eorpaigh Aonair, soláthraítear cuntas oibiachtúil ar staid na cosanta comhshaoil a bhaineann leis an eitlíocht shibhialta san Aontas. Foilsítear an t-athbhreithniú sin gach 3 bliana sa Tuarascáil ar an gComhshaol Eitlíochta Eorpaí agus tá moltaí ann maidir le leibhéal na cosanta comhshaoil a fheabhsú i réimse na heitlíochta sibhialta san Aontas. Foilsíodh an tuarascáil is déanaí i mí Mheán Fómhair 2022[11].

Ina theannta sin, tá sainordú ag EASA faisnéis maidir le torann agus feidhmíocht aerárthaí a bhailiú agus a fhíorú le haghaidh samhaltú torainn timpeall ar aerfoirt, i gcomhréir le Rialachán (AE) 598/2014[12].

### *3) Foireann eitilte*

Píolótaí agus foireann cábáin atá páirteach in oibriú aerárthaí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2018/1139, seachas aerárthaí gan foireann, maille le feistí oiliúna ionsamhalta eitilte, daoine agus eagraíochtaí atá rannpháirteach in oiliúint, tástáil, seiceáil nó measúnú leighis a dhéanamh ar na píolótaí agus ar an bhfoireann cábáin sin,

8 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún.

9 https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/qanda_20_2330

10 COM (2021) 561 final.

11 https://www.easa.europa.eu/eco/sites/default/files/2022-09/220723_EASA%20EAER%202022.pdf

12 Rialachán (AE) Uimh. 598/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le rialacha agus nósanna imeachta a bhunú i ndáil le srianta oibriúcháin atá bainteach le torann a thabhairt isteach ag aerfoirt an Aontais faoi Chur Chuige Cothrom agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/30/CE. IO L 173, 12.6.2014, lgh. 65–78.

déanfaidh siad na ceanglais fhíor- riachtanacha a leagtar síos in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin a chomhlíonadh. Ceanglaítear ar phíolótaí ceadúnas píolóta a bheith acu agus deimhniú leighis píolóta, atá iomchuí don oibríocht atá le déanamh, ceanglaítear ar an bhfoireann cábáin atá rannpháirteach in oibríochtaí aeriompair tráchtála fianú a bheith acu, agus bíonn gá le formheasanna i leith ionaid aerleighis, eagraíocht um oiliúint a chur ar phíolótaí agus eagraíocht um oiliúint a chur ar fhoirne cábáin.

Bíonn gá le deimhnithe i ndáil le gach feiste oiliúna ionsamhalta eitilte a úsáidtear chun oiliúint a chur ar phíolótaí. Iad siúd a bheidh freagrach as oiliúint eitilte nó oiliúint ionsamhalta eitilte a chur ar fáil nó as scileanna píolótaí chomh maith le scrúdaitheoirí aerleighis a mheas, ceanglaítear orthu deimhniú a bheith acu freisin.

### *4) Oibríochtaí aeir*

Le hoibriú aerárthaí a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2018/1139, seachas aerárthaí gan foireann, comhlíonfar na ceanglais fhíor- riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn V agus, más infheidhme, in Iarscríbhinní VII agus VIII den Rialachán. Dearbhóidh oibreoirí aerárthaigh go bhfuil de chumas agus d'acmhainn acu na freagrachtaí a ghabhann le hoibriú aerárthaí a chomhall i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme is infheidhme de chuid an Aontais, nó beidh deimhniú acu. Sonrófar ar an deimhniú na pribhléidí a bronnadh ar an oibreoir aerárthaigh agus féadfar é a leasú chun pribhléidí a chur leis nó a bhaint. Ar an gcaoi chéanna, féadfar an deimhniú a theorannú, a chur ar fionraí nó a chúlghairm nuair nach gcomhlíonann an sealbhóir rialacha agus nósanna imeachta an Aontais a thuilleadh chun deimhniú den sórt sin a eisiúint agus a choinneáil ar bun.

### *5) Aeradróim agus seirbhísí láimhseála ar an talamh*

I dtaca le haeradróim, lena dtrealamh a bhaineann le sábháilteacht agus lena n-oibriú, le soláthar seirbhísí láimhseála ar an talamh agus le seirbhísí bainistíochta náprúin (SBN) in aeradróim, comhlíonfaidh siad na ceanglais fhíor- riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VII agus, más infheidhme, in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139. Baineann rialacha an Aontais le haeradróim, atá lonnaithe sa chríoch lena mbaineann na Conarthaí, agus a chomhlíonann na critéir seo a leanas go léir:

- atá ar oscailt i gcomhair úsáid phoiblí,
- a fhónann d'aeriompar tráchtála; agus
- a bhfuil rúidbhealach uirlisí pábháilte acu ar 800 méadar nó níos mó a fhad; nó
- nach bhfónann ach do héileacaptair a úsáideann nósanna imeachta ascnaimh nó imeachta le huirlisí.

Leagtar amach ceanglais choiteanna i rialacha an Aontais maidir leis na nithe seo a leanas:

- dearadh, cothabháil agus oibriú aeradróm,
- lena n-áirítear an trealamh a bhaineann leis an tsábháilteacht ag na haeradróim sin,
- dearadh, táirgeadh, cothabháil agus oibriú trealaimh aeradróim a bhaineann le sábháilteacht a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid ag aeradróim a thagann faoi raon feidhme rialacha an Aontais, chomh maith le soláthar seirbhísí láimhseála ar an talamh agus seirbhísí bainistíochta naprúin sna haeradróim sin; agus
- coimirciú an limistéir thart ar na haeradróim dá dtagraítear, gan dochar do dhlí an Aontais agus do dhlí náisiúnta maidir leis an gcomhshaol agus pleanáil úsáide talún.

### *6) BAT/SAL, lena n-áirítear cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair*

Comhlíonfaidh soláthar BAT/SAL na ceanglais fhíor- riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII agus, más infheidhme, in Iarscríbhinn VII. Na haerárthaí uile a oibríonn san Aerspás Eorpach Aonair, seachas na haerárthaí sin atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí dá

dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2018/1139, comhlíonfaidh siad na ceanglais fhíor- riachtanacha a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VIII. Ceanglaítear ar sholáthraithe BAT/SAL deimhniú a bheith acu ina sonraítear na pribhléidí a bronnadh, nuair a léireoidh siad comhlíontacht rialacha is infheidhme an Aontais. Ina theannta sin, eagraíochtaí a ghabhann do chórais agus do chomhdhamhnaí BAT/SAL a dhearadh, a mhonarú agus a chothabháil, féadfar a cheangal orthu deimhniú a bheith acu.

Is é EASA an t-údarás inniúil atá freagrach as deimhniú, formhaoirseacht agus forfheidhmiú i leith soláthraithe seirbhíse BAT/SAL áirithe agus eagraíochtaí oiliúna ATCO – lena n-áirítear soláthraithe uile- Eorpacha – agus i leith na n-eagraíochtaí atá páirteach i ndearadh, táirgeadh nó cothabháil chórais BAT/SAL agus chomhdhamhnaí BAT/SAL.

Arna iarraidh sin dó, soláthraíonn EASA cúnamh teicniúil don Choimisiún i gcur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair mar a shainítear in Airteagal 93 de Rialachán (AE) 2018/1139.

### *7) Rialtóirí aerthráchta*

Rialtóirí aerthráchta atá rannpháirteach i soláthar BAT/SAL, maille le daoine, eagraíochtaí agus feistí oiliúna ionsamhalta eitilte atá rannpháirteach in oiliúint, tástáil, seiceáil nó measúnú leighis a dhéanamh ar na rialtóirí aerthráchta sin, comhlíonfaidh siad na ceanglais fhíor- riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII de Rialachán (AE) 2018/1139. Ceanglófar ar rialtóirí aerthráchta ceadúnas rialtóra aerthráchta a shealbhú agus deimhniú leighis rialtóra aerthráchta ina sonraítear na pribhléidí a bronnadh agus féadfar iad sin a leasú chun pribhléidí a chur leo nó a bhaint, agus ina theannta sin féadfar iad a theorannú, a chur ar fionraí nó a chúlghairm nuair nach gcomhlíonann an sealbhóir a thuilleadh rialacha agus nósanna imeachta infheidhme an Aontais chun ceadúnas nó deimhniú leighis a eisiúint agus a choinneáil ar bun. Eagraíochtaí um oiliúint a chur ar rialtóirí aerthráchta agus ionaid aerleighis, ceanglaítear orthu deimhniú a shealbhú. Iad siúd a bheidh freagrach as oiliúint phraiticiúil a chur ar fáil nó as scileanna praiticiúla rialtóirí aerthráchta agus scrúdaitheoirí aerleighis a mheas, ceanglófar orthu freisin ceanglais inniúlachta áirithe a chomhlíonadh.

### *8) Aerárthaí gan foireann*

I dtaca le dearadh, táirgeadh, cothabháil agus oibriú aerárthaí gan foireann, maille lena n-innill, a liáin, a bpáirteanna, a dtrealamh neamhshuiteáilte agus an trealamh lena ndéantar an t-aerárthach gan foireann a oibriú go cianda, maille leis an bpearsanra — lena n-áirítear cianphíolótaí, agus le heagraíochtaí a mbíonn lámh acu sna gníomhaíochtaí sin, beidh siad i gcomhréir leis na ceanglais fhíor- riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn IX, agus i gcás inarb infheidhme, leis na riachtanais fhíor- riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinní II, IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139. I bhfianaise nádúr agus riosca na gníomhaíochta lena mbaineann, saintréithe oibríochtúla na n-aerárthaí gan foireann lena mbaineann agus saintréithe an limistéir oibríochtúil, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le deimhniú do dhearadh, táirgeadh, cothabháil agus oibriú aerárthaí gan foireann maille lena n-innill, lena liáin, lena bpáirteanna, lena dtrealamh neamhshuiteáilte agus leis an trealamh chun aerárthaí gan foireann a rialú go cianda, maille leis an bpearsanra — lena n-áirítear cianphíolótaí, agus le heagraíochtaí a mbíonn lámh acu sna gníomhaíochtaí sin. Sonrófar sa deimhniú na teorainneacha a bhaineann leis an tsábháilteacht, le dálaí oibriúcháin agus le pribhléidí, agus féadfar an deimhniú a leasú chun teorainneacha, coinníollacha agus pribhléidí a chur leis nó a bhaint, agus a theorannú, a chur ar fionraí nó a chúlghairm nuair nach gcomhlíonann an sealbhóir coinníollacha, rialacha agus nósanna imeachta a thuilleadh chun deimhniú den sórt sin a eisiúint nó a choinneáil ar bun.

### *9) Oibríochtaí Tríú Tír*

Na haerárthaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(c) de Rialachán (AE) 2018/1139, mar aon lena bhfoireann eitilte agus a n-oibríochtaí, comhlíonfaidh siad na caighdeáin ICAO is infheidhme. A mhéid nach mbeidh aon chaighdeáin dá sórt ar fáil, comhlíonfaidh na haerárthaí sin agus a bhfoireann eitilte agus a n-oibríochtaí, i gcás aerárthaí seachas aerárthaí gan foireann, na ceanglais fhíor- riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinní II, IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139. A mhéid a bhaineann le haerárthaí gan foireann, comhlíonfaidh siad na ceanglais fhíor- riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn IX agus, i gcás inarb infheidhme na ceanglais fhíor- riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinní II, IV, agus V den Rialachán sin.

### *10) Taighde agus Nuálaíocht (T&N)*

Tugadh isteach roinnt príomhinniúlachtaí nua le haghaidh EASA le Rialachán (AE) 2018/1139. I réimse T&N, tugann an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le téamaí ríthábhachtacha taighde a shainaithint i réimse na heitlíochta sibhialta, téamaí a chuideoidh le comhsheasmhacht agus comhordú a áirithiú idir taighde agus forbairt a mhaoinítear go poiblí agus beartais a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin. Tacaíonn EASA leis an gCoimisiún maidir le sainiú agus cur i gcrích chláir réime ábhartha an Aontais le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta agus na gclár oibre bliantúla agus ilbhliantúla, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na nósanna imeachta measúnúcháin, i dtaca le hathbhreithniú na dtionscadal maoinithe, agus i dtaca le húsáid torthaí ó thionscadail taighde agus nuálaíochta. Ina theannta sin, déanann an Ghníomhaireacht ranna a bhaineann leis an eitlíocht shibhialta de Chlár Réime an Aontais um Thaighde agus um Nuálaíocht a chur chun feidhme, agus bíonn sí ag gabháil do ghníomhaíochtaí taighde *ad hoc* atá comhoiriúnach le tascanna agus cuspóirí Rialachán (AE) 2018/1139.

Tháinig forbairt rathúil ar an tionscal eitlíochta Eorpach le roinnt mhaith blianta anuas, agus tá an Eoraip chun tosaigh sa mhargadh iomaíoch domhanda mar thoradh ar an bhforbairt sin. Gnéithe suntasacha is ea iad cláir T&N na heitlíochta Eorpaí den Aontas Eorpach mar aon le gníomhaíochtaí taighde na mBallstát agus an tionscail. Tá na tionscnaimh sin ábhartha go díreach do chuspóir an Chláir Eorpaigh um Shábháilteacht Eitlíochta (EASP) agus an Phlean Eorpaigh um Shábháilteacht Eitlíochta (EASp) maidir leis an leibhéal is airde sábháilteachta, slándála agus cosanta comhshaoil a bhaint amach san Eoraip.

Tagann teicneolaíochtaí agus coincheapa nua chun cinn ar luas nach bhfacthas riamh cheana. Tá coincheapa agus réitigh eitlíochta nua á bhforbairt ag na cláir T&N Eorpacha agus náisiúnta, lena n-áirítear an Comhthionscnamh Teicneolaíochta Spéire Glaine/an Chomhpháirtíocht Eorpach um an Eitlíocht Ghlan agus taighde um bainistíocht aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair (SESAR), agus is gá iad sin a dheimhniú nó a fhormheas roimh theacht i bhfeidhm san Eoraip agus i dtríú tíortha. Thairis sin, bíonn ceanglais nua ag iontrálaithe nua, go háirithe in earnáil na ladrann, i réimse na haerloingseoireachta Eorpaí agus bíonn freagairtí rialála Eorpacha nua de dhíth orthu sin.

Tacaíonn Córas Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa le cur in úsáid na réiteach nua sin agus, ar bhealach níos ginearálta, le comhtháthú sábháilte teicneolaíochtaí agus coincheap nua.

Maidir le EASp, na tionscadail taighde a bheidh ina gcuid den Phlean, díorthaítear iad ón liosta topaicí tosaíochta ar an gclár taighde dár aimsíodh foinse maoiniúcháin nó i gcás inar dócha go maoineofar an tionscadal faoi thús na tréimhse tagartha den EASp sin[13].

Soláthraítear leis an gclár Data4Safety foinse luachmhar maidir le sainaithint sonraí ábhartha (sonraí eitilte, sonraí tráchta, aimsir, tuarascálacha sábháilteachta, etc.) atá ar fáil ar bhealach comhiomlánaithe chun tacú leis na tionscadail taighde, i gcomhréir le hAirteagal 72 de Rialachán (AE) 2018/1139 ina n-éilítear ar EASA sonraí sábháilteachta a bhailiú agus a anailísiú chun rioscaí a shainaithint agus feidhmíocht sábháilteachta chóras sábháilteachta eitlíochta na hEorpa a thomhas.

### *11) Idirspleáchas idir sábháilteacht agus slándáil na heitlíochta sibhialta, lena n-áirítear an chibearshlándáil*

Leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1139 go gcomhoibreoidh an Coimisiún, an Ghníomhaireacht agus na Ballstáit maidir le hábhair shlándála a bhainfidh leis an eitlíocht shibhialta, lena n-áirítear an chibearshlándáil, i gcásanna ina bhfuil idirspleáchas idir sábháilteacht agus slándáil na heitlíochta sibhialta. Ina theannta sin, féadfaidh EASA cúnamh teicniúil a sholáthar, arna iarraidh sin, don Choimisiún, i gcásanna ina bhfuil an saineolas ábhartha ar an tsábháilteacht ag an nGníomhaireacht, i ndáil le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41] agus forálacha ábhartha eile de chuid reachtaíocht an Aontais. Chun cabhrú leis an eitlíocht shibhialta a chosaint ar chur isteach neamhdhleathach, freagróidh an Ghníomhaireacht, i gcás inar gá, gan moill mhíchuí ar fhadhb phráinneach trí bhearta a bhaineann leis an aeracmhainneacht agus leis an deimhniú comhshaoil a dhéanamh chun dul i ngleic le leochaileachtaí i ndearadh aerárthaí, agus bearta ceartaitheacha a mholadh lena nglacadh ag na húdaráis náisiúnta inniúla nó ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha atá faoi réir Rialachán (AE) 2018/1139, agus/nó faisnéis ábhartha a scaipeadh ar na húdaráis nó ar na daoine sin, nuair is le hoibríochtaí aerárthaí a bhaineann an fhadhb, lena n-áirítear rioscaí don eitlíocht shibhialta a eascraíonn as limistéir ina mbíonn coinbhleacht.

### *12) Comhar idirnáisiúnta*

De bhua comhaontuithe idirnáisiúnta in earnáil na heitlíochta, déanann an tAontas a chreat rialála a leathnú chun tríú tíortha agus réigiúin ar fud an domhain a chumhdach. Lorgaítear leis na comhaontuithe sin cóineasú rialála iomlán leis na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais d'fhonn margadh aonair eitlíochta an Aontais a mhéadú leis na tríú tíortha agus réigiúin sin, nó bunaítear leo rialacha agus nósanna imeachta le haghaidh aitheantas frithpháirteach deimhnithe. I dtaca leis sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara an dianghníomhaíocht a dhéanann an Coimisiún agus EASA chun cúnamh teicniúil a sholáthar do thríú tíortha agus réigiúin chun tacú leo i gcur chun feidhme an dlí eitlíochta is infheidhme de chuid an Aontais. Bíonn an cúnamh sin ina rannchuidiú ag comhchuibhiú rialacha, aitheantas frithpháirteach deimhnithe, ar mhaithe leis an tionscal Eorpach, agus cur chun cinn chaighdeáin sábháilteachta eitlíochta na hEorpa. Bíonn an Ghníomhaireacht ag comhoibriú le húdaráis inniúla tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus bunaíonn sí socruithe oibre leis na húdaráis agus leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin.

---

13 Tá tuilleadh faisnéise ar ghníomhaíochtaí taighde na Gníomhaireachta le fáil ar shuíomh gréasáin EASA: https://www.easa.europa.eu/easa-and-you/safety-management/research.

I gcomhthéacs ICAO, tugann an Ghníomhaireacht cúnamh do na Ballstáit agus iad ag feidhmiú a gceart agus ag comhlíonadh a n-oibleagáidí faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta a bhaineann le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo, go háirithe a gcearta agus a n-oibleagáidí faoi Choinbhinsiún Chicago.

Gníomhaíonn an Ghníomhaireacht mar Eagraíocht Réigiúnach um Maoirseacht Aershábháilteachta i gcreat ICAO (féach roinn 1.2 thuas).

### 13) *Bainistiú Géarchéime Eitlíochta*

Rinne an Coimisiún, chomh maith le EASA i gcomhréir le hAirteagal 91 de Rialachán (AE) 2018/1139, beart láithreach laistigh dá réimse inniúlachta chun rannchuidiú le freagairt thráthúil ar ghéarchéim COVID- 19 agus le maolú na géarchéime. I gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha, d'eisigh EASA roinnt ceanglas agus moltaí le haghaidh na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara eitlíochta, i bhfoirm Treoracha Sábháilteachta, Feasacháin Faisnéise Sábháilteachta, treoirlínte agus ábhair chun an tsábháilteacht a chur chun cinn.

I measc na ndoiciméad sin, d'eisigh EASA agus an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) doiciméad comhpháirteach inar sainíodh bearta chun sábháilteacht sláinte taistealaithe aeir agus ball foirne eitlíochta a áirithiú nuair a thosaigh aerlínte ar ghnáthsceidil eitiltí arís tar éis an tsuaite mhóir mar thoradh ar COVID- 19[14].

### 14) *Idirspleáchas idir sábháilteacht na heitlíochta sibhialta agus fachtóirí socheacnamaíocha*

In Airteagal 89 de Rialachán (AE) 2018/1139, tugadh isteach an ceanglas go ndéanfaidh '*an Coimisiún, an Ghníomhaireacht agus institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais, agus na Ballstáit, comhar le chéile d'fhonn a áirithiú go gcuirfear san áireamh an t-idirspleáchas atá idir sábháilteacht na heitlíochta sibhialta agus fachtóirí gaolmhara socheacnamaíocha, lena n-áirítear nósanna imeachta rialála, maoirseacht, agus cultúr cóir a chur chun feidhme [...] ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar na rioscaí socheacnamaíocha a bhaineann le sábháilteacht na heitlíochta*'.

Ina theannta sin, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht athbhreithniú a fhoilsiú, gach 3 bliana, '*ina dtabharfar cuntas oibiachtúil ar na gníomhaíochtaí agus na bearta a rinneadh, go háirithe orthu siúd a théann i ngleic leis an idirspleáchas atá idir sábháilteacht na heitlíochta sibhialta agus fachtóirí socheacnamaíocha*'.

Tá an méid sin i gcomhréir leis an bpróiseas Eorpach maidir le Bainistíocht Rioscaí Sábháilteachta agus, ós rud é gur próiseas réamhghníomhach faoi stiúir sonraí é, is é sainaithint agus measúnú córasach saincheisteanna sábháilteachta is aidhm leis lena n-áirítear na saincheisteanna sin a eascraíonn as fachtóirí socheacnamaíocha. D'fhoilsigh EASA an chéad eagrán den athbhreithniú ar Airteagal 89 i mí na Nollag 2021[15]. Go háirithe, déantar scrúdú ar impleachtaí sábháilteachta fachtóirí socheacnamaíocha i réimsí na Fostaíochta agus Dálaí Oibre, na Sláinte agus na Stíle Maireachtála, agus an Oideachais. Sainaithnítear ann

---

14 [Prótacal EASA ECDC maidir le Sábháilteacht Sláinte Eitlíochta de bharr COVID- 19 | EASA (europa.eu)]

15 [Foilsíonn EASA staidéar ar fhachtóirí socheacnamaíocha i ndáil leis an tsábháilteacht eitlíochta | EASA (europa.eu)]

freisin gníomhaíochtaí agus bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo i gcomhthéacs EASp.

1.3.2.2. Bearta de chuid na Gníomhaireachta

Tacaítear le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe, i gcás inarb ábhartha, le Sonraíochtaí Deimhniúcháin (CSanna) agus sonraíochtaí mionsonraithe eile (DSanna), Modh Inghlactha Comhlíonta (AMC) agus Ábhar Treoraíochta (GM).

Déantar foráil in CSanna maidir le caighdeáin theicniúla lena gcuirtear in iúl na modhanna chun comhlíontacht Rialachán (AE) 2018/1139 agus na ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn a léiriú. Úsáidtear iad chun táirgí, daoine agus eagraíochtaí a dheimhniú. I gcás ina ndéantar foráil i Rialachán (AE) 2018/1139 maidir lena leithéid, tá CSanna áirithe ina mbonn deimhniúcháin d'eisiúint an deimhnithe ag EASA.

Is caighdeáin neamhcheangailteacha iad DSanna arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht chun forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2018/1139 agus de na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn a chur chun feidhme, i gcás ina gceanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 go n-úsáidtear úsáid sonraíochtaí mionsonraithe le haghaidh an dearbhaithe comhlíontachta ag an eagraíocht nó ag duine atá faoi réir na hoibleagáide sin maidir le dearbhú.

Is caighdeáin neamhcheangailteacha iad AMC arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht a n-úsáideann eagraíochtaí iad chun comhlíontacht Rialachán (AE) 2018/1139 agus na ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn, nó comhlíontacht CSanna agus DSanna, a léiriú.

Is ábhar neamhcheangailteach é arna eisiúint ag an nGníomhaireacht é GM, a chabhraíonn le brí gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme, CSanna nó DSanna a léiriú, agus a n-úsáidtear é chun tacú le léirmhíniú Rialachán (AE) 2018/1139, na ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn, agus CSanna agus DSanna.

1.3.2.3. Socruithe Solúbthachta

Ó tharla gur gníomhaíocht chasta atá san eitlíocht, ní féidir le rialacha freastal ar gach aon chás agus tá méid áirithe solúbthachta de dhíth chun gníomhaíochtaí a chumasú agus leibhéal leordhóthanach sábháilteachta á choinneáil ar bun.

Chuige sin, tá forálacha solúbthachta i Rialachán (AE) 2018/1139, rud a chuireann ar a gcumas do na Ballstáit díolúine a thabhairt d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá faoi réir an Rialacháin ó na ceanglais is infheidhme, i gcás cúinsí neamh- intuartha práinneacha a bhainfeadh leis na daoine sin nó i gcás riachtanais oibríochtúla phráinneacha, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go léir:

- ní féidir na cúinsí nó na riachtanais sin a réiteach go leordhóthanach i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme;
- áirithítear sábháilteacht, caomhnú comhshaoil agus comhréireacht na gceanglas fíor- riachtanach is infheidhme, trí bhíthin bearta maolaithe i gcás inar gá;
- tá maolú déanta, a mhéid is féidir, ag an mBallstát ar aon saobhadh féideartha ar dhálaí an mhargaidh i ngeall ar bhronnadh na díolúine; agus
- ní rachaidh raon feidhme ná fad na díolúine thar a bhfuil riachtanach agus cuirtear i bhfeidhm í ar bhonn neamh- idirdhealaitheach.

I gcás inar faide ná 8 mí as a chéile an díolúine a bronnadh nó i gcás inar bhronn Ballstát an díolúine chéanna arís is arís eile ar feadh tréimhse is faide ná 8 mí ar an iomlán, déanfaidh an Ghníomhaireacht measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach thuas, agus eiseoidh sí moladh don Choimisiún a mhéid a bhaineann le toradh an mheasúnaithe sin, tráth nach faide ná 3 mhí tar éis dháta glactha an fhógra. Ansin déanfaidh an Coimisiún a mheas, agus an moladh sin á chur san áireamh, ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na coinníollacha sin. I gcás ina measann sé nár comhlíonadh na coinníollacha sin nó i gcás nach mbeidh sé ag teacht le toradh an mheasúnaithe a rinne an Ghníomhaireacht, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme ina mbeidh a chinneadh chuige sin, tráth nach faide ná 3 mhí tar éis dháta glactha an mholta sin. Ar fhógairt gnímh cur chun feidhme lena ndearbhaítear nár comhlíonadh na coinníollacha sin, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an díolúine a bronnadh a chúlghairm láithreach.

I gcás ina measann Ballstát gur féidir comhlíontacht na gceanglas fíor- riachtanach is infheidhme a leagtar amach sna hIarscríbhinní a léiriú ar mhodh eile seachas ar na modhanna a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar bhonn an Rialacháin seo, agus go mbaineann buntáistí leis an modh sin nach beag a mbrí do shábháilteacht na heitlíochta sibhialta, d'éifeachtúlacht na ndaoine sin atá faoi réir an Rialacháin seo, nó do na húdaráis lena mbaineann, féadfaidh an Ballstát iarraidh réasúnaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus na Gníomhaireachta lena iarraidh go leasófaí an gníomh ábhartha tarmligthe nó cur chun feidhme d'fhonn foráil a dhéanamh maidir leis an modh eile sin a úsáid. Sa chás sin, déanfaidh an Ghníomhaireacht moladh a eisiúint don Choimisiún, gan moill mhíchuí, maidir le cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann iarratas an Bhallstáit na coinníollacha a leagtar amach thuas. I gcás inar gá, déanfaidh an Coimisiún a bhreithniú, gan mhoill agus an moladh sin á chur san áireamh aige, ar an ngníomh tarmligthe nó cur chun feidhme sin a leasú.

### *1.3.3. Timpistí agus teagmhais eitlíochta sibhialta a imscrúdú*

Na rialacha is infheidhme maidir le himscrúdú tionóiscí agus teagmhas, sainítear iad ar leibhéal Eorpach, i Rialachán (AE) Uimh. 996/2010[16]. Áirithítear leis ardleibhéal éifeachtúlachta, luais agus cáilíochta na n-imscrúduithe sábháilteachta eitlíochta sibhialta Eorpacha; is é an t-aon chuspóir atá ann timpistí agus teagmhais sa todhchaí a chosc gan milleán ná dliteanas a chionroinnt. Déantar atreisiú breise leis ar an gcomhar idir údaráis imscrúdaithe sábháilteachta tríd an Líonra Eorpach d'Údaráis um Imscrúdú Sábháilteachta na hEitlíochta Sibhialta (ENCASIA) a bhunú agus tugtar isteach leis forálacha maidir le moltaí sábháilteachta agus na freagraí a ghabhann leo a stóráil i mbunachar sonraí lárnach san Aontas Eorpach.

Tá faisnéis bhreise maidir leis na próisis imscrúdaithe timpistí agus teagmhas san Aontas Eorpach le fáil i roinn 1.5.

16 Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le tionóiscí agus teagmhais eitlíochta sibhialta a imscrúdú agus a chosc agus lena n-aisghairtear Treoir 94/56/CE (Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE); IO L 295, 12.11.2010, lch. 35.

### *1.3.4. Tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, an anailís a dhéantar orthu agus na bearta leantacha a dhéantar ina leith*

Áirítear le Rialachán (AE) Uimh. 376/2014[17] rialacha maidir le tarluithe a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, rud a chomhlánaíonn na rialacha a bhaineann go sonrach le fearann maidir le tuairisciú teagmhas a áirítear le rialacháin cur chun feidhme an fhearainn. Bunaítear leis an reachtaíocht sin ceanglais arb é is aidhm dóibh cultúr láidir tuairisciúcháin a spreagadh. Bunaítear leis freisin oibleagáidí le haghaidh an tionscail, le haghaidh na mBallstát agus le haghaidh EASA chun teagmhais a bhailiú agus anailís a dhéantar orthu, chun tacú lena bpróisis bainistíochta sábháilteachta. Ina theannta sin, áirithítear leis go gcosnaítear faisnéis go leordhóthanach agus go gcomhroinntear an fhaisnéis i measc na mBallstát agus le EASA. Tá forálacha sa rialachán freisin chun prionsabail an chultúir chóir a chothú i ngach Ballstát.

Ar deireadh, tairbhíonn EASP ó obair Líonra na nAnailísithe Sábháilteachta Eitlíochta a bhunaítear leis an rialachán seo chun an beart is gá a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais a chinneadh ó pheirspictíocht atá bunaithe ar fhianaise. Tairbhíonn an obair sin den ard- anailísíocht atá ar fáil san ardán Data4Safety chomh maith leis an bhféidearthacht, i gcás inarb ábhartha, sonraí maidir le tarluithe a chumasc le foinsí eile sonraí rud a fheabhsaíonn an ghné den obair sin atá faoi stiúir sonraí agus a chumasaíonn sainaithint agus meastóireacht níos fearr ar na rialacha ar fud an chórais.

### *1.3.5. Liosta an Aontais Eorpaigh d'aeriompróirí atá faoi réir cosc ar a n-oibriú laistigh den Aontas Eorpach*

Bunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005[18] ('Rialachán Uimh. 2111/2005' anseo feasta) rialacha maidir le bunú agus foilsiú liosta an Aontais, bunaithe ar chritéir chomhchoiteanna, d'aeriompróirí atá faoi réir cosc ar a n-oibriú san Aontas ar chúiseanna sábháilteachta. Rialachán ann féin is ea an liosta d'aeriompróirí a bhfuil cosc orthu[19] arna ghlacadh ar bhonn an Rialacháin sin agus, dá bhrí sin, tá sé infheidhme go díreach sna Ballstáit. Bunaítear an liosta d'aeriompróirí a bhfuil cosc orthu le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún[20]. Déantar é a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.

Tugann an 'Coiste Aershábháilteachta' ar a bhfuil saineolaithe teicniúla ar an tsábháilteacht eitlíochta ó Stáit EASA go léir agus faoi chathaoirleacht an Choimisiúin cúnamh don

---

17 Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún (Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE); IO L 122, 24.4.2014, lch. 18.

18 Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2005 maidir le liosta Comhphobail d'aeriompróirí a bhunú atá faoi réir cosc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal agus maidir le paisinéirí aeriompair a chur ar an eolas faoi chéannacht an aeriompróra agus lena n-aisghairtear Airteagal 9 de Threoir 2004/36/CE, (Téacs atá ábhartha maidir le LEE); IO L 344 an 27.12.2005, lch. 15.

19 Tá breis faisnéise le fáil ar http://ec.europa.eu/transport/modes/air/safety/air-ban/index_en.htm

20 Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún an 22 Márta 2006 lena mbunaítear liosta Comhphobail na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (Téacs atá ábhartha maidir le LEE); IO L 84, 23.3.2006, lch. 14.

Choimisiún chun an liosta a thabhairt cothrom le dáta. Ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún, glacann an 'Coiste Aershábháilteachta' a thuairim trí thromlach cáilithe.[21]

An cinneadh chun iompróir (nó grúpa iompróirí a dheimhnítear sa Stát céanna) a chur ar áireamh nó a bhaint, glactar an cinneadh sin ar bhonn na gcritéar comhchoiteann sábháilteachta i Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005. Cuirtear san áireamh sna critéir sin, cuir i gcás, easnaimh shábháilteachta a bheith ann ar thaobh aeriompróra, easpa cumais nó toilteanais ag aeriompróir nó ag údaráis atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh air dul i ngleic le heasnaimh shábháilteachta, toirmisc ar oibriú arna bhforchur ag tríú tíortha, tuarascálacha iniúchóireachta arna ndréachtú ag tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta (ICAO) agus faisnéis a bhfuil bunús léi a bhaineann le tionóisc. Cuirtear san áireamh sna critéir go léir na caighdeáin sábháilteachta eitlíochta ábhartha, cibé acu SARPanna ICAO i gcás oibreoirí tríú tíortha nó dlí an Aontais i gcás oibreoirí Eorpacha.

## 1.4. Freagrachtaí agus cuntasachtaí sábháilteachta san Aontas Eorpach

### *1.4.1. Próiseas cinnteoireachta san Aontas Eorpach*

Cumasaítear le hAirteagal 100(2) de CFAE, i measc nithe eile, bearta a ghlacadh chun sábháilteacht an aeriompair a fheabhsú a nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle leo, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachtach reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún.

An Coimisiún, a bhfuil ceart tionscnaimh aige, a mholann an reachtaíocht sin agus cuirtear an reachtaíocht faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, a dtugtar 'comhreachtóirí' orthu go minic. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, a dtoghann saoránaigh na hEorpa í, agus an Chomhairle, atá comhdhéanta d'ionadaithe na mBallstát, an téacs arna mholadh ag an gCoimisiún a leasú, faoi réir na gceanglas sna Conarthaí. I gcás ghlacadh na gcomhreachtóirí, glactar leis go gcomhaontaíonn siad, ar deireadh, ar théacs comhfhreagrach.

Nuair a fhormheasfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon an téacs deiridh, comhshíníonn Uachtaráin agus Ard- Rúnaithe an dá institiúid an téacs. Foilsítear na téacsanna san Iris Oifigiúil tar éis a shínithe.

Bíonn rialacháin ina gceangal go díreach ar fud an Aontais Eorpaigh ón dáta a leagtar síos sa leagan a fhoilsítear san Iris Oifigiúil.

Gníomhartha a ghlactar i gcomhréir leis an nós imeachta thuas, féadfar a áireamh leo cumhachtaí tarmligthe agus cur chun feidhme le haghaidh an Choimisiúin. Ní bhíonn na cumhachtaí sin ag an gCoimisiún mura ndéantar foráil maidir leis sin sa bhunghníomh reachtach.

Maidir le glacadh gníomhartha tarmligthe, bunaíodh grúpa saineolaithe sonrach ina ndéanann an Coimisiún, tar éis plé cuimsitheach ar na tograí rialála le saineolaithe a dhéanann ionadaíocht ar na Ballstáit, na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. Maidir le glacadh gníomhartha cur chun feidhme, cruthaíodh coiste sonrach[22] chun dréachtghníomhartha cur chun feidhme a ghabhann le Rialacháin (AE) Uimh2018/1139 agus (AE) Uimh. 376/2014 a

21 Leagtar amach mionsonraí nós imeachta i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún; IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

22 An Coiste maidir le rialacha comhchoiteanna sábháilteachta a chur i bhfeidhm i réimse na heitlíochta sibhialta – 'Coiste Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh: Coiste EASA'.

ghlacadh, ina gcuireann an Coimisiún síos dréacht- Rialacháin bunaithe den chuid is mó ar thograí arna ndéanamh ag EASA (na Tuairimí mar a thugtar orthu) a ndéantar comhairliúchán leathan le páirtithe leasmhara orthu sula bhfoilsíonn an Ghníomhaireacht iad. Pléitear an dréacht- Rialachán sa choiste rialála sin ar a bhfuil ionadaithe ó na 27 mBallstát, agus ar a bhfuil mar bhreathnóirí ionadaithe ón Íoslainn, ó Lichtinstéin, ón Iorua, ón Eilvéis agus ó Údarás Faireacháin CSTE freisin, i gcomhréir le Comhaontú LEE[23] agus leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hAeriompar[24]. Má thugann an Coiste tuairim dhearfach ar na bearta arna moladh ag an gCoimisiún, glactar an Rialachán Cur Chun Feidhme.

Tá coiste eile ábhartha i réimse shábháilteacht na heitlíochta sibhialta: an 'Coiste Aershábháilteachta' atá rannpháirteach i dtabhairt cothrom le dáta an liosta aeriompróirí atá faoi réir cosc ar a n-oibriú faoi Rialachán (AE) 2111/2005. Ina theannta sin, tá an Coiste um Aerspás Aonair i gceannas ar ghlacadh na rialacha scéime feidhmíochta, lena n-áirítear na táscairí feidhmíochta sábháilteachta le haghaidh BAT/SAL.

*1.4.2. Inniúlachtaí agus freagrachtaí maidir leis an tsábháilteacht eitlíochta laistigh de chóras sábháilteachta na hEorpa*

1.4.2.1. Achoimre ar inniúlachtaí agus freagrachtaí laistigh de chóras sábháilteachta na hEorpa

23 Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, IO L 1, 3.1.1994, Iarscríbhinn XIII – lch. 1-101.

24 Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hAeriompar, IO L 114, 30.4.2002, lch. 73-90.

**Tábla 2. Údaráis Inniúla faoi rialacha an Aontais**

| RÉIMSE INNIÚLACHTA | BALLSTÁIT | EASA |
|---|---|---|
| **Aeracmhainneacht aerárthaí agus caomhnú an chomhshaoil, lena gcumhdaítear:**<br>**- eitleáin,**<br>**- rótarárthaí,**<br>**- seoleitleáin,**<br>**- balúin,**<br>**- aerlonga,**<br>**- aerárthaí leictreacha éirí cheartingearaigh agus tuirlingthe ceartingearaí** | Deimhniú aeracmhainneachta aerárthaigh (aonair) | Deimhniúchán cineáil aerárthaí, inneall agus lián |
| | Deimhniú torainn aerárthaí (aonair) | Deimhniú páirteanna agus fearas |
| | n/bh | Deimhniú agus formhaoirseacht eagraíochtaí deartha |
| | Deimhniú agus formhaoirseacht eagraíochtaí táirgthe, cé is moite díobh siúd arb é EASA an t-údarás inniúil ina leith | Deimhniú agus formhaoirseacht eagraíochtaí táirgthe tríú tír<br>Deimhniú agus formhaoirseacht eagraíochtaí táirgthe san Aontas Eorpach ar aistríodh a ndeimhniú i gcomhréir le hAirteagal 64 nó 65 den Bhunrialachán[25] |
| | Deimhniú agus formhaoirseacht eagraíochtaí cothabhála (Cuid-145), cé is moite díobh siúd arb é EASA an t-údarás inniúil ina leith | Deimhniú agus formhaoirseacht eagraíochtaí cothabhála tríú tír (Cuid-145)<br>Deimhniú agus formhaoirseacht eagraíochtaí Chuid-145 san Aontas Eorpach ar aistríodh a ndeimhniú i gcomhréir le hAirteagal 64 nó 65 den Bhunrialachán |
| | Deimhniú agus formhaoirseacht eagraíochtaí aeracmhainneachta comhcheangailte (Cuid-CAO), cé is moite díobh siúd arb é EASA an t-údarás inniúil ina leith | Deimhniú agus formhaoirseacht eagraíochtaí aeracmhainneachta comhcheangailte (Cuid-CAO) tríú tír<br>Deimhniú agus formhaoirseacht eagraíochtaí Chuid-CAO san Aontas Eorpach ar aistríodh a ndeimhniú i gcomhréir le hAirteagal 64 nó 65 den Bhunrialachán |
| | Deimhniú agus formhaoirseacht eagraíochtaí um bainistiú leanúnach aeracmhainneachta (Cuid-CAMO), cé is moite díobh siúd arb é EASA an t-údarás inniúil ina leith | Deimhniú agus formhaoirseacht eagraíochtaí um bainistiú leanúnach aeracmhainneachta tríú tíortha (Cuid-CAMO)<br>Deimhniú agus formhaoirseacht eagraíochtaí um bainistiú leanúnach |

25 Airteagal 64: ath- leithdháileadh freagrachta arna iarraidh sin do na Ballstáit – Airteagal 65: ath- leithdháileadh freagrachta arna iarraidh sin d’eagraíochtaí a fheidhmíonn in aon Bhallstát amháin nó níos mó.

| | | |
|---|---|---|
| | | aeracmhainneachta san Aontas Eorpach ar aistríodh a ndeimhniú i gcomhréir le hAirteagal 64 nó 65 den Bhunrialachán |
| | Ceadúnú pearsanra deimhnithe um chothabháil | n/bh |
| | Deimhniú agus formhaoirseacht eagraíochtaí oiliúna cothabhála aerárthaí (Cuid-147), cé is moite díobh siúd arb é EASA an t-údarás inniúil ina leith | Deimhniú agus formhaoirseacht eagraíochtaí oiliúna cothabhála aerárthaí tríú tíortha (Cuid-147)<br>Formheas eagraíochtaí oiliúna cothabhála aerárthaí (Cuid-147) san Aontas ar aistríodh a ndeimhniú i gcomhréir le hAirteagal 64 nó 65 den Bhunrialachán |
| **Oibríochtaí Aeir** | n/bh | Údarú oibreoirí tríú tír (aeriompar tráchtála) |
| | Deimhniú agus formhaoirseacht oibreoirí aeriompair tráchtála/sealbhóirí teastais aeroibreora (AOC), cé is moite díobh siúd arb é EASA an t-údarás inniúil ina leith | Deimhniú agus formhaoirseacht oibreoirí aeriompair tráchtála ar aistríodh a AOC i gcomhréir le hAirteagal 64 nó 65 den Bhunrialachán |
| | Formhaoirseacht/údarú oibreoirí eile (oibríochtaí neamhthráchtála, oibríochtaí speisialaithe), cé is moite díobh siúd arb é EASA an t-údarás inniúil ina leith | Formhaoirseacht/údarú oibreoirí eile i gcás inar aistríodh an fhormhaoirseacht i gcomhréir le hAirteagal 64 nó 65 den Bhunrialachán |
| **Foireann Eitilte agus Cúrsaí Leighis** | Ceadúnú agus deimhniú leighis píolótaí | n/bh |
| | Fianú foirne cábáin | n/bh |
| | Deimhniú agus formhaoirseacht eagraíochtaí oiliúna píolótaí, cé is moite díobh siúd arb é EASA an t-údarás inniúil ina leith | Deimhniú agus formhaoirseacht eagraíochtaí oiliúna píolótaí tríú tír<br>Deimhniú agus formhaoirseacht eagraíochtaí oiliúna píolótaí san Aontas Eorpach ar aistríodh a ndeimhniú i gcomhréir le hAirteagal 64 nó 65 den Bhunrialachán |
| | Deimhniú agus formhaoirseacht ionad aerleighis, cé is moite díobh siúd arb é EASA an t-údarás inniúil ina leith | Deimhniú agus formhaoirseacht ionad aerleighis tríú tír |
| | Deimhniú feistí oiliúna ionsamhalta eitilte (FSTDanna), cé is moite díobh siúd arb é EASA an | Deimhniú FSTDanna:<br>- arna n-úsáid ag eagraíochtaí oiliúna arna ndeimhniú ag EASA |


| | | |
|---|---|---|
| | t-údarás inniúil ina leith | - atá lonnaithe i dtríú tír<br>- atá lonnaithe i mBallstát ar iarraidh ón mBallstát |
| | Deimhniú teagascóirí agus scrúdaitheoirí agus scrúdaitheoirí aeraileighis | n/bh |
| **BAL/SAL** | Deimhniú agus formhaoirseacht sholáthraithe BAT/SAL, cé is moite díobh siúd arb é EASA an t-údarás inniúil ina leith | Deimhniú agus formhaoirseacht sholáthraithe BAT/SAL tríú tír.<br>Deimhniú agus formhaoirseacht sholáthraithe BAT/SAL uile- Eorpacha, lena n-áirítear an Bainisteoir Líonra agus soláthraithe sheirbhísí DAT |
| | n/bh | Deimhniú agus formhaoirseacht i ndáil leis na deimhnithe le haghaidh threalamh áirithe BAT/SAL a bhaineann leis an tsábháilteacht, agus i ndáil leis na dearbhuithe a dhéantar ina leith |
| | Ceadúnú agus deimhniú leighis rialtóirí aerthráchta (lena n-áirítear teagascóirí agus measúnóirí) | n/bh |
| | Deimhniú eagraíochtaí oiliúna rialtóirí aerthráchta, cé is moite díobh siúd arb é EASA an t-údarás inniúil ina leith | Deimhniú eagraíochtaí oiliúna rialtóirí aerthráchta tríú tír |
| | Deimhniú scrúdaitheoirí aeraileighis agus ionad leighis | n/bh |
| **Aeradróim (lena n-áirítear héileapoirt agus ingearfoirt)** | Deimhniú aeradróm agus a dtrealaimh a bhaineann leis an tsábháilteacht | Deimhniú agus formhaoirseacht i ndáil leis na deimhnithe le haghaidh trealamh áirithe aeradróm a bhaineann leis an tsábháilteacht, agus i ndáil leis na dearbhuithe a dhéantar ina leith |
| | Deimhniú oibreoirí aeradróim agus a n-oibríochtaí | n/bh |
| **UAS (ladrainn)** | Clárú oibreoirí UAS agus UAS deimhnithe | Fíorú dearaidh UAS arna oibriú sa chatagóir 'shonrach' |
| | Údaruithe oibriúcháin le haghaidh UAS arna oibriú sa chatagóir 'shonrach' | n/bh |
| | Eisiúint tosaigh deimhnithe oibreora UAS éadrom (LUC) agus formhaoirseacht leanúnach | n/bh |

| | | |
|---|---|---|
| | orthu | |
| | Ceadúnú agus deimhniú leighis cianphíolótaí ag a bhfuil UAS á oibriú | n/bh |
| **U- space** | Measúnú riosca aerspáis, ainmniú aerspás U- space, athchumrú aerspáis dhinimiciúil agus freagrachtaí gaolmhara | n/bh |
| | Ainmniú agus deimhniú an tsoláthraí seirbhíse faisnéise coitinne aonair | n/bh |
| | Deimhniú sholáthraithe seirbhíse U- space eile (USSP) | Deimhniú USSPanna uile- Eorpacha agus USSPanna tríú tír |

Nóta:

Cuimsítear freisin le freagrachtaí formheasta/deimhnithe sna réimsí éagsúla inniúlachta bainistíocht sábháilteachta agus bainistíocht slándála faisnéise, i gcás inarb infheidhme. Fíoraítear comhlíontacht na gceanglas is infheidhme mar chuid de na próisis deimhnithe/formheasta tosaigh agus na formhaoirseachta leanúnaí agus níl sí faoi réir aon deimhniú formheasta/eagrúcháin ar leith. Dá réir sin, leanann an leithdháileadh freagrachtaí le haghaidh na bhfearann sin a shainítear i dTábla 2.

***Fíor 1. Idirghaolmhaireachtaí idir na páirtithe leasmhara i gcóras sábháilteachta na hEorpa***



#### 1.4.2.2. Na Ballstáit

Faoin ngnáthnós imeachta reachtach, tá an Chomhairle atá comhdhéanta d'ionadaithe na mBallstát ina comhreachtóir in éineacht le Parlaimint na hEorpa (féach roinn 1.3.1). Ina theannta sin, bíonn na Ballstáit (ach ní bhíonn an Chomhairle féin) rannpháirteach sa phróiseas cinnteoireachta i gcás gníomhartha cur chun feidhme trí na socruithe nós imeachta coiste seanbhunaithe (féach roinn 1.4.1).

Mar atá dlí an Aontais faoi láthair, is iad na Ballstáit atá freagrach i gcónaí as rialáil ar na nithe seo a leanas:

(a) Aerloingseoireacht aerárthaí a liostaítear faoi Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139 (e.g. aerárthaí stairiúla áirithe, aerárthaí turgnamhacha, aerárthaí éadroma, etc.);

(b) Oibríochtaí aerárthaí agus gníomhaíochtaí nó seirbhísí míleata, custaim, póilíneachta, cuardaigh agus tarrthála, comhraic dóiteáin, garda cósta, nó gníomhaíochtaí nó seirbhísí cosúla eile á ndéanamh, ar choinníoll nár chinn siad ceanglais an Aontais Eorpaigh dá bhforáiltear in Airteagal 2(6) de Rialachán (AE) 2018/1139 a chur i bhfeidhm;

(c) BAT/SAL, lena n-áirítear córais agus comhpháirteanna, a sholáthraíonn an t-arm nó a chuireann an t-arm ar fáil, ar choinníoll nár chinn Ballstát ceanglais an Aontais Eorpaigh dá bhforáiltear in Airteagal 2(6) de Rialachán (AE) 2018/1139 a chur i bhfeidhm;

(d) Aeradróim arna rialú agus arna n-oibriú ag an arm, ar choinníoll nár chinn Ballstát ceanglais an Aontais Eorpaigh dá bhforáiltear in Airteagal 2(6) de Rialachán (AE) 2018/1139 a chur i bhfeidhm;

Nóta: Gan dochar do cheanglais slándála náisiúnta agus chosanta, maidir le seirbhísí BAT/SAL dá dtagraítear i bpointe (c) arna soláthar don aerthrácht shibhialta mar aon le saoráidí dá dtagraítear i bpointe (d) atá ar oscailt i gcomhair úsáid phoiblí, áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar leo leibhéal sábháilteachta agus idir- inoibritheachta le córais shibhialta atá chomh héifeachtach leis an leibhéal sin a thagann as cur i bhfeidhm na gceanglas fíor- riachtanach i Rialachán (AE) 2018/1139.

(e) Aeradróim nach gcomhlíonann ceann amháin de na critéir seo a leanas ar a laghad:
  - (i) atá ar oscailt i gcomhair úsáid phoiblí;
  - (ii) a fhónann d'Aeriompar Tráchtála;
  - (iii) soláthraítear oibríochtaí ina n-úsáidtear nósanna imeachta ascnaimh nó imeachta le huirlisí agus
    - a. tá rúidbhealach pábháilte acu ar 800 méadar nó níos mó a fhad; nó
    - b. ní fhónann siad ach do héileacaptair amháin;

(f) Ar chinneadh an Bhallstáit, aeradróim a chomhlíonann na critéir go léir a shonraítear i bpointí (e) (i) go (iii), ach nach láimhseálann níos mó ná 10 000 paisinéir aeriompair tráchtála nó nach bhfuil níos mó ná 850 gluaiseacht iontu a bhaineann le hoibríochtaí lastais in aghaidh na bliana.

(g) Bearta maidir le teorainn ama eitilte le haghaidh na réimsí sin gach gcumhdaítear faoi dhlí an Aontais (cf. Airteagal 8, Rialachán (AE) Uimh. 965/2012).

Dé réir Airteagal 2(6) de Rialachán (AE) 2018/1139, féadfaidh Ballstát a chinneadh aon cheann de Ranna 1, 2, 3 nó 7 de Chaibidil III, nó aon teaglaim de na ranna sin, a chur i bhfeidhm maidir le roinnt gníomhaíochtaí nó maidir leis na gníomhaíochtaí uile dá dtagraítear in Airteagal 2(3)(a) den Rialachán agus maidir leis an bpearsanra agus leis na heagraíochtaí atá rannpháirteach sna gníomhaíochtaí sin, i gcás ina measann sé, i bhfianaise shaintréithe na ngníomhaíochtaí, an phearsanra agus na n-eagraíochtaí atá i gceist agus chuspóir agus ábhar na bhforálacha lena mbaineann, gur féidir na forálacha sin a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach. Leis an bhféidearthacht sin maidir le rogha a bheith páirteach, soláthraítear solúbthacht do na Ballstáit agus cinneadh á dhéanamh acu maidir leis na réimsí ina bhféadfadh dlí an Aontais a bheith níos éifeachtúla chun an tsábháilteacht, an idir- inoibritheacht nó an éifeachtúlacht a mhéadú.

Cé gur ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a ghlactar formhór na reachtaíochta maidir leis an tsábháilteacht eitlíochta, tá an fhreagracht ar na Ballstáit i gcónaí as an tsábháilteacht eitlíochta ina gcríoch agus ina n-aerspás a áirithiú. Formhór na dtascanna deimhniúcháin a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 agus lena rialacha cur chun feidhme, is ar an leibhéal náisiúnta a fhorghníomhaítear iad, amhail formheasanna eagraíochtaí náisiúnta agus ceadúnú pearsanra. Déanann na Ballstáit formhaoirseacht ar an bpearsanra agus ar na heagraíochtaí sin, déanann siad iniúchtaí, measúnuithe agus imscrúduithe, agus déanann siad bearta chun an neamhchomhlíonadh a chosc.

Mar sin féin, eisítear deimhnithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i réimsí áirithe. Go deimhin, sna réimsí sin, rinne na Ballstáit na freagrachtaí atá orthu faoi Choinbhinsiún Chicago a tharmligean chuig an Aontas (tá na sonraí le fáil i léaráid 2 thuas).

De bhun Airteagal 64(7) de Rialachán (AE) 2018/1139, ní dhéanfaidh ath- leithdháileadh na freagrachta faoin Airteagal sin dochar do chearta agus oibleagáidí na mBallstát faoi Choinbhinsiún Chicago. Nuair a dhéanfaidh Ballstát, i gcomhréir leis an Airteagal seo, an fhreagracht as na cúraimí a shanntar dó le Coinbhinsiún Chicago a ath- leithdháileadh, tabharfaidh sé fógra do ICAO go bhfuil an Ghníomhaireacht nó Ballstát eile i mbun na bhfeidhmeanna agus na gcúraimí a sannadh dó faoi Choinbhinsiún Chicago.

Tá an fhreagracht ar na Ballstáit freisin, i gcomhréir le Caighdeáin ICAO agus de réir Chaibidil II de Rialachán (AE) 2018/1139, as Clár Sábháilteachta Stáit a fhorbairt, ar clár é nach mór a ailíniú leis an gClár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta agus lena dtacaítear le baint amach Chóras Sábháilteachta na hEorpa.

1.4.2.3. Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA)

Bunaíodh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (EASA) in 2002 chun foráil a dhéanamh maidir le socruithe níos fearr sna réimsí go léir a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 ionas go mbíonn tascanna áirithe atá á ndéanamh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh á ndéanamh ag aon chomhlacht saineolais speisialaithe amháin. Tá os cionn 800 saineolaí agus riarthóir eitlíochta ar fhoireann EASA ó na Ballstáit go léir. In Köln na Gearmáine atá ceanncheathrú na Gníomhaireachta, agus tá oifig aici freisin sa Bhruiséil mar aon le cúig oifig eile in Washington (Stáit Aontaithe), Montréal (Ceanada), Béising (an tSín), Panama agus Singeapór.

Tá EASA neamhspleách i ndáil le hábhair theicniúla agus tá neamhspleáchas dlíthiúil, riaracháin agus airgeadais aige. Tá pearsantacht dhlítheanach ag EASA agus feidhmíonn sé na tascanna agus na freagrachtaí a bhronntar air le Rialachán (AE) 2018/1139.

Tugtar le chéile ionadaithe ó 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh, ón Íoslainn, ó Lichtinstéin, ón Iorua, ón Eilvéis agus ón gCoimisiún ar Bhord Bainistíochta EASA, agus is é an Bord

Bainistíochta a shainíonn clár oibre EASA, a leagann síos a bhuiséad, agus a dhéanann faireachán ar fheidhmiú na Gníomhaireachta. Ina theannta sin, tugann an Bord Bainistíochta cuireadh do bhreathnóirí freastal ar a phlé, agus bailítear le chéile Stáit in aice leis an Aontas a shínigh comhaontú cuimsitheach eitlíochta leis an Aontas agus ionadaithe ón tionscal trí Bhord Comhairleach EASA.

Gníomhaíonn EASA mar an t-údarás inniúil sna réimsí eitlíochta a shonraítear faoi léaráid 2 thuas. Sa chomhthéacs sin, tá EASA freagrach as deimhniúchán cineáil aerárthaí san Aontas ó bhí 2003 ann. Deimhnítear sa deimhniú arna eisiúint ag EASA go gcomhlíonann an cineál aerárthaigh na ceanglais sábháilteachta a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais. Déanann EASA faireachán ar fheidhmíocht cineálacha aerárthaigh atá in úsáid i rith shaolré iomlán na n-aerárthaí arna dtáirgeadh ar bhonn an dearaidh cineáil. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé gníomhaíochtaí a shainordú i gcás ina sainaithníonn sé staid bhaolach. Chuige sin, eisíonn sé 'treoracha maidir le haeracmhainneacht' a sheoltar chuig sealbhóir an deimhnithe cineáil nach mór d'oibreoirí cloí leo i gcomhthéacs chothabháil a n-aerárthaí aonair.

Ina theannta sin, gabhann EASA ar láimh na tascanna agus na freagrachtaí a bhfuil tuairisc orthu i léaráid 3 thuas. Áirítear leis sin go háirithe ullmhú agus glacadh tuairimí a thacaíonn leis an gCoimisiún in ullmhú na gcodanna teicniúla de na Rialacháin tharmligthe agus cur chun feidhme.

Tugann comhlachtaí comhairleacha cúnamh chun tuairimí EASA den sórt sin a dhréachtú, agus soláthraíonn na comhlachtaí sin comhairle freisin ar ábhar, tosaíochtaí agus feidhmiú chlár déanta rialacha EASA i gcomhthéacs EASp. Ina theannta sin, ullmhaíonn an Ghníomhaireacht na bearta (sonraíochtaí deimhniúcháin agus sonraíochtaí mionsonraithe eile, modhanna inghlactha comhlíonta agus ábhar treorach) lena dtacaítear le cur chun feidhme na rialacha comhchoiteanna teicniúla sin.

Ina theannta sin, déanann EASA imscrúduithe ar chaighdeánú ar na Ballstáit chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme fhorálacha Rialachán (AE) 2018/1139 chomh maith lena rialacha cur chun feidhme sna Ballstáit (féach roinn 3.1.1 freisin). Tuairiscíonn sé don Choimisiún, agus is é an Coimisiún a dhéanann cinneadh ar deiridh maidir le bearta forfheidhmiúcháin a thionscnamh mar thoradh ar easpa comhlíontachta ar bhonn comhairliúchán teicniúil agus dlíthiúil leis an nGníomhaireacht.

I réimse BAT/SAL, soláthraíonn EASA cúnamh teicniúil don Choimisiún i gcur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair, trí iniúchtaí, imscrúduithe agus staidéir theicniúla a dhéanamh, chomh maith le rannchuidiú le cur chun feidhme Mháistirphlean BAT, lena n-áirítear tacú le forbairt agus imlonnú chlár SESAR. Go háirithe, freastalaíonn EASA ar cheanglais rialála agus cur chun feidhme na n-athruithe oibriúcháin fíor- riachtanacha ar SESAR agus ar dhul chun cinn sa teicneolaíocht, amhail réitigh theicneolaíocha U- space, fíorúlú, ailtireacht néalbhunaithe agus cianoibríochtaí túir, ach úsáid modhanna oibre nua, feabhsuithe oibriúcháin agus teicneolaíochtaí arna bhforbairt ag SESAR a chumasú. Ina theannta sin, tacaíonn EASA le timthriall nuálaíochta iomlán SESAR trí mheasúnú a dhéanamh ar chórais bheartaithe agus formhaoirseacht a dhéanamh ar réitigh a imlonnaítear. Is iad sin bloic thógála na hailtireachta aerspáis a bheidh san Eoraip amach anseo chun tacú leis an tsábháilteacht, leis an éifeachtúlacht agus leis an bhfeidhmíocht chomhshaoil. Thairis sin, áirithíonn EASA, thar ceann an Choimisiúin, formhaoirseacht ar an mBainisteoir Líonra le haghaidh fheidhmeanna líonra BAT den Aerspás Eorpach Aonair.

Ina theannta sin, rannchuidíonn EASA le cur chun feidhme na scéime feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra, go háirithe trí ábhar treoraíochta a sholáthar le haghaidh na ngnéithe a bhaineann leis an tsábháilteacht de Scéim Feidhmíochta BAT an Aerspáis Eorpaigh Aonair (féach 2.3.1).

Cumhachtaítear EASA freisin chun aeriompróirí tráchtála tríú tír a údarú le heitilt isteach i 31 Stát EASA, le heitilt iontu nó amach astu. Ní ghabhann EASA chuige féin ach an chuid den mheasúnú ar oibreoirí eachtracha a bhaineann leis an tsábháilteacht. Leanann na húdaráis náisiúnta de cheadanna oibriúcháin a eisiúint. Thairis sin, déanann EASA comhordú ar an gClár Eorpach Cigireachta Rampa 'SAFA' (Measúnú Sábháilteachta ar Aerárthaí Eachtracha) maidir le sábháilteacht aerárthaí eachtracha ag a bhfuil aerfoirt an Aontais in úsáid.

Ar bhonn níos ginearálta, soláthraíonn EASA comhairle theicniúil don Choimisiún agus do na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí. Tá an Ghníomhaireacht ar an gcomhlacht cur chun feidhme freisin maidir le cúnamh teicniúil i réimsí na sábháilteachta eitlíochta agus BAT le haghaidh tríú tíortha agus réigiúin lenar shínigh an tAontas comhaontuithe eitlíochta agus ar gheall an tAontas dóibh tacaíocht den sórt sin a sholáthar. Soláthraítear cúnamh freisin d'údaráis eitlíochta Bhallstáit an Aontais ar bhonn *ad hoc*.

Thairis sin, gabhann EASA ar láimh tascanna i réimse an bhailithe sonraí, na hanailíse agus an taighde chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht eitlíochta. Sa chomhthéacs sin, tacaíonn líonra na n-anailísithe sábháilteachta eitlíochta (NoAnna) leis. Déanann an Ghníomhaireacht comhordú ar an gclár Data4Safety, arb é ceann dá phríomhchuspóirí é cumais láidre riosca- bhunaithe a bhunú le haghaidh na hearnála eitlíochta Eorpaí chun feabhas a chur ar a cumais cinntí eolasacha bunaithe ar shonraí a dhéanamh sna réimsí éagsúla den tsábháilteacht eitlíochta. Is é cuspóir an chláir leas a bhaint as cineál agus méid gan fasach an eolais agus na sonraí chun dul i ngleic le formhór na saincheisteanna agus na ndúshlán tábhachtach atá le sárú agus a bheidh le sárú ag an earnáil iompair Eorpach.

Tá EASA ina bhall den Aonad Eorpach um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime atá freagrach as comhordú a dhéanamh ar bhainistíocht na freagartha don ghéarchéim líonra i réimse na heitlíochta. Déanfaidh sé a chion féin, laistigh dá réimse inniúlachta, i gcomhordú le páirtithe leasmhara ábhartha eile, chun freagairt phras a thabhairt do ghéarchéimeanna eitlíochta agus chun iad a laghdú.

Ar deireadh, tá EASA freagrach as ullmhú agus glacadh an Phlean Eorpaigh um Shábháilteacht Eitlíochta (EASp).[26]

Tá cur i bhfeidhm prionsabal fónta bainistíochta sábháilteachta fíor- riachtanach má táthar chun leanúint d'fheabhas a chur ar shábháilteacht na heitlíochta sibhialta san Aontas, de rioscaí sábháilteachta atá ag teacht chun cinn a thuar, agus den úsáid is fearr a bhaint as acmhainní teicniúla teoranta. Cé go raibh EPAS ina uirlis sheanbhunaithe le haghaidh pleanáil sábháilteachta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh cheana féin, níor bronnadh aitheantas dlíthiúil foirmiúil ar an doiciméad sin go dtí gur tháinig Rialachán (AE) 2018/1139 i bhfeidhm. Téitear i ngleic ann leis na saincheisteanna ar bhealach cuimsitheach uileghabhálach.

Déileáiltear leis an mbainistíocht sábháilteachta i gCaibidil II de Rialachán (AE) 2018/1139 agus ceanglaítear inti go nglactar an Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta agus an Plean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta. Leis na forálacha sin, déantar caighdeáin agus cleachtais mholta Iarscríbhinn 19 ICAO a bhaineann le Cláir Sábháilteachta Stáit a thrasuí freisin i ndlí an Aontais.

---

26Féach roinn 2.2 le haghaidh faisnéis mhionsonraithe ar an EASp, ar a fhorbairt agus ar an bpróiseas glactha). An Plean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta a thugtaí ar an bPlean roimhe seo. Athraíodh a ainm chun mearbhall a sheachaint idir an Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASP) agus an Plean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASp).

Ina theannta sin, tá roinnt prionsabal i Rialachán (AE) 2018/1139 ar cheart dóibh a bheith ina dtreoir ag EASA, ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit agus sábháilteacht na heitlíochta sibhialta á rialú agus bearta á ndéanamh chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht eitlíochta. Ceanglaítear leis na prionsabail sin go háirithe go mbeidh comhfhreagairt agus comhréireacht ann idir na bearta agus na rialacha sábháilteachta agus nádúr na gcineálacha éagsúla aerárthaí, oibríochtaí agus gníomhaíochtaí a ndírítear orthu agus na rioscaí a bhaineann leo. Ba cheart bearta den sórt sin a bheith foirmlithe, a mhéid is féidir, ar bhealach lena ndíreofar ar chuspóirí atá le baint amach, ach go bhféadfar modhanna éagsúla a úsáid leis na cuspóirí sin a bhaint amach, agus ba cheart cur chuige sistéamach a chothú maidir leis an eitlíocht shibhialta freisin, an t-idirspleáchas idir an tsábháilteacht agus réimsí teicniúla eile á chur san áireamh, lena n-áirítear an chibearshlándáil. Ar an gcaoi sin, ba cheart rannchuidiú leis na leibhéil sábháilteachta a cheanglaítear a bhaint amach ar bhealach níos costéifeachtúla agus leis an nuálaíocht a spreagadh.

1.4.2.4. An Coimisiún Eorpach

An Coimisiún atá freagrach as tograí reachtacha Eorpacha a ullmhú faoin ngnáthnós imeachta reachtach (féach roinn 1.3.1 freisin) agus as gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe a ullmhú agus a ghlacadh nuair a dhéantar foráil dá leithéid faoin mbunghníomh reachtach.

Nuair a ghlactar reachtaíocht san Aontas, is ar na Ballstáit atá an phríomhfhreagracht as a cur i bhfeidhm ceart tráthúil. Déanann an Coimisiún faireachán ar an gcur i bhfeidhm ceart ag na Ballstáit (féach roinn 3.1.1 freisin) le cúnamh na Gníomhaireachta tríd an bpróiseas imscrúduithe ar an gcaighdeánú.

Sa chomhthéacs sin, féadfaidh an Coimisiún beart a dhéanamh má mheastar go bhfuil dlí an Aontais á shárú ag Ballstát. Más rud é nach féidir teacht ar réiteach ag céim luath, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le EASA go hiondúil, imeacht foirmiúil um shárú a thionscnamh agus ar deireadh an Ballstát a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (féach roinn 1.6).

Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chinneann buiséad bliantúil an Aontais agus an Coimisiún atá freagrach as a chur chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, áirithíonn an Coimisiún leithdháileadh cistí leordhóthanacha le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin a dhéanann EASA a bhíonn ag brath ar chistiú ón Aontas.

Ar deireadh, is é an Coimisiún atá freagrach as ullmhú, tabhairt cothrom le dáta agus glacadh an Chláir Eorpaigh um Shábháilteacht Eitlíochta. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2018/1139, an Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá chun na hathruithe a thugtar isteach a léiriú ann. Rachaidh sé i gcomhairle leis an nGníomhaireacht agus leis na Ballstáit chun na críche sin.

## 1.5. Imscrúdú timpistí agus teagmhas

### *1.5.1. Na rialacha is infheidhme*

Na Ballstáit atá freagrach i gcónaí as timpistí agus teagmhais a imscrúdú, chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht eitlíochta trí na cúiseanna atá leo a chinneadh agus moltaí sábháilteachta a dhéanamh arb é is aidhm leo atarlú a sheachaint.

Tá an bunús dlí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh maidir le himscrúdú agus cosc timpistí agus teagmhas le fáil i Rialachán (AE) Uimh. 996/2010. Áirithítear leis ardleibhéal éifeachtúlachta, luais agus cáilíochta na n-imscrúduithe sábháilteachta eitlíochta sibhialta Eorpacha, agus is é an t-aon chuspóir atá ann tionóiscí agus teagmhais sa todhchaí a chosc gan milleán ná dliteanas a chionroinnt. Maidir leis an údarás atá i gceannas ar thionóiscí agus teagmhais a

imscrúdú (an tÚdarás um Imscrúdú Sábháilteachta – SIA), áirithítear go háirithe leis na rialacha sin go bhfuil an t-údarás sin neamhspleách ar eagraíochtaí eitlíochta Stáit eile agus ar aon pháirtí nó eintiteas eile a bhféadfadh a ghníomhaíochtaí teacht salach ar an tasc a chuirtear ar iontaoibh an údaráis um imscrúdú sábháilteachta nó dul i gcion ar a oibiachtúlacht. Foráiltear leis na rialacha go bhféadfaí gníomhaíochtaí an údaráis a leathnú chun bailiú faisnéise a bhaineann leis an tsábháilteacht eitlíochta agus anailís a dhéanamh uirthi a chumhdach, go háirithe chun timpistí a chosc. D'fhéadfadh a bheith ina dtoradh ar na gníomhaíochtaí, staidéir nó anailís sin ar shraith imscrúduithe freisin moltaí sábháilteachta atá le breithniú ag an seolaí ábhartha agus, de réir mar is iomchuí, a bhfuil beart le déanamh ina leith chun cosc leordhóthanach tionóiscí agus teagmhas san eitlíocht shibhialta a áirithiú.

### *1.5.2. Moltaí sábháilteachta*

Ceanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ar sheolaí molta sábháilteachta an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta a d'eisigh an moladh a chur ar an eolas laistigh de 90 lá ón dáta a fhaigheann sé an litir sin faoi na gníomhaíochtaí atá déanta nó atá á mbreithniú, agus más iomchuí, faoin am is gá chun iad a chur i gcrích agus i gcás nach ndéantar aon ghníomh, faoi na cúiseanna leis sin. Laistigh de 60 lá ón dáta a fhaightear an freagra, cuireann an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta an seolaí ar an eolas i dtaobh cé acu a mheasann sé go bhfuil, nó nach bhfuil, an freagra leordhóthanach agus tugann sé cosaint mhaith nuair a easaontaíonn sé leis an gcinneadh gan aon ghníomh a dhéanamh.

Déanfaidh SIAnna nósanna imeachta a chur chun feidhme chun na freagairtí ar mholtaí sábháilteachta arna n-eisiúint acu a thaifeadadh, agus eintitis a fhaigheann moladh sábháilteachta, cuirfidh siad chun feidhme nósanna imeachta chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an ghnímh a ghlactar mar fhreagairt ar na moltaí sábháilteachta arna bhfáil. Déanann EASA próiseáil ar mholtaí sábháilteachta a sheoltar chuig an nGníomhaireacht agus soláthraíonn sé tuarascálacha ar dhul chun cinn agus staitisticí ar na moltaí sábháilteachta arna bpróiseáil.

Tugtar isteach leis an reachtaíocht freisin ceanglais chun moltaí sábháilteachta chomh maith leis na freagairtí a bhaineann leo a thaifeadadh i mbunachar sonraí lárnach ar a dtugtar an taisclann lárnach faisnéise ar tharluithe san eitlíocht shibhialta (ECR) arna bainistiú ag an gCoimisiún. Déanfaidh SIAnna gach moladh sábháilteachta arna fháil ó thríú tíortha a thaifeadadh sa taisclann freisin.

Tá gá dlisteanach ann rochtain a thabhairt don phobal ar mholtaí sábháilteachta (agus ar a bhfreagairtí) mar is é an cuspóir uileghabhálach atá le Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 an líon timpistí a laghdú agus scaipeadh torthaí maidir le teagmhais a bhaineann leis an tsábháilteacht a chur chun cinn. Ó tharla, ar chúiseanna slándála, nár cheart aon rochtain dhíreach ar an taisclann a bheith ann, déantar gach moladh sábháilteachta agus na freagairtí orthu sa taisclann a chur ar fáil don phobal i gcoitinne trí shuíomh gréasáin poiblí ar leith. Tá sé sin le fáil i Mol Lárnach ECCAIRS 2 (www.aviationreporting.eu). Is é misean an Lárionaid Eorpaigh Comhordúcháin um Chórais Tuairiscithe ar Thimpistí agus Teagmhais (ECCAIRS) ardán digiteach a sholáthar lena gcumasaítear cur chun feidhme na bhforálacha a shainítear i Rialachán (AE) Uimh. 376/2014. Tacaíonn ECCAIRS le húdaráis eitlíochta chun a bhfaisnéis sábháilteachta a bhailiú agus a chomhroinnt agus anailís a dhéanamh uirthi agus é mar aidhm dheiridh leis feabhas a chur ar an tsábháilteacht eitlíochta. Soláthraíonn EASA tacaíocht don Choimisiún i mbainistíocht na taisclainne.

### *1.5.3. Comhar le heintitis eile*

Le Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, treisítear an comhar idir SIAnna a thuilleadh tríd an Líonra Eorpach d'Údaráis um Imscrúdú Sábháilteachta na hEitlíochta Sibhialta (ENCASIA) a

bhunú, ar a bhfuil ceannaire an údaráis um imscrúdú sábháilteachta i ngach Ballstát agus/nó, i gcás údarás ilmhódach, ceannaire a bhrainse eitlíochta, nó a ionadaithe. Féachann ENCASIA le cáilíocht imscrúduithe arna seoladh ag údaráis um imscrúdú sábháilteachta a fheabhsú a thuilleadh agus lena neamhspleáchas a neartú a thuilleadh trí chaighdeáin arda maidir le modhanna imscrúdaithe agus oiliúint imscrúdaitheoirí a spreagadh. Go háirithe, cuireann ENCASIA comhairle ar institiúidí an Aontais maidir le gach gné a bhaineann le himscrúduithe sábháilteachta, cuireann sé chun cinn comhroinnt faisnéise atá úsáideach chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht eitlíochta, déanann sé 'athbhreithnithe piaraí' agus gníomhaíochtaí oiliúna a chomhordú agus a eagrú, agus déanann sé dea- chleachtais an imscrúdaithe sábháilteachta a chur chun cinn. Ar deireadh, cuirtear de chúram ar ENCASIA anailís a dhéanamh ar na moltaí sábháilteachta arna n-eisiúint nó arna bhfáil ag Ballstáit an Aontais d'fhonn moltaí sábháilteachta tábhachtacha a bhfuil ábharthacht uile- Aontais leo a shainaithint.

Le Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, cuirtear de cheangal ar údaráis imscrúdaithe sábháilteachta san Aontas, i gcomhréir le hIarscríbhinn 13 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, cuireadh a thabhairt do EASA, agus údaráis eitlíochta sibhialta náisiúnta an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann, páirt a ghlacadh in imscrúduithe sábháilteachta. Is é ról EASA gníomhú mar chomhairleoir le gur féidir leis tacú leis an Imscrúdaitheoir i gCeannas nó leis an Ionadaí Creidiúnaithe den údarás imscrúdaithe sábháilteachta ag a bhfuil an t-imscrúdú ar siúl nó atá rannpháirteach ann gan dochar a dhéanamh do stádas neamhspleách an imscrúdaithe. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh údaráis eitlíochta sibhialta náisiúnta Bhallstáit an Aontais páirt a ghlacadh mar chomhairleoirí sna himscrúduithe sábháilteachta. Ina theannta sin, tacaíonn EASA agus na húdaráis eitlíochta sibhialta náisiúnta leis an imscrúdú ina nglacann siad páirt tríd an bhfaisnéis arna hiarraidh, comhairleoirí agus trealamh a sholáthar don SIA i gceannas.

Tá sé d'aidhm ag an Rialachán freisin feabhas a chur ar an gcomhar idir imscrúduithe idir SIAnna, agus údaráis eile ar dóigh dóibh baint a bheith acu leis na gníomhartha a bhainfidh leis an imscrúdú sábháilteachta, amhail na húdaráis bhreithiúnacha, na húdaráis um eitlíocht shibhialta agus na húdaráis chuardaigh agus tarrthála.

## 1.6. Forfheidhmiú

### *1.6.1. Cur i bhfeidhm ag na Ballstáit*

Leagtar amach in Airteagal 17(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach go n-áiritheoidh an Coimisiún cur i bhfeidhm na gConarthaí, agus na mbeart arna nglacadh ag institiúidí an Aontais dá mbun, agus go ndéanfaidh sé cur i bhfeidhm dhlí an Aontais a fhormhaoirsiú faoi rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Bunaítear nós imeachta forfheidhmiúcháin ginearálta an Aontais Eorpaigh in Airteagal 258 de CFAE, agus tugtar an chumhacht don Choimisiún imeachtaí um shárú a thionscnamh in aghaidh na mBallstát a bhfuil a n-oibleagáidí á sárú acu dar leis. Is féidir sáruithe féideartha a shainaithint ar bhealaí éagsúla, go hiondúil trí thorthaí na n-imscrúduithe ar an gcaighdeánú a dhéanann EASA lena gcabhraítear leis an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an dlí maidir leis an tsábháilteacht eitlíochta. Áirítear ar na bealaí eile gearáin ó fhoinsí éagsúla a dtarraingítear aird an Choimisiúin orthu, idir ghearáin ó dhaoine aonair agus ghearáin ó institiúidí.

An Ghníomhaireacht a dhéanann faireachán ar chomhlíontacht dhlí an Aontais maidir leis an tsábháilteacht eitlíochta agus ar chomhlíontacht fhormhór an chreata rialála i réimse BAT/SAL agus, de bhua Airteagal 85 de Rialachán (AE) 2018/1139, cuirtear ar iontaoibh na Gníomhaireachta cabhrú leis an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin agus a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme sna Ballstáit. Chuir an

Coimisiún ar iontaoibh EASA freisin an rud céanna a dhéanamh maidir le Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus lena Rialachán cur chun feidhme.

Trí na forálacha agus na nósanna imeachta a bunaíodh leis an rialachán sonrach cur chun feidhme (Rialachán (AE) Uimh. 628/2013), déanann EASA faireachán ar chur i bhfeidhm na Rialachán agus na ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme thuasluaite ag údaráis inniúla na mBallstát, agus déanann sé imscrúduithe ar an gcaighdeánú. Cibé ar bith, ó 2022 ar aghaidh, úsáidtear imscrúduithe ar an gcaighdeánú freisin chun measúnú a dhéanamh ar Chláir Sábháilteachta Stáit (SSP) na mBallstát a bheidh comhsheasmhach le EASp agus a n-áireofar leo na gnéithe a bhfuil tuairisc orthu in Iarscríbhinn 19 ICAO. Áireofar freisin le SPPanna den sórt sin, nó beidh ag gabháil leo, Pleananna Stáit um Shábháilteacht Eitlíochta (SPAS) ina sainaithneofar na príomhrioscaí sábháilteachta agus ina leagfar amach gníomhaíochtaí chun iad a mhaolú, lena n-áirítear na rioscaí agus na gníomhaíochtaí a shainaithnítear in EASp atá ábhartha don Stát lena mbaineann.

Le haghaidh gach imscrúdaithe ar an gcaighdeánú, bunaíonn EASA tuarascáil ar an imscrúdú ina dtugann sé aghaidh ar thorthaí a sainaithníodh le linn an imscrúdaithe agus seolfar an tuarascáil sin chuig an mBallstát lena mbaineann agus chuig an gCoimisiún. I gcás nach dtugtar aghaidh mar is ceart ar na torthaí neamhchomhlíontachta a sainaithníodh, déantar an cás a thuairisciú don Choimisiún agus féadfaidh an Coimisiún nós imeachta maidir le sárú a thionscnamh ar bhonn Airteagal 258 de CFAE.

Anuas ar an bpróiseas caighdeánúcháin, deimhnithe arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht nó ag na húdaráis náisiúnta inniúla, agus dearbhuithe arna ndéanamh ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1139 agus leis na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn, beidh siad faoi réir a bhfaireacháin ag an gCoimisiún agus ag EASA. Má mheasann an Coimisiún nach bhfuil ceanglais is infheidhme an Rialacháin seo agus na ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn á gcomhlíonadh a thuilleadh ag duine dlítheanach nó nádúrtha dár eisíodh deimhniú nó a d'eisigh dearbhú é féin, ceanglóidh an Coimisiún, ar mholadh ón nGníomhaireacht, ar an mBallstát atá freagrach as formhaoirseacht an duine sin gníomh ceartaitheach iomchuí agus bearta coimirce a ghlacadh, lena n-áirítear an deimhniú a theorannú nó a chur ar fionraí (féach roinn 1.6.2.2 thíos).

### *1.6.2. Cur i bhfeidhm ag eagraíochtaí tionscail rialáilte*

#### 1.6.2.1. Fíneálacha agus pionóis

Ceanglaítear leis na rialacháin is infheidhme maidir leis an tsábháilteacht eitlíochta ar na Ballstáit fíneálacha agus pionóis a leagan síos i gcás sárú ar na Rialacháin seo agus ar a rialacha cur chun feidhme, más ann dóibh. Ní mór do na fíneálacha agus na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Thairis sin, i gcás sáruithe ar Rialachán (AE) 2018/1139 agus ar a rialacha cur chun feidhme agus i gcás inarb í an Ghníomhaireacht an t-údarás inniúil agus ina ndéanann sí formhaoirseacht ar eagraíocht, féadfaidh an Coimisiún, ar iarraidh ó EASA, fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur ar na daoine agus ar na gnóthais dár eisigh EASA deimhniú. Ceanglaítear go mbeidh na fíneálacha agus na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla athchomhairleach agus comhréireach le tromchúis an cháis agus le hacmhainn eacnamaíoch shealbhóir an deimhnithe lena mbaineann, agus aird ar leith á tabhairt ar a mhéid a cuireadh isteach ar an tsábháilteacht. Tá gníomh tarmligthe á ullmhú ag an gCoimisiún sa réimse sin, i gcomhréir le hAirteagal 84(4) de Rialachán (AE) 2018/1139, ina leagfar síos critéir mhionsonraithe agus modheolaíocht mhionsonraithe chun méideanna na bhfíneálacha

agus na n-íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla agus na nósanna imeachta maidir lena mbailiú, lena n-áirítear rialacha maidir le fiosrúcháin, tuairisciú agus cearta cosanta, a bhunú.

1.6.2.2. Gníomhaíochtaí maidir le deimhnithe agus bearta eile

Ceanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún agus ar EASA dul i gcomhar le chéile d'fhonn comhlíontacht an Rialacháin agus a rialacha cur chun feidhme a áirithiú. De bhreis ar fhormhaoirseacht a dhéanamh ar dheimhnithe arna n-eisiúint acu nó ar dhearbhuithe arna bhfáil acu, ceanglaítear ar na Ballstáit imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear imscrúduithe rampaí, agus aon bheart a meastar gá bheith leis a dhéanamh, lena n-áirítear aerárthaí a choinneáil ar an talamh. I gcás ina sainaithníonn an t-údarás inniúil (údarás náisiúnta nó EASA) neamhchomhlíontacht sealbhóirí deimhnithe, nó i gcás inar cuireadh an t-údarás inniúil ar an eolas faoi, féadfaidh sé nó beidh air an deimhniú a leasú (a theorannú), a chur ar fionraí nó a chúlghairm i gcomhréir leis an bhforáil is infheidhme i Rialachán (AE) 2018/1139 agus ina rialacha cur chun feidhme.

Ina theannta sin, má mheasann an Coimisiún nach bhfuil na ceanglais is infheidhme á gcomhlíonadh a thuilleadh ag duine nádúrtha nó dlítheanach dár eisíodh deimhniú nó a d'eisigh dearbhú é féin, ceanglóidh an Coimisiún, ar mholadh ón nGníomhaireacht, ar an mBallstát atá freagrach as an bhformhaoirseacht gníomh ceartaitheach iomchuí agus bearta coimirce a ghlacadh, lena n-áirítear an deimhniú a theorannú nó a chur ar fionraí. Nuair a ghlacfaidh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme ina bhfuil an cinneadh sin, tiocfaidh sé i bhfeidhm agus scoireann an deimhniú nó an ceanglas maidir le dearbhú aitheantais fhrithpháirtigh deimhnithe d'fheidhm a bheith aige maidir leis na Ballstáit eile. Nuair a bheidh fianaise leordhóthanach ag an gCoimisiún go ndearnadh beart ceartaitheach iomchuí, cinnfidh sé go n-athbhunófar an t-aitheantas frithpháirteach.

Tá sainordú ag EASA freisin freagairt gan moill mhíchuí d'fhadhb phráinneach sábháilteachta a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2018/1139 tríd an mbeart ceartaitheach atá le déanamh ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha a chinneadh ina ngníomhaíonn sé mar an t-údarás inniúil agus trí fhaisnéis a bhaineann leis a scaipeadh ar na daoine sin, lena n-áirítear treoracha (treoracha sábháilteachta) nó moltaí.

Maidir leis na tascanna a bhfuil an Ballstát freagrach as deimhniú agus formhaoirseacht ina leith, i gcás ina sainaithnítear fadhb phráinneach sábháilteachta, cinnfidh EASA cuspóirí sábháilteachta atá le baint amach agus molfaidh sé beart ceartaitheach a bheidh le déanamh ag údaráis náisiúnta inniúla. Sa chás sin, cuirfidh na húdaráis náisiúnta inniúla EASA ar an eolas gan moill mhíchuí faoi na bearta a glacadh chun na cuspóirí sábháilteachta arna gcinneadh ag EASA a bhaint amach.

De bhreis ar na bearta sin, chuir na Ballstáit i bhfeidhm beartais forfheidhmiúcháin náisiúnta chun cur i bhfeidhm ceart na reachtaíochta ar an leibhéal náisiúnta a áirithiú. I gcomhthéacs sonrach Iarscríbhinn 19 de Choinbhinsiún Chicago, leagtar amach go sainráite i moladh 3.2.1.2 gur cheart do Stáit beartas forfheidhmiúcháin a bhunú ina sonraítear na coinníollacha agus na dálaí faoina bhféadfaidh soláthraithe seirbhíse a bhfuil SMS acu déileáil le teagmhais lena mbaineann saincheisteanna sábháilteachta áirithe, agus teagmhais den sórt sin a réiteach, go hinmheánach, laistigh de chomhthéacs a SMS agus chun sástacht an údaráis Stáit iomchuí.

## 2. BAINISTÍOCHT RIOSCA SÁBHÁILTEACHTA EORPACH

Bunaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 go bhfuil cur i bhfeidhm prionsabal fónta bainistíochta sábháilteachta fíor- riachtanach má táthar chun leanúint d'fheabhas a chur ar shábháilteacht na heitlíochta sibhialta san Aontas, de rioscaí sábháilteachta atá ag teacht chun cinn a thuar, agus den úsáid is fearr a bhaint as acmhainní teicniúla teoranta. Is é conclúid an Rialacháin gur gá, dá bhrí sin, creat coiteann a bhunú chun gníomhaíochtaí feabhsaithe sábháilteachta a phleanáil agus a chur chun feidhme. Chuige sin, ba cheart Plean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta agus Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta a tharraingt suas ar leibhéal an Aontais. Ba cheart do gach Ballstát Clár Sábháilteachta Stáit a tharraingt suas freisin i gcomhréir leis na ceanglais atá in Iarscríbhinn 19 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Ba cheart plean ina bhfuil tuairisc ar na bearta atá le déanamh ag an mBallstát leis na rioscaí sábháilteachta sainaitheanta a mhaolú a bheith ag gabháil leis an gClár sin.

Agus aird á tabhairt air sin, tugtar isteach le Rialachán (AE) 2018/1139 creat rialála ceangailteach nua i gCaibidil II ann ar Bhainistíocht na Sábháilteachta Eitlíochta. Leagtar amach le hAirteagal 5 den Rialachán sin go ndéanfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht agus leis na Ballstáit, doiciméad a ghlacadh, a fhoilsiú, agus a thabhairt cothrom le dáta mar is gá, doiciméad ina ndéanfar cur síos ar fheidhmiú chóras sábháilteachta eitlíochta na hEorpa, ina mbeidh na rialacha, na gníomhaíochtaí agus na próisis a úsáidtear chun sábháilteacht na heitlíochta sibhialta a bhainistiú san Aontas i gcomhréir leis an Rialachán sin (an 'Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta'). Beidh sa Chlár ar a laghad na gnéithe a bhaineann le freagrachtaí an Stáit i dtaca le bainistíocht sábháilteachta a dtugtar tuairisc orthu sna caighdeáin idirnáisiúnta agus na cleachtais mholta. Ina theannta sin, tugtar tuairisc ann ar an bpróiseas lena ndéanfar an Plean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta, dá dtagraítear in Airteagal 6 den Rialachán, agus a mbeidh dlúthbhaint leis ag na Ballstáit agus ag páirtithe leasmhara eile, a fhorbairt, a ghlacadh, a thabhairt cothrom le dáta agus a chur chun feidhme.

Suíodh le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2018/1139 go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara ábhartha, Plean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta a fhorbairt, a ghlacadh, a fhoilsiú, agus a thabhairt cothrom le dáta uair sa bhliain, ar a laghad, dá éis sin. Arna bhunú ar mheasúnú ar fhaisnéis ábhartha sábháilteachta, agus ar aschuir atá bunaithe ar shonraí den chlár Data4Safety, déanfar sa Phlean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta na príomhrioscaí sábháilteachta atá ar chóras sábháilteachta eitlíochta na hEorpa a shainaithint, agus na gníomhartha is gá chun na rioscaí sin a mhaolú a leagan amach. Déantar foráil san Airteagal sin freisin go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara ábhartha arís, na rioscaí sábháilteachta dá dtagraítear san Airteagal a dhoiciméadú i bpunann a bheidh tiomanta do rioscaí sábháilteachta agus déanfaidh sí faireachán ar an gcur chun feidhme a dhéanfaidh na páirtithe lena mbaineann i ndáil le gníomhaíochtaí maolúcháin gaolmhara, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí tháscairí feidhmíochta sábháilteachta a leagan síos.

Agus na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2018/1139 á gcur san áireamh, déanfar, sa Phlean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta, an leibhéal feidhmíochta sábháilteachta don Aontas Eorpach a shonrú. Sa chleachtas, baintear é sin amach trí sprioc shábháilteachta mhianaidhme a leagan síos, i gcomhar le táscairí feidhmíochta sábháilteachta (SPInna) bunaithe ar thorthaí (oibriúcháin) agus bunaithe ar phróiseas agus le tacaíocht ó Scéim Feidhmíochta BAT an Aerspáis Eorpaigh Aonair. Na SPInna atá bunaithe ar thorthaí, sainítear iad in Athbhreithniú Bliantúil EASA ar an tSábháilteacht agus déantar faireachán orthu trí SRM na hEorpa. Na táscairí atá bunaithe ar phróiseas, sainítear iad i gCaibidil 4 EASp agus déantar faireachán orthu trí nósanna imeachta EASA maidir leis an gcaighdeánú. An Príomhréimse Feidhmíochta Sábháilteachta de Scéim Feidhmíochta an Aerspáis Eorpaigh

Aonair, tá sé ailínithe le prionsabail agus le treoir theicniúil chreat faireacháin feidhmíochta EASA. Meitheal faoi stiúir na Gníomhaireachta a dhearann táscairí feidhmíochta le tacaíocht ó AMC agus GM. Déanann na táscairí sin éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta a thomhas ar leibhéal eagraíochta agus ansin déanann siad faireachán ar thorthaí sábháilteachta, agus an taisclann lárnach faisnéise ar tharluithe san eitlíocht shibhialta in úsáid mar fhoinse sonraí.

Féachfaidh an Coimisiún, an Ghníomhaireacht agus na Ballstáit an leibhéal feidhmíochta sábháilteachta a bhaint amach i dteannta a chéile.

Le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/1139, déantar an Clár Sábháilteachta Stáit (SSP) a bhuanú ar leibhéal na mBallstát. Leagtar amach ann go ndéanfaidh gach Ballstát, i gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ábhartha, clár sábháilteachta Stáit a bhunú agus a choinneáil ar bun chun sábháilteacht na heitlíochta sibhialta a bhainistiú, i ndáil leis na gníomhaíochtaí eitlíochta faoina chúram (an 'Clár Sábháilteachta Stáit'), a bheidh i gcomhréir le méid agus le castacht na ngníomhaíochtaí sin agus a bheidh comhsheasmhach leis an gClár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta. Beidh in SSP ar a laghad na gnéithe a bhaineann le freagrachtaí an Stáit i dtaca le bainistíocht sábháilteachta a dtugtar tuairisc orthu sna caighdeáin idirnáisiúnta agus na cleachtais mholta. Ina theannta sin, sonrófar in SSP na cuspóirí sábháilteachta atá le baint amach ar an leibhéal náisiúnta i ndáil leis na gníomhaíochtaí eitlíochta faoi fhreagracht an Bhallstáit lena mbaineann.

Ar deireadh, leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2018/1139 go mbeidh in SSP nó go mbeidh ag gabháil leis Plean Stáit um Shábháilteacht Eitlíochta. Arna bhunú ar mheasúnú ar fhaisnéis ábhartha sábháilteachta, déanfaidh gach Ballstát, i gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ábhartha, trí bhíthin an phlean sin, na príomhrioscaí sábháilteachta atá ar a chóras sábháilteachta eitlíochta náisiúnta féin a shainaithint, agus leagfaidh sé síos na gníomhartha is gá chun na rioscaí sin a mhaolú.

Sonraítear freisin in Airteagal 8 go n-áireofar leis an bPlean Stáit um Shábháilteacht Eitlíochta (SPAS) na rioscaí agus na gníomhaíochtaí a shainaithnítear in EASp atá ábhartha don Bhallstát lena mbaineann agus go ndéanfaidh na Ballstáit an Ghníomhaireacht a chur ar an eolas maidir leis na rioscaí agus na gníomhaíochtaí a shainaithnítear in EASp nach ábhartha iad, dar leo, dá chóras sábháilteachta eitlíochta náisiúnta maille leis na cúiseanna atá leis sin. Bíonn an fhaisnéis sin le fáil in SPAS go hiondúil. Gníomhaíochtaí EASp nach mór do Bhallstáit iad a bhreithniú, sainaithnítear iad mar 'Thascanna Ballstáit (MSTanna)'. Thairis sin, chun cabhrú leis na Ballstáit le sainaithint na míreanna EASp atá ábhartha dá SPAS, tá i ngníomhaíocht thiomnaithe MST liosta de na príomhréimsí riosca is mó le breithniú ag Stáit. Anuas ar na príomhréimsí riosca sin a bhreithniú, moltar do Stáit athbhreithniú a dhéanamh ar phunanna riosca sábháilteachta an fhearainn lena soláthraítear liosta cuimsitheach saincheisteanna sábháilteachta tosaíochta le haghaidh na bhfearann éagsúil, mar a áirítear le hImleabhar III EASp.

Leis an gCaibidil II nua sin, cuireann Rialachán (AE) 2018/1139 chun feidhme na ceanglais idirnáisiúnta a bhunaítear le hIarscríbhinn 19 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, lena leagtar síos an ceanglas maidir le Córais Bainistíochta Sábháilteachta le haghaidh soláthraithe seirbhíse agus lena gceanglaítear gur cheart do gach Córas Bainistíochta Sábháilteachta a bheith inghlactha ag an Stát atá freagrach as an deimhniú ábhartha. Thairis sin, ceanglaítear le hIarscríbhinn 19 ICAO ar Stáit clár a fhorbairt chun an tsábháilteacht a bhainistiú, SSP le bheith níos beaichte, lena gceanglaítear go mbunófar i measc gnéithe eile reachtaíocht phríomha maidir leis an eitlíocht, beartais, cuspóirí agus acmhainní soiléire, córas agus feidhmeanna Stáit chun rioscaí sábháilteachta a bhainistiú agus chun an tsábháilteacht a áirithiú, agus gníomhaíochtaí um chur chun cinn na sábháilteachta.

Dá bhrí sin, de bhua Rialachán (AE) 2018/1139, tugann an tAontas sainordú do na Ballstáit SSP a bhunú agus a choinneáil ar bun. Ina theannta sin, go traidisiúnta, léirigh an tAontas spiorad Chaighdeáin ábhartha ICAO i roinnt Rialachán Eorpach, go háirithe sna rialacha cur chun feidhme a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139.

## 2.1. Bailiú, Anailís agus Malartú Sonraí Sábháilteachta

Is acmhainn thábhachtach í faisnéis sábháilteachta chun guaiseacha sábháilteachta a bhrath. Áirithítear le roinnt Rialachán den Aontas go mbailítear sonraí agus faisnéis ábhartha, go ndéantar anailís orthu agus go ndéantar iad a mhalartú, i gcás inarb iomchuí. Áirítear leis sin go háirithe faisnéis ar tharluithe san eitlíocht shibhialta (faoi dheireadh 2021 bhí breis is 2 400 000 iontráil sa taisclann lárnach faisnéise ar tharluithe san eitlíocht shibhialta), ar aeriompróirí an Aontais agus aeriompróirí tríú tíortha i gcomhthéacs Chlár Imscrúdaithe Rampaí an Aontais Eorpaigh (faoi dheireadh 2021 bhí breis is 160 000 tuairisc i mbunachar sonraí SAFA, ón uair a rinneadh Clár Imscrúdaithe Rampaí an Aontais Eorpaigh de chóras SAFA), ar mholtaí sábháilteachta faoin gCóras Faisnéise maidir le Moltaí Sábháilteachta (SRIS – faoi dheireadh 2021 bhí breis is 4 100 moladh sábháilteachta i mbunachar sonraí SRIS) agus faisnéis a bhailítear, a ndéantar anailís uirthi, agus a mhalartaítear i gcomhthéacs údaruithe TCO agus ón liosta sábháilteachta Eorpach d'aerárthaí a bhfuil cosc orthu.

San Aontas Eorpach, rialaítear bailiú, anailís agus malartú tarluithe le Rialachán (AE) Uimh. 376/2014. Ceanglaítear leis an reachtaíocht sin go mbunaíonn eagraíochtaí, na Ballstáit agus EASA córas lenar féidir tarluithe ábhartha a bhailiú agus a stóráil. Déantar anailís ar tharluithe a bhailítear agus cuirtear gníomhaíochtaí maolaithe chun feidhme i gcás inarb ábhartha. Déantar gach tarlú a bhailítear, chomh maith le faisnéis ábhartha ar an anailís orthu agus ar bhearta leantacha, a aistriú chuig an taisclann lárnach faisnéise ar tharluithe san eitlíocht shibhialta (ECR).

Faisnéis ar tharluithe a chuirtear isteach in ECR, cuirtear ar fáil í do na Ballstáit (údaráis eitlíochta náisiúnta agus údaráis imscrúdaithe sábháilteachta), do EASA agus don Choimisiún. Líonra na n-anailísithe sábháilteachta eitlíochta a bhunaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 376/2014, tá gá leis chun anailís a dhéanamh ar ECR chun tacú leis an mBainistíocht Riosca Sábháilteachta Eorpach agus cur le EASp dá bhrí sin.

Le Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 forchuirtear ar údaráis agus ar EASA freisin úsáid a bhaint as comhscéim Eorpach Aicmithe Riosca (ERCS)[27]. Déanann ERCS an riosca sábháilteachta maidir le tarluithe tuairiscithe a thomhas trí úsáid a bhaint as maitrís dhéthoiseach:

- Ar an gcéad dul síos, téann rónna na maitríse i ngleic leis an déine tríd an toradh tionóisce is measa is dócha a bheidh ann a shainaithint a d'eascródh dá n-ardófaí an tarlú ina thimpiste. Déantar é sin trí bhreithniú a dhéanamh ar an gcineál tionóisce is dóchúla agus ar an gcatagóir caillteanais saoil a d'fhéadfadh a bheith ann bunaithe ar mhéid an aerárthaigh agus ar an ngaireacht do limistéir ina bhfuil daonra nó do limistéir ardriosca araon.

[27] Tá ERCS ina chuid de chreat dlíthiúil Rialachán (AE) Uimh. 376/2014, ar an gcéad dul síos trí Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2034 ón gCoimisiún a foilsíodh an 6 Deireadh Fómhair 2020, chomh maith le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2082 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2021, a thiocfaidh i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023.

- Ar an dara dul síos, déanann na colúin an dóchúlacht/an chosúlacht a thomhas, trí fhéachaint ar cé chomh gar is a bhí an tarlú don toradh tionóisce sin. Breithnítear éifeachtacht na mbacainní sábháilteachta atá ann cheana agus dóchúlacht á cinneadh.

Trí ERCS a chur i bhfeidhm, déanfar bainistiú sábháilteachta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear an spriocdhíriú maoirseachta atá bunaithe ar shonraí sábháilteachta (féach roinn 3.2.2), a fheabhsú tuilleadh.

Cuid fhíor- riachtanach den chóras a bhunaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 is ea an sainmhíniú ar 'Chultúr Cóir', arb é is aidhm dó infhaighteacht leanúnach faisnéise sábháilteachta a áirithiú trí thimpeallacht iontaofa a chruthú ina mbíonn muinín ar dhaoine tarluithe a thuairisciú. Bunaítear timpeallacht an 'Chultúir Chóir' sin trí phríomhphrionsabail a shainítear i Rialachán (AE) Uimh. 376/2014, lena n-áirítear an chosaint ó mhilleán agus ó phionós (cé is moite de chásanna mí- iompair thoiliúil nó iompair dho- ghlactha).

Cuirtear an córas seo i gcrích leis an gclár Data4Safety a bhailíonn, ar bhonn deonach, sonraí comhlántacha amhail sonraí eitilte, tráchta agus aimsire. Cuireann sé acmhainní anailíseacha feabhsaithe ar fáil freisin. Tacaíonn Data4Safety le rioscaí a bheidh ann amach anseo a thuar.

## 2.2. Bainistíocht Riosca Sábháilteachta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh: an próiseas chun an Plean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta

Suas leis an 11ú heagrán (EASp 2022-2026), cumhdaíodh le EASp tréimhse 5 bliana agus eisíodh é mar phlean rollach a tugadh cothrom le dáta gach bliain. Ón 12ú heagrán ar aghaidh, laghdaítear an tréimhse sin go dtí 3 bliana, lena hailíniú le tréimhse thagartha an Phlean Dhomhanda um an tSábháilteacht Eitlíochta. Leagfar amach tosaíochtaí straitéiseacha in Imleabhar I le haghaidh na tréimhse tagartha 3 bliana, le hathbhreithniú meántéarma lena áirithiú go mbeidh siad ábhartha i gcónaí. I gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2018/1139, maidir le hImleabhar II EASp ina bhfuil tuairisc ar ghníomhaíochtaí EASp chomh maith le hImleabhar III leis na punanna riosca sábháilteachta fearainn, leanfar dá n-athbhreithniú agus dá dtabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil.

Maidir le forbairt an Phlean, i dtéarmaí tosaíochtaí straitéiseacha agus gníomhaíochtaí araon, braitheann sé ar ghrúpaí páirtithe leasmhara tiomnaithe, go háirithe:

- Comhlacht Comhairleach na mBallstát (MAB) agus Comhlacht Comhairleach na bPáirtithe Leasmhara, soláthraíonn siad comhairle maidir le tosaíochtaí straitéiseacha;
- na Comhlachtaí Teicniúla/Earnála (TeB, TeC, Coistí Earnála a dhéanann ionadaíocht ar na Ballstáit agus ar an tionscal faoi seach), soláthraíonn siad comhairle theicniúil agus oibriúcháin chomh maith le haiseolas ar an gcur chun feidhme; agus
- an obair chomhoibríoch a dhéanann EASA lena chomhpháirtithe sábháilteachta (go háirithe tríd an gclár Data4Safety) a thacaíonn le forbairt na bPunann Riosca Sábháilteachta.

Déantar foráil do dhá chéim ar leith i dtimthriall clársceidealaithe caighdeánach EASp, a bhfuil sainchomhairliúchán le páirtithe leasmhara ag gabháil le gach céim díobh.

Céim I:

- I rith na chéad chéime, na tosaíochtaí straitéiseacha a dhíorthaítear ó Straitéis Eitlíochta an Aontais agus na tosaíochtaí sábháilteachta a chinntear trí phróiseas SRM Eorpach, déantar iad a phlé agus a dheimhniú le Comhlachtaí Comhairliúcháin EASA (ABanna). Bíonn MAB agus SAB chun tosaigh chun ionchuir ó na fochoistí fearainn a

chomhdhlúthú agus chun tuairimí na mBallstát/an tionscail ar na tosaíochtaí a sholáthar do EASA. Tionscnaítear an Chéim sin uair gach 3 bliana ag tús na bliana roimh an gcéad bhliain den tréimhse thagartha nua).

Céim II:

- Bunaithe ar na tosaíochtaí sábháilteachta comhaontaithe, déantar na garspriocanna le haghaidh gníomhaíochtaí aonair EASp a shainiú nó a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le próiseas clársceidealaithe aonair EASp. Ansin forbraítear dréacht- EASp agus scaiptear é ar na ABanna go léir le haghaidh tuairimí mionsonraithe. Tar éis an chomhairliúcháin le ABanna agus na hanailíse ar na tuairimí, déantar an dréacht deiridh de EASp a chomhdhlúthú agus déantar Imleabhar III a chomhtháthú. Tá an tsraith iomlán punann riosca sábháilteachta fearainn san Imleabhar sin, lena n-áirítear tuairisc ar gach saincheist sábháilteachta a sainaithníodh agus a cuireadh in ord tosaíochta, agus forbraítear an tImleabhar tríd an bpróiseas Bainistíochta Riosca Sábháilteachta Eorpaí.

Ansin déantar an dréacht deiridh de EASp ina bhfuil na trí Imleabhar a chur faoi bhráid Bhord Bainistíochta (MB) EASA. Foilsítear é ar shuíomh gréasáin EASA tar éis a fhormheasa fhoirmiúil ag an mBord.

Tá faisnéis bhreise ar fhorbairt EASp, lena n-áirítear cur i bhfeidhm phrionsabail Rialáil Níos Fearr an Choimisiúin agus faisnéis ar na grúpaí éagsúla a bhfuil ról acu i bhforbairt EASp, le fáil anseo:

- Conas a fhorbraítear EASp
- Meithleacha agus Comhlachtaí a bhfuil ról acu in EASp


Cinntear na tosaíochtaí sábháilteachta agus na gníomhaíochtaí gaolmhara in EASp tríd an bpróiseas Bainistíochta Riosca Sábháilteachta Eorpaí, lena mbaineann na Ballstáit, an tionscal, an Coimisiún agus EASp.

*Próiseas Bainistíochta Riosca Sábháilteachta (SRM) Eorpaí*

Na príomhrioscaí sábháilteachta agus na gníomhaíochtaí maolúcháin comhfhreagracha a chuireann le EASp, forbraítear iad tríd an bpróiseas SRM Eorpach. Cuimsítear leis sin sraith próiseas a bhfuil sé d'aidhm acu na saincheisteanna sábháilteachta agus a maoluithe a shainaithint, chomh maith le faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme. Cuimsítear leis anailís ar shonraí ó fhoinsí éagsúla agus comhar le comhpháirtithe sábháilteachta ó údaráis eitlíochta náisiúnta agus ón tionscal (tríd an gclár Data4Safety) agus NoAnna.

Cúig chéim shonracha atá sa phróiseas SRM:

*Fíor 2. An próiseas SRM Eorpach*




**Sainaithint saincheisteanna sábháilteachta:** Is é seo an chéad chéim sa phróiseas SRM agus déantar é trí anailís a dhéanamh ar shonraí ar tharluithe agus ar fhaisnéis eile a bhaineann leis an tsábháilteacht agus trí thacú le faisnéis ón obair chomhoibríoch leis na comhpháirtithe sábháilteachta, go háirithe tríd an gclár Data4Safety. Déanann an Ghníomhaireacht na saincheisteanna sábháilteachta féideartha sin a thaifeadadh go foirmiúil agus bíonn siad faoi réir réamh- mheasúnú sábháilteachta. Cuireann an measúnú sin faisnéis ar fáil don chinneadh maidir le cé acu ar cheart saincheist sábháilteachta fhéideartha a chur san áireamh go foirmiúil laistigh den phunann rioscaí sábháilteachta ábhartha nó a bheith faoi réir gníomhaíochtaí eile. Faightear comhairle ó Data4Safety agus ó líonra na n-anailísithe sábháilteachta eitlíochta (NoA). Na punanna rioscaí sábháilteachta fearainn atá ar an aschur ón gcéim seo den phróiseas. Tugtar tús áite do na príomhréimsí riosca agus do shaincheisteanna sábháilteachta araon sna punanna. Foilsítear na punanna riosca sábháilteachta fearainn le hImleabhar III EASp.

**Measúnú ar shaincheisteanna sábháilteachta:** A luaithe a shainaithnítear saincheist sábháilteachta agus a thaifeadtar í laistigh den phunann riosca sábháilteachta, bíonn sé faoi réir measúnú sábháilteachta teicniúil. Tugtar tús áite do na measúnuithe sin laistigh den phunann. EASA a dhéanann comhordú ar an bpróiseas measúnúcháin agus tacaíonn Data4Safety agus líonraí na n-anailísithe sábháilteachta eitlíochta leis. Ina theannta sin, spreagtar baill an ghrúpa chun páirt a ghlacadh sa mheasúnú féin. Tá an cur chuige comhoibríoch sin le comhpháirtithe sábháilteachta na Gníomhaireachta criticiúil chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach. An Measúnú ar Shaincheist Sábháilteachta atá iontu sin le chéile, agus soláthraíonn sé gníomhaíochtaí maolaithe féideartha do EPAS.

**Sainiú agus clársceidealú gníomhaíochtaí sábháilteachta:** Áirítear leis sin measúnú tionchair a thaifeadfar i ndoiciméad ar an straitéis idirghabhála is fearr (BIS) ina saineofar gníomhaíochtaí maolaithe féideartha, ina ndéanfar measúnú ar impleachtaí agus ar thairbhí gach gníomhaíochta féideartha, agus ina ndéanfar moltaí maidir leis an ngníomhaíocht nó leis na gníomhaíochtaí maolaithe is fearr atá le cur chun feidhme in EASp. Leis an Measúnú ar

Shaincheist Sábháilteachta agus BIS le chéile, cuirtear tograí foirmiúla ar ghníomhaíocht EASp faoi bhráid ABanna ansin mar chuid den chomhairliúchán BIS agus/nó EASp.

Is ann do chineálacha éagsúla gníomhaíochta EASp, amhail tascanna déanta rialacha (RMTanna), tascanna um chur chun cinn na sábháilteachta (SPTanna) nó tascanna Ballstáit (MSTanna). Tá tuairisc mhionsonraithe ar na cineálacha gníomhaíochtaí EASp agus na teimpléid ghaolmhara le fáil ar leathanach EASp ar shuíomh gréasáin EASA:

- Cineálacha gníomhaíochta EASp agus teimpléid

Nuair a dhéanfar plé ar na gníomhaíochtaí agus nuair a thiocfar ar chomhaontú ina leith, áireofar iad sa chéad eagrán eile de EASp. Gníomhaíochtaí ísealchostais nó gníomhaíochtaí a bhfuil idirghabháil níos mire de dhíth orthu, is minic a thugtar tús áite dóibh agus foilsítear iad sa chéad nuashonrú eile ar EASp, gan aon ghá le BIS. I gcásanna áirithe, bíonn gníomhaíochtaí sábháilteachta níos práinní de dhíth a bhféadfaí iad a thabhairt i gcrích sula bhfoilseofaí an chéad eagrán eile de EASp. Ar ndóigh, ní áirítear iad sin laistigh de EASp. D'fhéadfaí a áireamh le gníomhaíochtaí den sórt sin feasachán faisnéise sábháilteachta (SIB) a fhoilsiú nó d'fhéadfaidís a bheith i bhfoirm gníomhaíochtaí láithreacha chun an tsábháilteacht a chur chun cinn.

**Cur chun feidhme agus bearta leantacha:** Cuimsítear sa chéad chéim eile den phróiseas cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a áiríodh in EASp agus bearta leantacha a dhéantar ina leith.

Déanann EASA faireachán ar chur chun feidhme tráthúil gníomhaíochtaí ar bhonn na bpríomhtháscairí feidhmíochta a shainítear i gcomhthéacs an phróisis clársceidealaithe aonair. Soláthraítear aiseolas ar an dul chun cinn go tráthrialta i gcruinnithe AB.

In Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2018/1139, ceanglaítear ar na Ballstáit gníomhaíochtaí ábhartha EASp agus rioscaí ábhartha a bhreithniú ina bPlean Stáit féin um Shábháilteacht Eitlíochta (SPAS) agus údar a thabhairt i gcás nach measann siad go bhfuil na gníomhaíochtaí sin ábhartha dóibh. Dá bhrí sin, is uirlis thábhachtach atá in SPAS i gcónaí le haghaidh na mBallstát chun tuairisciú ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí. Tá coinne leis go ndéanfaidh Stáit athbhreithniú ar an SPAS uair sa bhliain ar a laghad agus, i gcás nach ndéantar a SPAS a thabhairt cothrom le dáta go bliantúil, tá coinne leis go gcoinneoidh siad taifid ar bun maidir le cur chun feidhme gníomhaíochtaí ábhartha EASp, lena n-áirítear údar i gcás nach meastar gníomhaíochtaí den sórt sin a bheith ábhartha.

Déanann EASA measúnú go tráthrialta ar chur chun feidhme SSP ar leibhéal na Stát aonair mar chuid de ghníomhaíochtaí SYS EASA maidir leis an gcaighdeánú. Tá sé i gceist leis an measúnú láidreachtaí agus réimsí inar gá feabhas a shainaithint, rud a rannchuidíonn le haibíocht bhreise chur chun feidhme SSP san Eoraip, chun spriocanna GASP agus EASp a chomhlíonadh maidir le cur chun feidhme éifeachtach SSP faoi 2025. Cuimsítear leis sin measúnú ar phróisis agus ar thorthaí na pleanála gníomhaíochtaí sábháilteachta ar leibhéal an Stáit. Thairis sin, maidir leis na gníomhaíochtaí EASp sin a áirítear in EUR RASP, beidh siad faoi réir suirbhéanna bliantúla ar an gcur chun feidhme arna mbainistiú ag Oifig Réigiúnach ICAO EUR. Pléifear torthaí an fhaireacháin sin ag cruinnithe AB agus ag Grúpa Saineolaithe Réigiún na hEorpa ar an tSábháilteacht (RESG) faoi seach.

**An fheidhmíocht sábháilteachta a thomhas:** An chéim dheiridh de phróiseas SRM is ea an fheidhmíocht sábháilteachta a thomhas. Úsáidtear é sin chun faireachán a dhéanamh orthu seo a leanas:

(1) athruithe sonracha de thoradh cur chun feidhme gníomhaíochtaí sábháilteachta; agus

(2) na hathruithe sistéamacha a d'fhéadfadh tarlú sa chóras eitlíochta agus a bhféadfadh gníomhaíochtaí breise a bheith de dhíth orthu.

Déantar an fheidhmíocht a thomhas trí chreat feidhmíochta sábháilteachta lena ndéantar faireachán:

(1) go trasnaí ar na fearainn éagsúla agus lena bhféachtar an tráth céanna ar na príomhréimsí riosca ar leibhéal fearainn; agus

(2) na saincheisteanna sábháilteachta sonracha.

Is é Athbhreithniú Bliantúil EASA ar an tSábháilteacht (ASR) an t-athbhreithniú bliantúil ar an gcreat feidhmíochta sábháilteachta. Sainaithnítear ann treochtaí sábháilteachta, agus cuirtear i dtábhacht fearainn tosaíochta, príomhréimsí riosca agus saincheisteanna sábháilteachta. Ón gcéim sin, cuirtear tús le próiseas SRM arís. Maidir le ASR, féach § 2.3.3 le haghaidh sonraí breise ar ASR EASA.

*2.2.1 An Plean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta: an éirim idirnáisiúnta*


Tacaíonn EASp le cuspóirí agus le tosaíochtaí GASP. Is é is cuspóir do GASP laghdú leanúnach a dhéanamh ar bhásanna agus ar an riosca báis ach forbairt straitéise comhchuibhithe maidir le sábháilteacht eitlíochta a threorú, agus forbairt agus cur chun feidhme pleananna sábháilteachta eitlíochta réigiúnacha agus náisiúnta. Rannchuidíonn córas eitlíochta sábháilte le forbairt eacnamaíoch na Stát agus na dtionscal iontu. Le GASP, déantar cur chun feidhme córais maoirseachta aershábháilteachta Stáit a chur chun cinn trí chur chuige rioscabhunaithe i leith na bainistíochta sábháilteachta a chur chun cinn mar aon le cur chuige comhordaithe i leith an chomhair idir Stáit, réigiúin agus an tionscail. De bhreis ar dhul i ngleic leis an tsábháilteacht shistéamach, téann GASP i ngleic le catagóirí ardriosca domhanda tarluithe (G-HRCanna), a meastar iad mar thosaíochtaí sábháilteachta domhanda. Cinneadh na catagóirí sin bunaithe ar bhásanna iarbhír ó thionóiscí roimhe seo, ardriosca báis in aghaidh na tionóisce nó an líon tionóiscí agus teagmhas. Ar na príomhréimsí riosca a shainaithnítear tríd an bpróiseas Bainistíochta Riosca Sábháilteachta Eorpaí, áirítear na cúig G-HRCanna, mar atá

- eitilt rialaithe in aghaidh na talún;
- easpa rialaithe le linn eitilte;
- imbhualadh san aer;
- fágáil an rúidbhealaigh; agus
- ionradh rúidbhealaigh.

Sainaithnítear príomhréimsí riosca breise faoi raon feidhme EASp (féach Imleabhar III Caibidil 17 EASp), amhail dóiteán, deatach agus brúchóiriú, dochar ar an talamh, imbhualadh le constaic le linn eitilte, díobhálacha eile, agus slándáil.

Ó bhí 2017 ann, tá Oifig Réigiúnach ICAO do réigiún EUR/NAT agus EASA ag obair as lámh a chéile chun Plean Sábháilteachta Eitlíochta Réigiún na hEorpa (RASP) a fhorbairt, bunaithe ar EASp. Eisíodh an chéad EUR RASP in Eanáir 2019. Grúpa Saineolaithe Réigiún na hEorpa ar an tSábháilteacht (EUR RESG) atá freagrach as EUR RASP a choinneáil ar bun agus faireachán a dhéanamh air. EASA agus páirtithe leasmhara ón tionscal (IATA faoi láthair) a dhéanann comhchathaoirleacht ar EUR RESG. Tuairiscíonn EUR RESG do Ghrúpa Pleanála Chóras Eitlíochta na hEorpa (EASPG). Cé go gcinntear táscairí feidhmíochta sábháilteachta EASp mar chuid den Bhainistíocht Riosca Sábháilteacht Eorpach, soláthraítear le EUR RASP sraith Táscairí Feidhmíochta Sábháilteachta EUR agus spriocanna a dhíorthaítear ó chuspóirí agus spriocanna GASP, a mbailíonn ICAO sonraí ina leith.

*Fíor 3. Caidreamh idir EASP, EASp agus cláir agus pleananna eile*



## 2.3. Faireachán ar fheidhmíocht sábháilteachta

Meastar gurb é is feidhmíocht sábháilteachta ann a bhfuil bainte amach ag an Réigiún, an Stát nó an eagraíocht ó thaobh na sábháilteachta de arna mheasúnú ar mhodhanna cainníochtúla agus/nó cáilíochtúla.

An leibhéal feidhmíochta sábháilteachta atá le baint amach, níor cheart dó a bheith ceangailteach ach ba cheart rún an Aontais agus na mBallstát i dtaca le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta a chur in iúl leis, mar a léirítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2018/1139.

Nóta:

An coincheap de Leibhéal Feidhmíochta Sábháilteachta Inghlactha (ASoSP) mar a shainmhínítear i gCaighdeán 3.4.2.1 d'Iarscríbhinn 19 ICAO, an dara heagrán, tá sé beartaithe é a bhaint le haghaidh an chéad eagráin eile, i gcomhréir le moltaí ó Stáit agus ó pháirtithe leasmhara ón tionscal. Ina ionad sin, cuirfear i dtábhacht an gá le faireachán gníomhach agus bainistíocht a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht sábháilteachta bunaithe ar tháscairí lena léirítear na cuspóirí sábháilteachta.

Tá treoraíocht bhreise ar an mbainistíocht feidhmíochta sábháilteachta, arna soláthar ag EASA, le fáil anseo:

- Treoraíocht maidir leis an Leibhéal Feidhmíochta Sábháilteachta Inghlactha (ALoSP), Bainistíocht Feidhmíochta Sábháilteachta agus Áirithiú Sábháilteachta.

### *2.3.1 Comhaontú maidir le feidhmíocht sábháilteachta eagraíochtaí*

Ballstáit an Aontais atá freagrach as measúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar chóras bainistíochta na n-eagraíochtaí. lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht sábháilteachta ag na heagraíochtaí faoina ndlínse, i gcás inar gá córas bainistíochta den sórt sin. An leibhéal feidhmíochta sábháilteachta atá le baint amach, ba cheart measúnú a dhéanamh air in aghaidh na gcuspóirí sábháilteachta agus ba cheart breithniú a dhéanamh ar éifeachtacht gníomhaíochtaí maolaithe riosca agus ba cheart breithniú a dhéanamh faoin bhfaireachán ar mheascán de tháscairí bunaithe ar phróiseas agus ar thorthaí a ndíorthaítear iad ó na cuspóirí sábháilteachta.

Ní mór comhleanúnachas i gcuspóirí sábháilteachta a áirithiú idir an Stát (i.e. SSP/SPAS de réir Airteagail 7 agus 8 de Rialachán (AE) 2018/1139) agus na heintitis a rialaítear agus i dtaobh an fhaireacháin ar na cuspóirí sin freisin. Déantar an faireachán trí phróisis bainistíochta feidhmíochta sábháilteachta na Stát agus na n-eagraíochtaí agus trí fhormhaoirseacht bunaithe ar riosca/fheidhmíocht freisin. Éascaítear leis an modheolaíocht sin feabhsú leanúnach ar leibhéal na feidhmíochta sábháilteachta a bhaintear amach. I gcás nach gcomhlíontar an fheidhmíocht sábháilteachta, ba cheart don Stát agus don eagraíocht araon bearta a dhéanamh chun feabhas a chur ar an gcás.

Tiocfaidh méadú ar an aibíocht san fhaireachán ar fheidhmíocht sábháilteachta le himeacht ama a mhéid a aibíonn an cur chun feidhme agus a dhéantar malartú tráthrialta faisnéise bríche idir an Stát agus na heagraíochtaí arna bhformhaoirsiú.

Laistigh de chreat bainistíochta feidhmíochta an Aontais, is ann d'aon fhearann amháin faoi láthair dá sainítear spriocanna feidhmíochta sábháilteachta sainráite: bunaíodh scéim

feidhmíochta BAT an Aerspáis Eorpaigh Aonair[28] ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le forbairt leanúnach an chórais aeriompair trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fhoriomlán na seirbhísí aerloingseoireachta ar fud na gceithre phríomhréimse feidhmíochta, mar atá sábháilteacht, comhshaol, acmhainneacht (moill) agus cost- éifeachtúlacht. Déantar foráil sa scéim maidir le leagan síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh tréimhsí tagartha seasta 3-5 bliana sna ceithre phríomhréimse feidhmíochta. Ceanglaítear ar na Ballstáit pleananna feidhmíochta a fhorbairt lena n-áirítear spriocanna ceangailteacha ar leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal Bloc Feidhme Aerspáis (FAB) atá comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais.

Maidir le cur chun feidhme scéimeanna feidhmíochta BAT an Aerspáis Eorpaigh Aonair, Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta neamhspleách arna ainmniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/672/AE ón gCoimisiún[29] a thugann cúnamh don Choimisiún.

### *2.3.2 Feidhmíocht sábháilteachta na mBallstát*

Na prionsabail chéanna leo sin a dtugtar tuairisc orthu in 2.3.1, tá feidhm acu maidir le Ballstáit an Aontais Eorpaigh: ba cheart measúnú a dhéanamh ar an leibhéal feidhmíochta sábháilteachta atá le baint amach in aghaidh na gcuspóirí sábháilteachta agus ba cheart breithniú a dhéanamh ar éifeachtacht gníomhaíochtaí maolaithe a eascraíonn as bainistíocht riosca sábháilteachta Stáit laistigh de SSP agus arna sainiú in SPAS (i.e. Airteagail 7 agus 8 de Rialachán (AE) 2018/1139), agus aird chuí á tabhairt ar na rioscaí agus na gníomhaíochtaí a shainítear in EASp atá ábhartha don Stát (féach Airteagail 6 agus 8.2 de Rialachán (AE) 2018/1139).

Níl ann d'aon chomhaontú ar fheidhmíocht sábháilteachta an Bhallstáit ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ní fhorchuirtear aon spriocanna feidhmíochta sábháilteachta sonracha ar na Ballstáit le dlí an Aontais faoi láthair.

### *2.3.3 Athbhreithniú Bliantúil EASA ar an tSábháilteacht*

Léirítear le hAirteagal 72(7) de Rialachán (AE) 2018/1139, d'fhonn an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas i dtaobh leibhéal foriomlán na sábháilteachta i réimse na heitlíochta sibhialta san Aontas, go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht gach bliain, agus faoi chúinsí speisialta, athbhreithniú sábháilteachta a fhoilsiú. Cuimseofar san athbhreithniú sin anailís ar staid ghinearálta na sábháilteachta, i bhfoclaíocht atá simplí agus éasca le tuiscint, agus tabharfar le fios fós cé acu atá nó nach bhfuil méadú tagtha ar na rioscaí sábháilteachta.

Ina theannta sin, léirítear in Airteagal 14(4) de Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 go n-áireoidh an Ghníomhaireacht faisnéis faoi thoradh na hanailíse faisnéise dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin san athbhreithniú bliantúil ar an tsábháilteacht dá dtagraítear in Airteagal 72(7) de Rialachán (AE) 2018/1139 mar a leanas: '*Glacfaidh an Coimisiún, an Ghníomhaireacht*

---

28 Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun an tAerspás Eorpach Aonair a chruthú (an creat- Rialachán); IO L 96, 31.3.2004, lch. 1, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san Aerspás Eorpach Aonair; IO L 56, 25.2.2019, lch. 1.

29 Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/672/AE ón gCoimisiún an 24 Meán Fómhair 2014 maidir le hainmniú an Chomhlachta Athbhreithnithe Feidhmíochta ar an Aerspás Eorpach Aonair; IO L 281, 25.9.2014, lch. 5.

*agus údaráis inniúla na mBallstát, i gcomhar lena chéile, páirt go tráthrialta i malartú agus in anailísiú na faisnéise atá sa Stór Lárnach Eorpach*.'

I gcomhréir leis na ceanglais sin, tá Athbhreithniú Bliantúil ar an tSábháilteacht (ASR) á fhoilsiú ag EASA ó bhí 2005 ann. Leis an anailís a chuirtear i láthair san athbhreithniú seo, soláthraítear an t-ionchur bunaithe ar shonraí lena dtacaítear leis an gcinnteoireacht is gá le haghaidh EASp. Soláthraítear in ASR achoimre staitistiúil ar an tsábháilteacht eitlíochta i mBallstáit EASA agus sainaithnítear ann na dúshláin sábháilteachta is mó atá le sárú ag an eitlíocht Eorpach sa lá atá inniu ann.

Soláthraítear punanna sonraí le haghaidh gach fearainn eitlíochta agus déantar forbairt iontu sin ar obair na mblianta roimhe sin. Léirítear leo na tosca cúisíocha agus rannchuiditheacha a sainaithníodh i sonraí ar tharluithe, arna gcrostagairt leis na príomhréimsí riosca (nó príomhthorthaí timpiste) lena gcuireann siad.

Dírítear san anailís ASR ar rioscaí sábháilteachta eitlíochta bunaithe ar shonraí ar tharluithe. Is cuid de Phróiseas SRM Eorpach leanúnach í an obair sin. Tacaítear leis le forbairt punanna riosca sábháilteachta fearainn agus soláthraítear leis liosta príomhréimsí riosca ar a mbunófar an tosaíocht a thabharfar do ghníomhaíochtaí le haghaidh EASp.

Cosúil leis an gceanglas atá ar EASA, ceanglaítear freisin ar na Ballstáit athbhreithniú bliantúil ar an tsábháilteacht a fhoilsiú. Go deimhin, in Airteagal 13 maidir le hanailís ar tharluithe agus bearta leantacha ar leibhéal náisiúnta de Rialachán (AE) Uimh. 376/2014, léirítear go bhfoilseoidh gach Ballstát athbhreithniú ar an tsábháilteacht gach bliain ar a laghad chun an pobal a chur ar an eolas faoin leibhéal sábháilteachta san eitlíocht shibhialta. Maidir leis an athbhreithniú sin ar an tsábháilteacht:

(a) beidh faisnéis chomhiomlánaithe agus anaithnid ann maidir leis an gcineál tarluithe agus faisnéise a bhaineann le sábháilteacht a thuairiscítear trína chórais náisiúnta tuairiscithe éigeantaigh agus dheonaigh;

(b) sainaithneofar treochtaí;

(c) sainaithneofar an beart atá déanta aige.

## 2.4. Ceanglais Bainistíochta Sábháilteachta le haghaidh Údarás agus Eagraíochtaí

Mar thoradh ar fhorbairt na rialacha cur chun feidhme a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139, glacadh dhá shraith shonracha ceanglas le haghaidh údarás agus eagraíochtaí faoi seach:

a. Ceanglais ar Údaráis lena dtugtar aird chuí ar na hocht ngné chriticiúla de chóras maoirseachta aershábháilteachta arna sainiú le foscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn 19 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, lena dtacaítear dá bhrí sin le cur chun feidhme SSPanna, agus lena gcomhlíontar freisin an cuspóir maidir leis an gcaighdeánú a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1139. Áirítear leo freisin gnéithe atá fíor- riachtanach chun córas cuimsitheach bainistíochta sábháilteachta eitlíochta a bhunú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh lena gcuimseofar freagrachtaí an Aontais agus na mBallstát maidir leis an mbainistíocht sábháilteachta.
b. Ceanglais ar Eagraíochtaí, i bhformhór na limistéar eitlíochta, lena n-áirítear ceanglais ghinearálta chomhdhlúite le haghaidh córais bhainistíochta (sábháilteachta). Glacadh rialacha in 2021/2022 lena n-éilítear córais bhainistíochta i réimse na

haeracmhainneachta tosaigh agus leanúnaí[30] rud a fhágann go gcomhlíonann creat rialála an Aontais caibidil 4 d'Iarscríbhinn 19 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago lena sainítear ceanglais SMS. Is é is aidhm do na ceanglais sin ar eagraíochtaí SARPanna in Iarscríbhinn 19 ICAO a leabú ar bhealach lena n-áiritheofar comhoiriúnacht leis na córais bhainistíochta atá ann faoi láthair agus bainistíocht chomhtháite a spreagadh. Tá solúbthacht sna ceanglais maidir le córais bhainistíochta chun an córas a chur in oiriúint do mhéid, cineál nó castacht gníomhaíochtaí d'eagraíochtaí eitlíochta agus dul in oiriúint do cibé samhail ghnó a leanann siad, agus dá bhrí sin freastalaítear ar chur i bhfeidhm comhréireach.

Is é is aidhm do cheanglais ghinearálta an chórais bainistíochta creat bainistíochta sábháilteachta aonair a chur chun cinn le haghaidh gach eagraíochta formheasta faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2018/1139. I gcás na réimsí teicniúla éagsúla, comhlánaítear na Ceanglais ghinearálta sin ar Údaráis agus ar Eagraíochtaí le ceanglais níos sonraí (mar shampla: ceanglais mhonatóireachta ar shonraí eitilte i gcás aeroibreoirí).

Thairis sin, tá na Ceanglais sin ar Údaráis agus ar Eagraíochtaí á leasú le forálacha sonracha maidir le bainistíocht slándála faisnéise.

Agus na ceanglais sin á gcomhlánú, áirithítear le Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 go ndéanann eagraíochtaí agus údaráis inniúla guaiseacha a shainaithint agus rioscaí sábháilteachta a bhainistiú trí bhailiú, anailís agus bearta leantacha i leith tarluithe san eitlíocht shibhialta. Amhail ó mhí Eanáir 2023, forchuirtear leis an Rialachán seo ar na húdaráis agus ar EASA ERCS a úsáid (féach roinn 2.1).

Rinneadh meastóireacht ar Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 in 2019. Baineadh de thátal as go bhfuil an Rialachán ábhartha i gcónaí fiú i bhfianaise na bhforbairtí le déanaí san earnáil eitlíochta, amhail an méadú tapa ar oibríochtaí aerárthaigh gan foireann, chomh maith leis na bagairtí atá ag dul i méid maidir leis an gcibearshlándáil. Cé gur cinneadh sa mheastóireacht go bhfuil solúbthacht leordhóthanach sa Rialachán chun dul i ngleic leis na forbairtí sin ar bhealach éifeachtúil, aithnítear freisin gur cheart breithniú a dhéanamh ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1018 ón gCoimisiún a thabhairt cothrom le dáta tríd an liosta tarluithe a thuairiscítear go héigeantach agus na réimsí sonraí éigeantacha a thabhairt cothrom le dáta chun bailiú sonraí sábháilteachta a eascraíonn as na fearainn nua eitlíochta sin a chumasú.

## 3. ÁIRITHIÚ NA SÁBHÁILTEACHTA EORPAÍ

### 3.1 Maoirseacht Aershábháilteachta[31]

Áirítear le maoirseacht aershábháilteachta san Aontas Eorpach gníomhaíochtaí maoirseachta agus faireachais ar na heagraíochtaí sin atá formheasta ag EASA agus orthu sin atá formheasta ag na Ballstáit freisin. Áirítear leis freisin faireachán ar na Ballstáit chun cur chun feidhme ceart na reachtaíochta Eorpaí maidir leis an tsábháilteacht eitlíochta a áirithiú.

---

[30] Aeracmhainneacht tosaigh: Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2022/201 an 10/12/2021 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2022/203 an 14/02/2022, Aeracmhainneacht Leanúnach: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1963 an 08/11/2021

[31] Chun críoch an doiciméid seo, tagraíonn 'maoirseacht' don mhaoirseacht arna déanamh ag eagraíochtaí deimhnithe ag a n-údarás inniúil agus don fhaireachán ar chur i bhfeidhm na rialacha i mBallstáit EASA arna dhéanamh ag EASA i gcomhthéacs imscrúduithe ar an gcaighdeánú.

Le Rialachán (AE) 2018/1139 agus a rialacha cur chun feidhme a rialaítear an mhaoirseacht aershábháilteachta san Aontas go príomha (tá faisnéis bhreise i Léaráid 1 ar an reachtaíocht is infheidhme).

### *3.1.1 Faireachán ar chur i bhfeidhm na rialacha sna Ballstáit*

Leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (CE) Uimh. 628/2013 ón gCoimisiún[32] na modhanna oibre chun imscrúduithe ar an gcaighdeánú a dhéanamh agus chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na reachtaíochta sábháilteachta ábhartha ag údaráis inniúla na mBallstát. EASA a dhéanann na himscrúduithe sin ar an gcaighdeánú mar aon leis na bearta leantacha ina leith (féach ranna 3.2.1 agus 1.6.1 freisin).

### *3.1.2 Maoirseacht ar eagraíochtaí deimhnithe*

Tá an mhaoirseacht aershábháilteachta ina cuid den phróiseas bainistíochta sábháilteachta atá tiomnaithe do chomhlíonadh éifeachtach na gceanglas sábháilteachta agus na nósanna imeachta a bhaineann leo i reachtaíocht an Aontais a áirithiú.

Áirithítear leis an maoirseacht aershábháilteachta go bhfuil leibhéal sábháilteachta i dtionscal na heitlíochta Eorpaí atá i gcomhréir lena sainítear le rialacha an Aontais. Dá bhrí sin, tá freagrachtaí na mBallstát aonair agus EASA as an maoirseacht aershábháilteachta ar an mbunchloch ar a dtógtar an tsábháilteacht eitlíochta agus le haghaidh aitheantas frithpháirteach ceadúnas agus deimhnithe laistigh den Aontas Eorpach.

Le tabhairt isteach na gCeanglas ar Údaráis, áirítear leis an maoirseacht sin faireachán leanúnach ar fheidhmíocht sábháilteachta eagraíochtaí lena mbreithnítear rioscaí sonracha a eascraíonn as a ngníomhaíochtaí (féach roinn 3.2.2 freisin).

## 3.2 Maoirseacht bunaithe ar shonraí sábháilteachta a dhíriú ar réimsí a bhfuil imní nó gá níos mó ag baint leo

### *3.2.1 Maoirseacht bunaithe ar shonraí sábháilteachta a dhíriú ar na Ballstáit*

San Aontas, leantar cur chuige rioscabhunaithe le haghaidh imscrúduithe ar an gcaighdeánú ar na Ballstáit arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht ina ndéantar eatramh na n-imscrúduithe, raon feidhme agus doimhneacht na n-imscrúduithe, chomh maith le méid agus comhdhéanamh na foirne, a chur in oiriúint do chás sonrach gach Ballstáit agus earnála.

Déantar an faireachán sin ar bhonn leanúnach, tugann sé aghaidh ar an gcóras eitlíochta iomlán agus tá sé bunaithe ar riosca, agus cuirtear san áireamh ann an fhaisnéis go léir atá ar fáil do EASA. Chuige sin, déanann EASA measúnú ar chumas na n-údarás inniúil a bhfreagrachtaí maoirseachta aershábháilteachta a chomhlíonadh. Cuimsítear leis sin bailiú sonraí agus anailís, imscrúduithe a dhéanamh de réir mar is gá agus bearta leantacha a dhéanamh i leith na dtorthaí lena áirithiú go ndéantar ceartúcháin agus bearta ceartaitheacha iomchuí a chur chun feidhme go tráthúil.

Tá an caighdeánú ina chuid den bhailiú sonraí sábháilteachta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a bhfuil gá leis chun guaiseacha a shainaithint agus cumasaítear leis maoirseacht bunaithe ar shonraí sábháilteachta a dhíriú ar réimsí a bhfuil imní nó gá níos mó ag baint leo.

Dírítear an straitéis maidir le caighdeánú ar na príomhréimsí seo a leanas:

---

[32] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 628/2013 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2013 maidir le modhanna oibre Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa chun imscrúduithe ar an gcaighdeánú a dhéanamh agus chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm rialacha Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 736/2006 ón gCoimisiún (Téacs atá ábhartha maidir le LEE); IO L 179, 29.6.2013, lch. 46.

- **Cur chun feidhme Cur Chuige Faireacháin Leanúnaigh**: Le Rialachán (AE) Uimh. 628/2013, tugtar isteach córas chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm aonfhoirmeach na Rialacha Eorpacha maidir leis an tSábháilteacht Eitlíochta ar cheart é a leathnú chun gach fearann den eitlíocht a chumhdach.
- **Pleanáil rioscabhunaithe d'imscrúduithe ar an gcaighdeánú**: sa chur chuige faireacháin leanúnaigh, déantar eatramh an imscrúdaithe, raon feidhme agus doimhneacht an imscrúdaithe, chomh maith le méid agus comhdhéanamh na foirne, a chur in oiriúint do chás sonrach gach Ballstáit agus earnála. Tá mar thoradh air sin úsáid níos solúbtha agus níos éifeachtúla acmhainní agus ualach laghdaithe ar na Stáit sin a fheidhmíonn go maith agus dá bhrí sin ní gá imscrúdú a dhéanamh orthu chomh minic céanna. Déantar fíorú comhlíontachta rialála a chumasc de réir a chéile leis an bhfaireachán ar fheidhmíocht an chórais/phróisis, agus féachtar ar éifeachtacht shistéamach Chórais Bhainistíochta na nÚdarás Inniúil agus Chláir Sábháilteachta na Stát.
- **Gníomhaíochtaí EASA maidir leis an gcaighdeánú agus clár USOAP ICAO a chomhtháthú**: cothaítear leis an socrú oibre reatha comhar méadaithe agus comhtháthú gníomhaíochtaí idir EASA agus ICAO. Is iad idirphlé leanúnach, malartú faisnéise agus sonraí, rannpháirtíocht in imscrúduithe agus in iniúchtaí a chéile na huirlisí a shainaithnítear chun na críche sin agus é mar chuspóir leo go bhféadfaí ceanglais agus caighdeáin an Aontais agus ICAO ar aon a chomhlíonadh a mhéid is féidir le haon phróiseas comhtháite amháin.
- **Comhtháthú measúnuithe ar chur chun feidhme Clár Sábháilteachta Stáit faoi raon feidhme chaighdeánú EASA**: ó bhí 2022 ann, baintear úsáid as imscrúduithe ar an gcaighdeánú chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach Chláir Sábháilteachta Stáit na mBallstát agus na bPleananna Stáit gaolmhara um Shábháilteachta. I gcomhréir leis an gcur chuige bunaithe ar fheidhmíocht arna ghlacadh ag ICAO ina gcothaítear cur chun feidhme SSP de réir a chéile agus ina dtacaítear leis, déanann EASA measúnú ar leibhéal cur chun feidhme SSP leis na cúig leibhéal aibíochta a shainítear i modheolaíocht an Mheasúnaithe ar Chur Chun Feidhme Cláir Sábháilteachta Stáit (SSPIA) de chuid ICAO.
- **Rannpháirtíocht bhaill foirne na nÚdarás Inniúil i ngníomhaíochtaí um chaighdeánú**: chun caighdeánú réamhghníomhach a bhaint amach agus chun leibhéal leordhóthanach cáilíochta foirne a chur chun cinn ar fud na hEorpa. Ina theannta sin, soláthraítear le cruinnithe ar an gcaighdeánú na fóraim chun teacht ar chomhaontú maidir le tuiscint chomhchoiteann ar na ceanglais, léirmhínithe a sholáthar, agus dea- chleachtais a chomhroinnt, agus ar an gcaoi sin tacú le cur chun feidhme aonfhoirmeach na rialacha.
- **Sásra aiseolais rialála atreisithe**: tá an sásra aiseolais reatha á chuíchóiriú agus á fheabhsú chun meastóireacht chórasach a dhéanamh ar éifeachtacht na rialacha agus torthaí na ngníomhaíochtaí um chaighdeánú a thabhairt do ghníomhaíochtaí bainistíochta sábháilteachta, déanta rialacha agus cur chun cinn na sábháilteachta.

### *3.2.2 Maoirseacht bunaithe ar shonraí sábháilteachta a dhíriú ar an tionscal*

Faoi na ceanglais ar údaráis i ndlí an Aontais, is gá clár maoirseachta a fhorbairt agus nádúr sonrach na heagraíochta, castacht a gníomhaíochtaí, torthaí deimhnithe roimhe seo agus/nó gníomhaíochtaí maoirseachta á gcur san áireamh, bunaithe ar an measúnú ar rioscaí gaolmhara. Amhail ó 2023, tacóidh cur i bhfeidhm ERCS ag an údarás inniúil maidir le tarluithe arna dtuairisciú ag eagraíochtaí leis an measúnú ar na rioscaí gaolmhara.

Laghdóidh an t-údarás an timthriall pleanála maoirseachta má tá fianaise ann gur tháinig laghdú ar an bhfeidhmíocht sábháilteachta agus ar chomhlíontacht rialála na heagraíochta. I gcás ina léiríonn an eagraíocht leibhéal ard feidhmíochta sábháilteachta agus comhlíontachta rialála, féadfaidh an t-údarás síneadh a chur leis an timthriall pleanála maoirseachta. Ach maoirseacht a dhíriú bunaithe ar riosca agus ar fheidhmíocht ar an gcaoi sin, áirithítear go mbaintear an úsáid is éifeachtúla is féidir as na hacmhainní maoirseachta atá ar fáil sna Ballstáit agus in EASA araon.

Thairis sin, le maoirseacht atá bunaithe ar riosca agus ar fheidhmíocht, spreagtar an smaointeoireacht faoin mbainistíocht sábháilteachta, dírítear ar chur ar a gcumas d'eagraíochtaí rioscaí a bhainistiú nach dtugtar aghaidh orthu le rialacháin, agus cruthaítear dreasachtaí le haghaidh chur chun feidhme éifeachtach na bainistíochta sábháilteachta trí laghdú féideartha ar an ualach maoirseachta. Dá bhrí sin, tacaíonn sé le cur chun feidhme éifeachtach fhorálacha an chórais bainistíochta sna rialacha cur chun feidhme le haghaidh eagraíochtaí.

Tacaíonn EASA le maoirseacht bunaithe ar shonraí sábháilteachta a dhíriú ar an tionscal trí liosta a thabhairt de na príomhrioscaí agus na saincheisteanna sábháilteachta is infheidhme i ngach fearann agus tuairisc a thabhairt orthu, mar chuid de EASp. Cuireadh cleachtais le haghaidh maoirseacht bunaithe ar riosca ar fáil do na Ballstáit freisin agus déantar iad a phlé go tráthrialta le comhlachtaí teicniúla (TeB) na Bainistíochta Sábháilteachta[33].

33 Teimpléad Tuarascála EASA (europa.eu)

## 4. CUR CHUN CINN NA SÁBHÁILTEACHTA EORPAÍ[34]

Tá cur chun cinn na sábháilteachta ina phríomhchuid de chlár sábháilteachta agus de bhainistíocht sábháilteachta éifeachtach. Féadfar rioscaí sábháilteachta a mhaolú ach feasacht a mhéadú ar cheachtanna sábháilteachta a fhoghlaimítear, dea- chleachtais a chur in iúl agus nósanna imeachta agus rialacháin sábháilteachta a mhíniú. Is cuid de chothabháil dea- chultúir sábháilteachta é sin i gcóras eitlíochta na hEorpa.

I gcás inar féidir, baintear úsáid as cur chun cinn na sábháilteachta mar rogha éadrom éifeachtach in ionad déanamh rialacha agus maoirseacht. Tacaíonn sé le tuiscint níos fearr ar rialacháin an Aontais maidir leis an eitlíocht shibhialta agus soláthraíonn sé faisnéis bhreise ar bhfaisnéis sábháilteachta agus ar an anailís ar thorthaí. Soláthraítear leis an straitéis faisnéis leanúnach ar réimse leathan topaicí sábháilteachta ar leibhéal fearainn, agus cuirtear an t-inneachar teicniúil in oiriúint dá spriocphobal (idir ard- inneachar le haghaidh gairmithe speisialaithe go hinneachar bunúsach le haghaidh an phobail i gcoitinne). Úsáidtear réimse leathan uirlisí cumarsáide chun teachtaireachtaí sábháilteachta a scaipeadh, lena n-áirítear na meáin shóisialta.

Cuimsítear le cur chun cinn na sábháilteachta obair ghinearálta nó spriocdhírithe lena ndéantar faisnéis ar an tsábháilteacht a chur in iúl do pháirtithe leasmhara eitlíochta agus a scaipeadh orthu. Tiomáintear an ghníomhaíocht leis an bpróiseas Bainistíochta Riosca Sábháilteachta Eorpaí ina ndéantar anailís ar shonraí agus ina ngintear gníomhaíochtaí maolaithe riosca sábháilteachta, mar a dtugtar tuairisc air i gcaibidil 2.

Na Ballstáit a dhéanann roinnt gníomhaíochtaí um chur chun cinn na sábháilteachta ar an leibhéal náisiúnta agus tá mionsonraí orthu sin i gCláir Sábháilteachta Stáit na mBallstát. EASA a dhéanann comhordú air sin tríd an Líonra um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta, ar bunaíodh é mar chomhpháirtíocht dheonach idir EASA, na Ballstáit agus eagraíochtaí eitlíochta eile. Is é cuspóir an Líonra um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta feabhas a chur ar an tsábháilteacht eitlíochta san Eoraip trí chreat a sholáthar le haghaidh comhair maidir leis na gníomhaíochtaí um chur chun cinn na sábháilteachta ar fud na mBallstát.

Ar mhaithe le comhthairbhe agus cuspóir coiteann, déanann baill an Líonra um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta faisnéis a mhalartú, gníomhaíochtaí a chomhordú, comhar a dhéanamh ar chomhghníomhaíochtaí agus iad a chomhroinnt, agus dul i gcomhar chun an acmhainneacht le haghaidh gníomhaíochtaí a mhéadú, lena n-áirítear maidir le dearadh, forbairt, foilsiú, aistriú, agus scaipeadh faisnéise sábháilteachta. Ina theannta sin, féachann an Líonra um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta ar uirlisí coiteanna agus forbraíonn modhanna chun tomhas a dhéanamh ar éifeachtacht táirgí um chur chun cinn na sábháilteachta a scaipeadh.

Ar leibhéal Eorpach, EASA a dhéanann formhór na ngníomhaíochtaí um chur chun na sábháilteachta a stiúradh agus a chomhordú. Sa chomhthéacs sin, chruthaigh EASA gníomhaíocht clárúcháin chomhtháite lena n-áirithítear go dtéann gníomhaíochtaí um chur chun cinn na sábháilteachta agus gníomhaíochtaí rialála i ngleic le rioscaí sábháilteachta ar an mbealach is éifeachtúla, agus go gcomhlánaíonn siad a chéile i réimsí áirithe. Sa chomhthéacs sin, cruthaíonn EASA pacáistí Eorpacha sainiúla um chur chun cinn na sábháilteachta ag brath ar an bhfearann oibriúcháin agus ar na topaicí sábháilteachta atá á gcur chun cinn agus é mar chuspóir leo cur le for- rochtain na dtáirgí um chur chun cinn na sábháilteachta. Déantar é sin leis na brandaí 'Together4Safety' le haghaidh gníomhaíochtaí eitlíochta tráchtála

34 https://www.easa.europa.eu/domains/safety-management/safety-promotion

gairmiúla agus 'Club na nEitleoirí' le haghaidh na heitlíochta ginearálta le píolótaí príobháideacha. Ag an am céanna, atreisítear gníomhaíochtaí comhpháirtíochta sábháilteachta le hiomlán na bpáirtithe leasmhara ar leibhéal fearainn lena gcumhdaítear Oibríochtaí Aeir Tráchtála (lena n-áirítear aeradróim agus BAT), rótarárthaí, an Eitlíocht Ghinearálta, agus ladrainn. Tuigtear go bhfuil riachtanais an- éagsúil ag páirtithe leasmhara eitlíochta éagsúla i dtéarmaí faisnéise agus bealaí cumarsáide, áirithítear leis an gcur chuige fearann- bhunaithe go bhféadfaidh cur chun cinn na sábháilteachta riachtanais shonracha gach coda den phobal eitlíochta a chomhlíonadh. Tá réimse tiomnaithe ag gach fearann ar shuíomh gréasáin EASA agus tá suíomh gréasáin pobail dá chuid féin ag na chéad trí fhearann chun an comhordú le páirtithe leasmhara a neartú.

Go luath in 2019, sheol EASA Straitéis nua um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta ina nglactar cur chuige níos réamhghníomhaí maidir leis an gcaoi a ndéanann EASA cumarsáid le pobal na heitlíochta Eorpaí. Trí Together4Safety agus Club na nEitleoirí (le haghaidh na hEitlíochta Ginearálta), déanann EASA iarracht a bheith chun tosaigh maidir le cur chun cinn na sábháilteachta san Eoraip agus ar fud an domhain a bhfuil branda aitheanta aige lena gcruthaítear spéis agus rannpháirtíocht agus lena gcabhraítear leis an tsábháilteacht a fheabhsú.

## 4.1 Gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh

### *4.1.1 Cumarsáid maidir leis an tsábháilteacht*

Ach faisnéis maidir leis an tsábháilteacht a chur in iúl, cabhraítear le cultúr sábháilteachta láidir a chruthú. Ar na táirgí cumarsáide maidir leis an tsábháilteacht san Aontas Eorpach, áirítear tuarascálacha ar anailís ar an tsábháilteacht; feasacháin, bileoga agus póstaeir; ábhar closamhairc; sraitheanna straitéisí, lámhleabhair agus treoirleabhair; pleananna agus cláir; ceardlanna agus imeachtaí sábháilteachta eile. Forbraítear tonnadóir d'inneachar cur chun cinn na sábháilteachta le haghaidh gach taisc lena gcuirtear le chéile na pacáistí táirgí insoláthartha is éifeachtaí le haghaidh an ábhair sábháilteachta atá á bhreithniú. Déantar táirgí insoláthartha a chur chun cinn ar na meáin shóisialta agus trí chomhpháirtithe comhoibríocha EASA chun for- rochtain teachtaireachtaí sábháilteachta a uasmhéadú.

#### 4.1.1.1 Cumarsáid shainordaitheach maidir leis an tsábháilteacht

Le Rialachán (AE) 2018/1139, ceanglaítear ar EASA Athbhreithniú Bliantúil ar an tSábháilteacht[35] a fhoilsiú chun an pobal a chur ar an eolas maidir leis an leibhéal sábháilteachta ginearálta i réimse na heitlíochta sibhialta. San Athbhreithniú Bliantúil ar an tSábháilteacht, cuirtear i láthair faisnéis ar an tsábháilteacht eitlíochta sibhialta san Eoraip agus ar fud an domhain (féach roinn 2.3.3).

Ceanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 bunachar moltaí sábháilteachta a bhunú. Tá an bunachar moltaí sin ar fáil go poiblí ar líne[36].

#### 4.1.1.2 Cumarsáid neamh- shainordaitheach maidir leis an tsábháilteacht

Foilsíonn EASA Feasacháin Faisnéise Sábháilteachta (SIBanna)[37] chun páirtithe leasmhara a chur ar an eolas. Tá SIBanna ar fáil go poiblí agus déantar iad a athbhreithniú agus a

35 http://easa.europa.eu/newsroom-and-events/general-publications

36 http://eccairs-dds.jrc.ec.europa.eu/pubsris/default.asp

athnuachan go tráthrialta. Ina theannta sin, foilsíonn an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar an dul chun cinn ar bhearta leantacha i leith Moltaí Sábháilteachta[38].

4.1.1.3 Ceardlanna agus comhdhálacha ar an tsábháilteacht

Reáchtálann EASA feachtais sábháilteachta chun dul i ngleic le saincheisteanna sábháilteachta sonracha a eascraíonn as tarluithe, rioscaí sábháilteachta a shainaithnítear, saincheisteanna a thagann chun cinn, nó iniúchtaí sábháilteachta.

Ina theannta sin, reáchtálann EASA ceardlanna agus comhdhálacha go tráthrialta chun faisnéis ar an tsábháilteacht a scaipeadh ar pháirtithe leasmhara Eorpacha agus chun deis a sholáthar le haghaidh plé ar ábhair a bhaineann leis an tsábháilteacht, lena n-áirítear torthaí imscrúduithe. Thairis sin, eagraíonn an Ghníomhaireacht Comhdháil Sábháilteachta ar bhonn bliantúil.

Eagraíonn an Coimisiún comhdhálacha agus seimineáir go tráthrialta ar shaincheisteanna a bhaineann leis an tsábháilteacht eitlíochta. Ina theannta sin, reáchtálann sé ceardlanna agus gníomhaíochtaí chun tacú le scaipeadh ceart rialacha sábháilteachta áirithe agus le tuiscint cheart orthu, amhail Rialacháin (AE) Uimh. 376/2014 agus (AE) Uimh. 996/2010.

4.1.1.4 Faisnéis ar líne

Tá raon leathan faisnéise agus doiciméadachta ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin EASA[39] agus ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin atá tiomnaithe don Bheartas Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta[40].

Ina theannta sin, úsáidtear líonraí rochtana srianta go minic chun faisnéis a bhaineann leis an tsábháilteacht a mhalartú idir EASA, an Coimisiún agus na Ballstáit, chomh maith leis an tionscal.

## 4.2 Oiliúint ar leibhéal an Aontais Eorpaigh

San Aontas Eorpach, áirítear le gníomhaíochtaí oiliúna na heagraíochtaí eitlíochta atá rannpháirteach i gcur chun feidhme an Chláir Eorpaigh um Shábháilteacht Eitlíochta: Údaráis Náisiúnta Inniúla na mBallstát, Údaráis Imscrúduithe Sábháilteachta agus an Tionscal.

Faoi Rialachán (AE) Uimh. 376/2014, ceanglaítear ar an gCoimisiún agus ar an nGníomhaireacht tacú leis na Ballstáit le hoiliúint iomchuí.

Faoi Rialachán (AE) 2018/1139, is iad eagraíochtaí agus údaráis inniúla atá freagrach as an leibhéal oiliúna a choinneáil ar bun dá mbaill foirne le go n-áirithítear lena leibhéal inniúlachta feidhmiú ceart a dtascanna. Thairis sin, ceanglaítear ar na húdaráis inniúla comhlíonadh a n-oibleagáidí ag eagraíochtaí a éascú maidir le córas bainistíochta a chur chun feidhme lena mbaineann oideachas nó oiliúint ábhartha i gcás inarb indéanta nó iomchuí.

37 http://ad.easa.europa.eu/sib-docs/page-1

38http://easa.europa.eu/easa-and-you/safety-management/accident-and-incident-investigation-support/safety-recommendations

39 http://easa.europa.eu/

40 http://ec.europa.eu/transport/modes/air/safety/index_en.htm

Ina theannta sin, tá cumais oiliúna nua á bhforbairt lena áirithiú go mbeidh na scileanna ábhartha acu siúd go léir atá rannpháirteach chun cur chun feidhme rathúil an chur chuige bunaithe ar fheidhmíocht a áirithiú.

Déanann EASA a dhícheall ardleibhéal eolais agus inniúlachta a choinneáil ar bun agus fanacht cothrom le dáta maidir leis na forbairtí is déanaí san eitlíocht laistigh de réimsí a ghníomhaíochtaí. Déanann EASA cúrsaí a fhorbairt agus a sholáthar dá fhostaithe agus do bhaill foirne údarás inniúil na mBallstát.

D'fhorbairt EASA córas ríomhscrúdaithe agus coinníonn ar bun é trína shuíomh gréasáin, bunaithe ar bhunachar ceisteanna. Cuirtear é sin ar fáil ar bhonn deonach do mhic léinn eagraíochtaí oiliúna nó do mhic léinn a chuir oiliúint orthu féin trí chóras lárionad scrúdaithe bunaithe, rud a sholáthraíonn an deis chun deimhniú a fháil.

Thairis sin, soláthraíonn EASA cúnamh d'údaráis chomhpháirtíochta chun a n-oibleagáidí idirnáisiúnta (e.g. ICAO, Rialacháin AE) a chomhlíonadh agus cuireann sé chun feidhme tionscadail chomhair in Eitlíocht Shibhialta an Aontais i roinnt réigiún timpeall an domhain, lena n-áirítear tíortha comharsanacha an Aontais, Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, an Afraic agus Meiriceá Laidineach.

## LIOSTA ACRAINMNEACHA

| | |
|---|---|
| ABanna | comhlachtaí comhairleacha |
| ACAS | córas seachanta imbhuailtí ar eite |
| ALoSP | Leibhéal Feidhmíochta Sábháilteachta Inghlactha |
| AMC | modh inghlactha comhlíonta |
| AMS | seirbhísí bainistíochta naprúin |
| SAL | seirbhísí aerloingseoireachta |
| AOC | teastas aeroibreora |
| ASR | Athbhreithniú Bliantúil ar an tSábháilteacht |
| BAT | bainistíocht aerthráchta |
| BIS | straitéis idirghabhála is fearr |
| BR | Bunrialachán |
| CAEP | Coiste um Chosaint an Chomhshaoil Eitlíochta (ICAO) |
| CAMO | eagraíocht um bainistiú leanúnach aeracmhainneachta — Iarscríbhinn Vc (Cuid-CAMO) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún |
| CAO | eagraíocht aeracmhainneachta comhcheangailte — Iarscríbhinn Vd (Cuid-CAO) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún |
| CC | foireann cábáin — Iarscríbhinn V (Cuid-CC) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún |
| CS | sonraíocht deimhniúcháin |
| DAT | soláthraithe sonraí – Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/373 |
| DR | rialachán tarmligthe |
| DS | sonraíocht mhionsonraithe |
| DTO | eagraíocht oiliúna dhearbhaithe |
| EASA | Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh |
| EASP | An Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta |

| | |
|---|---|
| EASPG | Grúpa Pleanála Chóras Eitlíochta an Réigiúin Eorpaigh (ICAO) |
| ECCAIRS | An Lárionad Eorpach Comhordúcháin um Chórais Tuairiscithe ar Thimpistí agus Teagmhais |
| ECDC | An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú |
| ECHA | An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán |
| ECR | Taisclann lárnach faisnéise ar tharluithe san eitlíocht shibhialta |
| EEA | An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil |
| EFTA | Comhlachas Saorthrádála na hEorpa |
| ENCASIA | An Líonra Eorpach d'Údaráis um Imscrúdú Sábháilteachta na hEitlíochta Sibhialta |
| EASp | An Plean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta |
| ETS | Córas Trádála Astaíochtaí (AE) |
| AE | An tAontas Eorpach |
| EUR RASP | Plean Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (ICAO) |
| EUR RESG | Grúpa Saineolaithe Réigiún na hEorpa ar an tSábháilteacht (ICAO) |
| EUR/NAT | An Eoraip/an tAtlantach Thuaidh (Oifig Réigiúnach ICAO) |
| EVT | tasc meastóireachta (EASp) |
| FAB | bloc feidhme aerspáis |
| FSTD | feiste oiliúna ionsamhalta eitilte |
| GANP | Plean Domhanda Aerloingseoireachta |
| GASeP | Plean Domhanda Slándála Eitlíochta |
| GASP | Plean Domhanda Sábháilteachta Eitlíochta (ICAO) |
| G-HRCanna | catagóirí ardriosca domhanda tarluithe |
| GM | ábhar treoraíochta |
| IATA | An Comhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta |
| ICAO | An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta |
| IR | rialachán cur chun feidhme |

| | |
|---|---|
| UAS | deimhniú oibreora córais aerárthaí éadroma gan foireann |
| MAB | Comhlacht Comhairleach na mBallstát |
| MB | Bord Bainistíochta |
| MST | Tasc Ballstáit (EASp) |
| NASP | plean sábháilteachta eitlíochta náisiúnta |
| NCA | údarás náisiúnta inniúil |
| NCC | Oibríochtaí neamhthráchtála le haerárthaí atá á gcumhachtú le mótar coimpléascach — Iarscríbhinn VI (Cuid-NCC) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún |
| NoAnna | líonra na n-anailísithe sábháilteachta eitlíochta |
| Cuid 21 | Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 — deimhniú aerárthaí agus táirgí, páirteanna agus fearais lena mbaineann, agus deimhniú eagraíochtaí deartha agus táirgthe |
| Cuid-145 | Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 — formheasanna eagraíochtaí cothabhála |
| Cuid-147 | Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 — ceanglais maidir le heagraíochtaí oiliúna cothabhála |
| Cuid-26 | Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/640 — sonraíochtaí breise maidir le haeracmhainneacht le haghaidh oibríochtaí |
| Cuid-66 | Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 – pearsanra deimhnithe um chothabháil |
| Cuid-AIS | Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/373 — ceanglais shonracha maidir le soláthraithe seirbhísí faisnéise aerloingseoireachta |
| Cuid-ARA | Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 — ceanglais údaráis maidir le foirne eitilte |
| Cuid-ARO | Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 — ceanglais údaráis maidir le hoibríochtaí aeir |
| Cuid-ART | Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 452/2014 — ceanglais údaráis maidir le húdarú oibreoirí tríú tír |
| Cuid-ASM | Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/373 — ceanglais shonracha maidir le soláthraithe bainistíochta aerspáis |
| Cuid-ATFM | Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/373 — ceanglais shonracha maidir le soláthraithe bainistíochta sreibhe |

| | |
|---|---|
| | aerthráchta |
| Cuid-ATM/ANS.AR | Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/373 — ceanglais maidir le húdaráis inniúla — formhaoirseacht seirbhísí agus feidhmeanna líonra BAT eile |
| Cuid-ATM/ANS.OR | Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/373 — ceanglais chomhchoiteanna maidir le soláthraithe seirbhíse |
| Cuid-ATS | Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/373 — ceanglais shonracha maidir le soláthraithe seirbhísí aerthráchta |
| Cuid-BFCL | Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/395 — ceanglais maidir le ceadúnú foirne eitilte balún |
| Cuid-BOP | Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/395 — oibríochtaí aeir balún |
| Cuid-CAMO | Iarscríbhinn Vc a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 — eagraíochtaí um bainistiú leanúnach aeracmhainneachta |
| Cuid-CNS | Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/373 — ceanglais shonracha maidir le soláthraithe seirbhísí cumarsáide, loingseoireachta, nó faireachais |
| Cuid-DAT | Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/373 — ceanglais shonracha maidir le soláthraithe seirbhísí sonraí |
| Cuid-DEF | Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/395 — sainmhínithe (balúin)<br>Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1976 — sainmhínithe (seoleitleáin) |
| Cuid-FCL | Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 — ceadúnú foirne eitilte |
| Cuid-FPD | Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/373 — ceanglais shonracha maidir le soláthraithe dearaidh nós imeachta |
| Cuid-M | Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 — ceanglais aeracmhainneachta leanúnaí |
| Cuid-MED | Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 — ceanglais maidir le deimhniú leighis píolótaí, dea- shláinte foirne cábáin, deimhniú scrúdaitheoirí aeraileighis, agus cáilíocht liachleachtóirí ginearálta agus liachleachtóirí sláinte ceirde |
| Cuid-MET | Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/373 — ceanglais shonracha maidir le soláthraithe seirbhísí meitéareolaíocha |
| Cuid-ML | Iarscríbhinn Vb a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 |

| | |
|---|---|
| | — ceanglais aeracmhainneachta leanúnaí ‘éadroma’ |
| Cuid-NCC | Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 — oibríochtaí neamhthráchtála le haerárthaí atá á gcumhachtú le mótar coimpléascach |
| Cuid-NCO | Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 — oibríochtaí neamhthráchtála le haerárthaí seachas aerárthaí atá á gcumhachtú le mótar coimpléascach |
| Cuid-NM | Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2017/373 — ceanglais shonracha maidir leis an mBainisteoir Líonra |
| Cuid-ORA | Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 — ceanglais eagraíochta maidir le foirne eitilte |
| Cuid-ORO | Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 — ceanglais eagraíochta maidir le hoibríochtaí aeir |
| Cuid-PERS | Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/373 — ceanglais maidir le soláthraithe seirbhíse a bhaineann le hoiliúint pearsanra agus measúnú inniúlachta |
| Cuid-SAO | Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1976 — oibríochtaí aeir seoleitleán |
| Cuid-SFCL | Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1976 — ceanglais maidir le ceadúnú foirne eitilte seoleitleán |
| Cuid-SPA | Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 — formheasanna sonracha |
| Cuid-SPO | Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 — oibríochtaí speisialaithe |
| Cuid-T | Iarscríbhinn Va a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 — aeracmhainneacht leanúnach aerárthaí a chláraítear i dtríú tír arna n-oibriú ag oibreoirí an Aontais nó ag oibreoirí a bhfuil cónaí orthu san Aontas |
| Cuid-TCO | Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 452/2014 — oibreoirí tríú tír |
| PCG | Grúpa Comhordaithe Cláir (ICAO) |
| T&N | taighde & nuálaíocht |
| REACH | Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán |
| RES | tasc taighde (EASp) |
| RMT | tasc déanta rialacha (EASp) |

| | |
|---|---|
| RSOO | Eagraíocht Réigiúnach um Maoirseacht Aershábháilteachta |
| SAB | Comhlacht Comhairleach Páirtithe Leasmhara |
| SAFA | Measúnú Sábháilteachta ar Aerárthaí Eachtracha |
| SARPanna | Caighdeáin agus Cleachtais Mholta (ICAO) |
| SERA | Rialacha caighdeánaithe Eorpacha aeir – Rialachán (AE) Uimh. 923/2012 |
| SES | Aerspás Eorpach Aonair |
| SESAR | Taighde um bainistíocht aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair |
| SIA | údarás um imscrúdú sábháilteachta |
| SIB | feasachán faisnéise sábháilteachta |
| SMS | córas bainistíochta sábháilteachta |
| SPAS | Plean Stáit um Shábháilteacht Eitlíochta |
| SPI | táscaire feidhmíochta sábháilteachta |
| SPN | Líonra um chur chun cinn na sábháilteachta |
| SPT | tasc um chur chun cinn na sábháilteachta (EASp) |
| SRIS | Córas Faisnéise maidir le Moltaí Sábháilteachta |
| SRM | bainistíocht riosca sábháilteachta |
| SSP | Clár Sábháilteachta Stáit |
| SSPIA | Measúnú ar chur chun feidhme Cláir Sábháilteachta Stáit |
| SYS 2.0 | Imscrúdú ar an gcaighdeánú san fhearann ‘Cumasóirí sistéamacha le haghaidh bainistíocht sábháilteachta’ (SYS). Tagraíonn 2.0 do Chéim II, ina leathnaítear raon feidhme an imscrúdaithe tosaigh chun measúnú ar chur chun feidhme éifeachtach SSP agus SPAS a chumhdach. |
| TCO | oibreoir tríú tír |
| TeB | comhlacht teicniúil (fochomhlacht MAB) |
| TeC | coiste teicniúil (fochomhlacht SAB) |
| CFAE | An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
| UAS | córas aerárthaí gan foireann |

| | |
|---|---|
| USOAP | An Clár Uilíoch um Iniúchadh ar Mhaoirseacht Sábháilteachta (ICAO) |
| USSP | Soláthraí seirbhíse U- space |